



TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN

Treoirlínte ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm an eisiaimh ó Airteagal 101 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh le haghaidh comhaontuithe inbhuanaitheachta táirgeoirí talmhaíochta de bhun Airteagal 210a de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

(C/2023/1446)

Clár Ábhar

Leathanach

1.	Réamhrá	3
1.1.	Comhthéacs ginearálta	3
1.1.1.	Comhthéacs beartais	3
1.1.2.	Eisiaimh ó Airteagal 101(1) CFAE a cruthaíodh le hAirteagal 210a	4
1.2.	Comhthéacs dlíthiúil an eisiaimh	5
1.2.1.	Níl feidhm ag Airteagal 210a ach amháin maidir le comhaontuithe inbhuanaitheachta a chuireann srian leis an iomaíocht	5
1.2.2.	B'fhéidir go mbainfí tairbhe as rialacha eile i gcás comhaontuithe inbhuanaitheachta lena gcuirtear srian ar iomaíocht agus nach gcomhlíonann coinníollacha Airteagal 210a ..	5
1.3.	Cuspóir agus raon feidhme na dtreoirlínte	6
2.	Raon feidhme pearsanta Airteagal 210a agus táirgí a chumhdaítear leis	6
2.1.	Sainmhíniú ar chomhaontú gnóthais agus ar chomhaontú inbhuanaitheachta faoi Airteagal 210a	6
2.2.	Raon feidhme pearsanta Airteagal 210a	7
2.3.	Táirge faoi raon feidhme Airteagal 210a	11
3.	Raon feidhme ábhartha Airteagal 210a	11
3.1.	Cuspóirí inbhuanaitheachta de bhun Airteagal 210a	12
3.2.	Caighdeán inbhuanaitheachta a chuirtear i bhfeidhm de bhun Airteagal 210a	14
3.2.1.	Ní mór caighdeán inbhuanaitheachta a bhaineann le cuspóir inbhuanaitheachta a shainaithint sa chomhaontú inbhuanaitheachta	14
3.2.2.	Ba cheart torthaí inlámhsithe agus intomhaiste a bheith mar thoradh ar chaighdeán inbhuanaitheachta nó, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, torthaí inbhraite agus intuairiscithe	14
3.2.3.	Ní mór do na caighdeán inbhuanaitheachta a bheith níos airde ná an caighdeán sainordaitheach ábhartha	15
4.	Srianta iomaíochta	17
4.1.	Céard is srian iomaíochta ann?	17
4.2.	An ní nach srian iomaíochta é?	18
5.	Fíor-riachtanas faoi Airteagal 210a	19
5.1.	Réamhrá	19
5.2.	An coincheap fíor-riachtanais	20

5.3.	Céim 1 - Fíor-riachtanas an chomhaontaithe inbhuanaitheachta	21
5.3.1.	An féidir an caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach trí ghníomhú go haonarach? ..	23
5.3.2.	Fíor-riachtanas na forála/na bhforálacha sa chomhaontú inbhuanaitheachta	25
5.4.	Céim 2 - Fíor-riachtanas na srianta ar iomaíocht	27
5.4.1.	Cineál an tsriain	28
5.4.2.	Déine an tsriain	29
5.5.	Samplaí de chur i bhfeidhm na tástála fíor-riachtanais	32
6.	Raon feidhme ama Airteagal 210a	36
6.1.	Comhaontuithe inbhuanaitheachta arna dtabhairt i gcrích roimh fhoilsiú na dtreoirlínte	36
6.2.	Force majeure	36
6.3.	Idirthréimhse	37
6.4.	I gcás nach mbaintear an caighdeán amach	37
6.5.	Athbhreithniú leanúnach ar fhíor-riachtanas	38
6.5.1.	Cé na cásanna ar dócha nach gcomhlíonfaí fíor-riachtanas a thuilleadh?	38
6.5.2.	Cé na roghanna atá ag na páirtithe i gcás ina meastar nach mbíonn na srianta fíor-riachtanach a thuilleadh?	40
7.	Córas tuairimí de bhun Airteagal 210a(6)	40
7.1.	Iarratasóirí na hiarrata	40
7.2.	Ábhar na hiarrata	41
7.3.	Measúnú an Choimisiúin agus ábhar na tuairime	41
7.4.	Teorainn ama chun tuairim a thabhairt	42
7.5.	Athrú ar imthosca tar éis ghlacadh na tuairime	42
7.6.	Éifeachtaí tuairime	43
8.	Idirghabháil <i>ex post</i> ag údarais iomaíochta náisiúnta agus ag an gCoimisiún faoi Airteagal 210a(7)	43
8.1.	Tá cuspóirí CBT i mbaol	43
8.2.	Eisiamh iomaíochta	45
8.3.	Gnéithe nós imeachta	46
9.	An dualgas cruthúnais maidir le coinníollacha airteagal 210a a chomhlíonadh	47
Iarscríbhinn A -	Sreabhchairt den mheasúnú faoi Airteagal 210a	48
Iarscríbhinn B -	sreabhchairt den mheasúnú ar an tástáil dosháraitheachta	49
Iarscríbhinn I -	Gluais	50
Iarscríbhinn D -	Airteagal 210a de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 – Tionscnaimh ingearacha agus chothrománacha i dtaobh na hinbhuanaitheachta	52

Iarscríbhinn E – Samplaí de shrianta ar iomaíocht	53
1. Srianta a bhaineann le praghas	53
2. Srianta a bhaineann le haschur	54
3. Srianta a bhaineann le hionchuir	54
4. Srianta a bhaineann le custaiméirí, soláthróirí nó críocha	55
5. Srianta a bhaineann le malartuithe faisnéise	56
6. Srianta a bhaineann leis an mbealach a leagtar síos caighdeáin inbhuanaitheachta	57

1. RÉAMHRÁ

1.1. Comhthéacs ginearálta

1.1.1. Comhthéacs beartais

- (1) Is é is aidhm do na treoirlínte seo na coinníollacha a mhíniú maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 210a de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ (an ‘Rialachán CEM’), a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2021/2117 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾ (‘Airteagal 210a’).
- (2) Tugadh Airteagal 210a isteach mar chuid d’athchóiriú 2021 ar Chomhbheartais Talmhaíochta (‘CBT’) an Aontais, chun tacú leis an aistriú chuig córas inbhuanaithe bia san Aontas agus chun seasamh táirgeoirí i slabhra an tsoláthair agraibhia a neartú.
- (3) Tagraítear d’fhorbairt inbhuanaithe in Airteagal 3(3), Airteagal 3(5) agus Airteagal 21(2), pointe (f) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus in Airteagal 11 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Is cuspóir tosaíochta í de bheartais an Aontais go ginearálta freisin. Thairis sin, tá an Coimisiún tiomanta do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (‘SDGanna’) na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme ⁽³⁾. I gcomhréir leis an ngealltanas sin, leagtar amach straitéis fáis sa Chomhaontú Glas don Eoraip chun sochaí níos cothroime agus níos rathúla a dhéanamh den Aontas, ag a mbeidh geilleagar nua-aimseartha, a bheidh tíosach ó thaobh acmhainní de agus iomaíoch, nach mbeidh aon ghlan-astaíocht gás ceaptha teasa ann ó 2050 ar aghaidh, agus ina mbeidh fás eacnamaíoch díchúpláilte ó úsáid acmhainní ⁽⁴⁾.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margáí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2021/2117 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margáí i dtáirgí talmhaíochta, (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint sonraí geografacha i ndáil le táirgí fíona cumhráithe, agus (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas (IO L 435, 6.12.2021, lch. 262).

⁽³⁾ Rún a ghlac an Comhthionól Ginearálta an 25 Meán Fómhair 2015, 70/1, I mBun Athraithe: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe.

⁽⁴⁾ Communication from the Commission to the European Parliament, the European Council, the Council, the European, Economic and Social Committee and the Committee of the Regions, The European Green Deal [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiúin, An Comhaontú Glas don Eoraip], (COM(2019)640 final).

- (4) Is ábhartha dhá straitéis lárnacha den Chomhaontú Glas maidir leis an slabhra soláthair agra-bhia. Leis an Straitéis Bhithéagsúlachta ^(?) socraítear an uailmhian maidir le cailtneas na bithéagsúlachta a aisiompú trí infheistíocht a dhéanamh i gcosaint agus in athchóiriú an dúlra. Leis an Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc ⁽⁶⁾ tugtar aghaidh ar bhealach iomlánaíoch ar dhúshláin na gcóras bia inbhuanaithe. Áirítear leis táirgeadh inbhuanaithe bia, próiseáil agus trádáil, ach bia inbhuanaithe don duine freisin, biachláir shláintiúla agus cur amú bia freisin. Féadann tairbhí comhshaoil, sláinte agus sóisialta a bheith ann de thoradh athruithe chuig córas inbhuanaithe bia mar aon le gnóthachain eacnamaíocha.
- (5) Tá roinnt spriocanna cainníochtúla neamhcheangailte liostaithe sa dá straitéis Chomhaontú Glas chun go gcuirfead feabhas ar inbhuanaitheacht na talmhaíochta faoi 2030, lena n-áirítear spriocanna maidir leis an méid seo a leanas: (i) laghdú a dhéanamh ar dhíolacháin foriomlána na bhfrithmhíocróbach a úsáidtear ar ainmhithe feirme agus i ndobharshaothrú; (ii) úsáid agus riosca foriomlán lotnaidicídí ceimiceacha agus úsáid lotnaidicídí níos guaisí a laghdú; laghdú a dhéanamh ar chaillteanais cothaitheach a ghabhann le húsáid leasachán; (iv) méadú a dhéanamh ar an méid talún atá faoi fheirmeoireacht orgánach; agus (v) méadú a dhéanamh ar mhéid na talún atá tiomnaithe do ghnéithe ard-éagsúlachta tírdhreach ⁽⁷⁾. Liostaigh na straitéisí roinnt gníomhaíochtaí, lena n-áirítear tionscnaimh reachtacha, chun na spriocanna sin a bhaint amach.
- (6) Tá príomh-ról lárnach ag oibreoirí i slabhra an tsoláthair agraibhia, go háirithe táirgeoirí aonair táirgí talmhaíochta ('táirgeoirí'), sna straitéisí sin, agus caighdeán éigeantacha an Aontais agus caighdeán éigeantacha náisiúnta á n-urramú acu. Is féidir leo inbhuanaitheacht a mhéadú freisin trí chaighdeán éigeantacha an Aontais agus caighdeán éigeantacha náisiúnta a sháru.
- (7) Mar a luaitear in aithris 62 den bhrollach a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2117, is féidir le tionscnaimh ingearacha agus chothrománacha áirithe a bhaineann le táirgí talmhaíochta agus bia, a bhfuil sé d'aidhm acu ceanglais atá níos déine ná na ceanglais éigeantacha a chur i bhfeidhm, éifeachtaí dearfacha a bheith acu ar chuspóirí inbhuanaitheachta ⁽⁸⁾. Thairis sin, is féidir le tionscnaimh den sórt sin seasamh na dtáirgeoirí sa slabhra soláthair a neartú agus a gcumhacht mhargála a mhéadú ⁽⁹⁾.
- (8) Ag an tráth céanna, d'fhéadfaí go ndéanfaí oibreoirí i slabhra an tsoláthair agraibhia a dhíspreagadh ó dhul i mbun comhair mar gheall ar na hacmhainní airgeadais is gá agus mar gheall ar imní faoi chur i bhfeidhm Airteagal 101(1) CFAE maidir le comhar den sórt sin.

1.1.2. Eisiámh ó Airteagal 101(1) CFAE a cruthaíodh le hAirteagal 210a

- (9) Le hAirteagal 210a cruthaítear eisiámh ó Airteagal 101(1) CFAE. Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle é de bhun Airteagal 42 CFAE. Cumhdaítear leis comhaontuithe, cinntí agus cleachtais chomhbheartaithe táirgeoirí táirgí talmhaíochta a bhaineann le táirgeadh i dtáirgí talmhaíochta nó le trádáil iontu agus a bhfuil sé d'aidhm leo caighdeán inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm atá níos airde ná mar a shainordaítear le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta. D'fhéadfadh comhaontuithe den sórt sin a bheith idir táirgeoirí ('comhaontuithe chothrománacha') nó idir táirgeoirí agus oibreoirí eile ar leibhéal éagsúla den slabhra soláthair agraibhia ('comhaontuithe ingearacha').
- (10) Chun críocha na dtreoirlínte seo, tagraíonn an téarma 'comhaontú inbhuanaitheachta' d'aon chineál comhaontaithe, cinnidh nó cleachtas comhbheartaithe a bhaineann le táirgeoirí, go cothrománach agus go hingearach araon, a bhaineann le táirgeadh nó trádáil táirgí talmhaíochta agus a bhfuil sé d'aidhm aige caighdeán inbhuanaitheachta níos airde a chur i bhfeidhm ná mar a shainordaítear le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta, gan beann ar chineál an chomhair.
- (11) Déantar comhaontuithe inbhuanaitheachta a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 210a a eisiámh ó chur i bhfeidhm Airteagal 101(1) CFAE agus ní éilítear aon réamhchinneadh chuige sin.

^(?) Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions, EU biodiversity Strategy for 2030 Bringing nature back into our lives' [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 An dúlra a thabhairt ar ais inár saol], (COM(2020)380 final).

⁽⁶⁾ Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions, A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally friendly food system [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, an Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaoil], (COM(2020)381 final).

⁽⁷⁾ Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions 'EU biodiversity Stratam dor 2030 bringing nature back into our lives' [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún 'Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 – An dúlra a thabhairt ar ais inár saol'], (COM(2020)380 final).

⁽⁸⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margáí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

⁽⁹⁾ Ibid.

1.2. Comhthéacs dlíthiúil an eisiaimh

1.2.1. *Níl feidhm ag Airteagal 210a ach amháin maidir le comhaontuithe inbhuanaitheachta a chuireann srian leis an iomaíocht*

- (12) In Airteagal 101(1) CFAE tá toirmeasc ginearálta ar chomhaontuithe, ar chinntí comhlachais gnóthas agus ar chleachtais chomhbheartaithe a chuireann srian ar iomaíocht. Má chuireann comhaontú srian le hiomaíocht, tá sé ar neamhní go huathoibríoch agus féadfaidh sé na páirtithe a nochtadh d'fhíneálacha, mura gcáilíonn sé do dhíolúine faoi Airteagal 101(3) CFAE, don eisiaimh faoi Airteagal 210a, nó d'eisiaimh eile ó Airteagal 101(1) CFAE. Tá feidhm ag Airteagal 101(1) CFAE maidir le comhaontuithe a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don trádáil idir na Ballstáit agus a d'fhéadfadh srian suntasach a chur leis an iomaíocht. Níl feidhm ag Airteagal 210a ach amháin maidir le comhaontuithe inbhuanaitheachta a thagann faoi Airteagal 101(1) CFAE. Dá bhrí sin, níl feidhm aige maidir le comhaontuithe a thagann faoin gcóras de minimis ⁽¹⁰⁾ nó nach ndéanann difear don trádáil idir na Ballstáit ⁽¹¹⁾.
- (13) Faoi choinníollacha áirithe, féadfaidh comhaontuithe a bhaineann le caighdeáin inbhuanaitheachta srian a chur ar iomaíocht. Le hAirteagal 210a eisiatar ó chur i bhfeidhm Airteagal 101(1) CFAE cineálacha áirithe comhaontuithe inbhuanaitheachta a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 210a.
- (14) Mar aon le gach eisceacht ó phrionsabal ginearálta, tá gá raon feidhme Airteagal 210a a léirmhíniú go docht agus na cuspóirí arna saothrú leis an eisiaimh ⁽¹²⁾ á gcur san áireamh. Tagann cuspóirí agus coinníollacha chur i bhfeidhm Airteagal 210a, chomh maith leis na teorainneacha lena chur i bhfeidhm, go heisiach as Rialachán CEM.
- (15) I Roinn 4 de na treoirlínte seo mínítear na cineálacha comhaontuithe inbhuanaitheachta ar dócha go gcumhdófar le hAirteagal 101(1) CFAE iad.

1.2.2. *B'fhéidir go mbainfí tairbhe as rialacha eile i gcás comhaontuithe inbhuanaitheachta lena gcuirtear srian ar iomaíocht agus nach gcomhlíonann coinníollacha Airteagal 210a*

- (16) Féadfaidh comhaontuithe inbhuanaitheachta a chuireann srian ar iomaíocht ach nach gcomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 210a a eisiaimh ón toirmeasc a leagtar síos in Airteagal 101(1) CFAE má thagann siad faoi eisiaimh eile ón Airteagal sin.
- (17) Comhaontuithe inbhuanaitheachta lena gcuirtear srian ar iomaíocht agus nach dtagann faoi raon feidhme Airteagal 210a agus eisiaimh eile i Rialachán Chomheagrú na Margai, tá siad faoi réir Airteagal 101(1) CFAE. Ba cheart do tháirgeoirí agus oibreoirí anailís a dhéanamh ar chomhaontuithe den sórt sin i bhfianaise na dTreoirlínte Cothrománacha agus na dTreoirlínte Ingearacha ⁽¹³⁾ agus ba cheart dóibh a mheas cibé arbh fhéidir díolúine a fháil dá gcuid comhaontuithe faoi Airteagal 101(3) CFAE, lena n-áirítear faoi aon rialachán blocdíolúine ⁽¹⁴⁾.

⁽¹⁰⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún — Fógra maidir le comhaontuithe miontábhachta nach gcuireann srian suntasach ar iomaíocht faoi Airteagal 101(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (Fógra *De Minimis*) (IO C 291, 30.8.2014, lch. 1).

⁽¹¹⁾ Fógra ón gCoimisiún — Treoirlínte maidir leis an éifeacht ar choincheapa trádála atá in Airteagal 81 agus in Airteagal 82 den Chonradh (IO C 101, 27.4.2004, lch. 81).

⁽¹²⁾ Féach, chuige sin Breithiúnas an 14 Samhain 2017, *APVE agus Eile*, C-671/15, EU:C:2017:860, míreanna 45 agus 46.

⁽¹³⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal Formheas inneachair dréachta le haghaidh Teachtaireacht ón gCoimisiún - Fógra ón gCoimisiún: Treoirlínte maidir le srianta ingearacha 2021/C 359/02, C/2021/5038.

⁽¹⁴⁾ Rialachán (CEE) Uimh. 2821/71 ón gComhairle an 20 Nollaig 1971 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 85(3) den Chonradh maidir le haicmí comhaontuithe, cinntí agus cleachtais chomhbheartaithe, (IO L 285, 29.12.1971, lch. 46); Rialachán (AE) Uimh. 1217/2010 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2010 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le haicmí áirithe comhaontuithe taighde agus forbartha (IO L 335, 18.12.2010, lch. 36); Rialachán (AE) Uimh. 1218/2010 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2010 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le haicmí áirithe comhaontuithe speisialtóireachta, (IO L 335, 18.12.2010, lch. 43); Rialachán Uimh. 19/65/CEE ón gComhairle an 2 Márta 1965 maidir le hAirteagal 85(3) den Chonradh a chur i bhfeidhm maidir le haicmí áirithe comhaontuithe agus cleachtais chomhbheartaithe (IO 36, 6.3.1965, lch. 533); Rialachán (CE) Uimh. 1215/1999 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh lena leasaítear Rialachán Uimh. 19/65/CEE maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 81(3) den Chonradh maidir le haicmí áirithe comhaontuithe agus cleachtais chomhbheartaithe, IO L 148, (15.6.1999, lch. 1); Rialachán (AE) Uimh. 461/2010 ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2010 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le haicmí comhaontuithe ingearacha agus cleachtais chomhbheartaithe san earnáil mótarfheithiclí (IO L 129, 28.5.2010, lch. 52); Rialachán (AE) 2022/720 ón gCoimisiún an 10 Bealtaine 2022 maidir le hAirteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm i ndáil le haicmí comhaontuithe ingearacha agus cleachtais chomhbheartaithe (IO L 134, 11.5.2022, lch. 4).

1.3. Cuspóir agus raon feidhme na dtreoirlínte

- (18) Is é is aidhm do na treoirlínte sin deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar trí chuidiú a thabhairt do tháirgeoirí agus oibreoirí sa slabhra soláthair agraibhia measúnú a dhéanamh ar a gcomhaontuithe inbhuanaitheachta ⁽¹⁵⁾. Is é is aidhm do na treoirlínte sin freisin treoraíocht a sholáthar i ndáil le cur i bhfeidhm Airteagal 210a maidir le cúirteanna náisiúnta agus údaráis iomaíochta náisiúnta. Soláthraítear treoraíocht iontu maidir leis an méid seo a leanas: (i) raon feidhme pearsanta Airteagal 210a agus na táirgí a chumhdaítear leis an bhforáil; (ii) raon feidhme ábhartha Airteagal 210a; (iii) na cineálacha srianta ar iomaíocht atá eisiata ó chur i bhfeidhm Airteagal 101(1) CFAE faoi Airteagal 210a; (iv) an coincheap fíor-riachtanais faoi Airteagal 210a; (v) raon feidhme ama Airteagal 210a; (vi) an nós imeachta le haghaidh tuairim a iarraidh ar an gCoimisiún faoi cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar ceanglais Airteagal 210a i gcomhaontú inbhuanaitheachta ar leith; (vii) na coinníollacha le haghaidh idirghabháil *ex post* arna déanamh ag an gCoimisiún agus ag údaráis iomaíochta náisiúnta; agus (viii) an dualgas cruthúnais lena thaispeáint cé acu ar comhlíonadh nó nár comhlíonadh coinníollacha Airteagal 210a. Ós rud é gur féidir gur ann do mhéid mór cineálacha agus teaglamaí de chomhaontuithe inbhuanaitheachta agus d'ímthosca margaidh inarb fhéidir leo oibriú, ní féidir treoraíocht shonrach a sholáthar le haghaidh gach cás a d'fhéadfadh a bheith ann. Dá bhrí sin, ní hionann na treoirlínte seo agus seicliosta is féidir a chur i bhfeidhm go meicniúil. Ní mór measúnú a dhéanamh ar gach comhaontú inbhuanaitheachta ina chomhthéacs sonrach eacnamaíoch agus dlíthiúil.
- (19) Cé go bhfuil sé i gceist leis na treoirlínte sin cúnaimh a thabhairt do tháirgeoirí agus d'oibreoirí ar leibhéal éagsúla den slabhra soláthair agraibhia atá ag breithniú ar chomhaontú inbhuanaitheachta a dhéanamh, nó a bhfuil comhaontú den sórt sin déanta acu cheana, níl sé d'údarás ach ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh Airteagal 210a a léirmhíniú.
- (20) Sa bhreis ar Airteagal 210a, le hAirteagail 172b, 209, 210 agus 222 de Rialachán CEM eisiatar comhaontuithe, cinní agus cleachtais chomhbheartaithe áirithe ó chur i bhfeidhm Airteagal 101(1) CFAE. Tá ceanglais éagsúla ag na forálacha sin agus tá críocha éagsúla acu. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh comhaontú inbhuanaitheachta coinníollacha Airteagal 210a agus coinníollacha forála eile faoin Rialachán maidir le CEM a chomhlíonadh. Tá gá measúnú ar leithligh a dhéanamh ar infheidhmeacht gach forála.

2. Raon feidhme pearsanta Airteagal 210a agus táirgí a chumhdaítear leis

2.1. Sainmhíniú ar chomhaontú gnóthais agus ar chomhaontú inbhuanaitheachta faoi Airteagal 210a

- (21) Tá 'gnóthas' sainmhínithe ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh mar 'aon eintiteas de ghnéithe pearsanta, inláimhsithe agus doláimhsithe, atá ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch, gan beann ar a stádas dlíthiúil, ná ar an mbealach a mhaoinítear é ⁽¹⁶⁾. Is gnóthas é aon duine nádúrtha nó aon duine dlítheanach má thairgeann sé táirgí nó seirbhísí ar mhargadh. D'fhéadfadh gnóthas a bheith ina fheirmeoir aonair, nó d'fhéadfadh feirm theaghlaigh, comharchumann talmhaíochta, cuideachta próiseála bia nó slabhra de mhiondíoltóirí ilnáisiúnta a bheith ina ngnóthais. I roinnt cásanna, is gnóthais iad comhlachtaí poiblí má bhíonn siad ag gabháil de ghníomhaíocht eacnamaíoch nach cúram í atá orthu mar chuid de fheidhmeanna fíor-riachtanach an stáit ⁽¹⁷⁾.
- (22) Toisc gur coincheap eacnamaíoch é an coincheap 'gnóthas' d'fhéadfadh an iliomad eintiteas dlítheanach a bheith san áireamh i ngnóthas amháin ⁽¹⁸⁾. Ciallaíonn sé sin nach féidir le comhaontú idir máthairchuideachta agus fochuideachta ar lánúinéireacht dá cuid, nó comhaontú idir dhá fhochuideachta ar lánúinéireacht de cuid na máthairchuideachta céanna Airteagal 101(1) CFAE a shárú toisc nach bhfuil an comhaontú idir gnóthais éagsúla ⁽¹⁹⁾.

⁽¹⁵⁾ Féach freisin, ar bhonn níos fairsinge, Iarscríbhinn A - Sreabhchairt den mheasúnú faoi Airteagal 210a.

⁽¹⁶⁾ Breithiúnas an 16 Meitheamh 1987, *An Coimisiún v An Iodáil*, Cás 118/85, ECLI:EU:C:1987:283, mír 7; Breithiúnas an 18 Meitheamh 1998, *An Coimisiún v An Iodáil*, Cás 35/86, ECLI:EU:C:1998:303, mír 36; Breithiúnas an 12 Meán Fómhair 2000, *Pavlov agus Eile*, C-180/98 go C-184/98, ECLI:EU:C:2000:428, mír 75; Breithiúnas an 25 Márta 2021, *Deutsche Telekom v An Coimisiún*, C-152/19 P, ECLI:EU:C:2021:238, mír 72.

⁽¹⁷⁾ Breithiúnas an 18 Márta 1997, *Diego Cali & Figli Srl v Servizi ecologici porto di Genova SpA (SEPG)*, C-343/95, ECLI:EU:C:1997:160, mír 22.

⁽¹⁸⁾ Déantar measúnú ar fheidhmiú comhphárteach gníomhaíochta eacnamaíche de ghnáth trí anailís a dhéanamh ar na naisc fheidhmiúla, eacnamaíocha, agus orgánacha atá idir na heintitis más ann do na naisc sin. Féach mar shampla, Breithiúnas an 16 Nollaig 2010, *AceaElectrabel Produzione SpA v An Coimisiún*, Cás C-480/09 P, ECLI:EU:C:2010:787, míreanna 47 go 55; Breithiúnas an 10 Eanáir 2006, *Ministero dell'Economia e delle Finanze v Cassa di Risparmio di Firenze Spa agus Eile*, C-222/04, ECLI:EU:C:2006:8, mír 112.

⁽¹⁹⁾ Breithiúnas an 24 Deireadh Fómhair 1996, *Vihoo Europe BV v An Coimisiún*, C-73/95 P, ECLI:EU:C:1996:405, míreanna 15-18.

- (23) Cumhdaítear i ‘gcomhaontú’ aon ghníomh ina léiríonn dhá ghnóthas nó níos mó comhthoilíú chun dul i gcomhar ⁽²⁰⁾. Ní bhaineann foirm an léirithe sin le hábhar. D’fhéadfadh conradh a bheith i gceist le conradh atá sínithe agus a bhfuil nótaireacht ag gabháil leis, nó le ‘comhaontú oinigh’ nó le emoji a mhalartú i dteachtaireachtaí téacs.
- (24) Le ‘comhlachas gnóthas’ tagraítear d’eintiteas, gan beann ar an bhfoirm atá aige, arb ionann é agus gnóthais den chineál ginearálta céanna a ghlacann freagracht chucu féin as ionadaíocht a dhéanamh ar a leasanna coiteanna i ndáil le hoibreoirí eacnamaíocha eile, comhlachtaí rialtais agus an pobal i gcoitinne agus as na leasanna coiteanna sin a chosaint ⁽²¹⁾. Samplaí de chomhlachais is iad comhlachais trádála, comhlachtaí gairmiúla agus rialála, agus comharchumainn nach bhfuil gníomhach go heacnamaíoch san ábhar a chomhordaíonn siad. Is coincheap leathan é ‘cinneadh de chuid comhlachais’ ina gcuimsítear: (i) rialacha agus rialacháin; (ii) cinntí foirmiúla atá ceangailteach ar chomhalta amháin nó níos mó; (iii) cóid iompair; agus (iv) moltaí neamhcheangailteacha ina léirítear rún ó thaobh an chomhlachais de iompar a gcomhaltaí ar an margadh a chomhordú i gcomhréir le coinníollacha an mholta.
- (25) Le ‘cleachtas comhbheartaithe’ tagraítear d’fhoirm chomhordaithe idir gnóthais nach bhfuil comhaontú bainte amach acu ann ach a ndéanann siad na rioscaí iomaíochta atá ann a ionadú go feasach ar mhaithe le comhar praiticiúil ⁽²²⁾. Mar shampla, i ndáil le malartú intinneach faisnéise rúnda idir iomaitheoirí, b’fhéidir nach bhféadfaidís dul san iomaíocht ar bhonn rí-láidir, fiú sa chás nach bpléann na hiomaitheoirí go sainráite riamh an iomaíocht eatarthu féin a theorannú.
- (26) Sa chleachtas, tá ábharthacht teoranta san idirdhealú idir ‘comhaontuithe’, ‘cinntí comhlachas’ agus ‘cleachtais comhbheartaithe’. Tá sé teachta ag an gCúirt Bhreithiúnais go bhfuil na téarmaí forluite, ‘go mbeartaítear foirmeacha claonpháirteachais a bhrath leo a bhfuil an cineál céanna acu agus nach féidir iad a idirdhealú óna chéile ach amháin trína gcuid déine agus trí na foirmeacha ina soiléirítear iad’ ⁽²³⁾.

Sampla 1: Tosaíonn táirgeoir de bheith ag deimhniú go bhfuil a chuid sútha talún go léir saor ó lotnaidicídí agus gearrann sé préimh ar a ndíol. Tugann táirgeoir iomaíoch faoi deara go bhfuil a shútha talún uile á ndíol amach ag an gcéad táirgeoir ar phraghas níos airde agus tosaíonn seisean ar an rud céanna a dhéanamh. Is gearr go dtosaíonn táirgeoirí eile ag déanamh an rud céanna agus is féidir leo préimh a ghearradh toisc go ndeimhniú siad go léir go bhfuil a gcuid sútha talún saor ó lotnaidicídí. I gcás den sórt sin, níl aon chomhaontú ann: tá gach táirgeoir ag gníomhú go neamhspleách, agus iompar reatha nó iompar a bhfuil coinne leis óna a chuid iomaitheoirí á chur san áireamh.

Sampla 2: Tagann grúpa tairgeoirí le chéile chun idirphlé a dhéanamh ar na bealaí chun saothrú sútha talún a dhéanamh níos inbhuanaithe. Déanann siad idirphlé ar an gcaoi ina gcuirfidís stop le lotnaidicídí a úsáid ar a gcuid sútha talún, ach is údar inní dóibh é go ndéanfaidh iomaitheoirí eile iad a shladghearradh maidir le praghsanna má stopann siad sin as a stuaim féin. Deir siad go léir nach n-úsáidfidh siad lotnaidicídí sa séasúr dár gcionn má chomhaontaíonn na táirgeoirí eile leis an ngealltanais céanna. Ní dhéanann siad doiciméad scríofa ina ndéantar taifeadadh ar ghealltanais den sórt sin. Ní úsáideann aon cheann de na táirgeoirí lotnaidicídí ar a sútha talún an bhliain dár gcionn. Is comhaontú é sin. Cé nár cuireadh i scríbhinn é, chuir na táirgeoirí in iúl go soiléir go raibh sé beartaithe acu iad féin a iompar ar an margadh ar bhealach sonrath, tríd na ráitis a thug siad ag an gcruinniú mar aon le trí bheart a dhéanamh de réir a mbriathar.

2.2. Raon feidhme pearsanta Airteagal 210a

- (27) Tá feidhm ag Airteagal 210a maidir le comhaontuithe inbhuanaitheachta a bhfuil táirgeoir táirgí talmhaíochta amháin ar a laghad ina pháirtí iontu agus a dhéantar le táirgeoirí eile (comhaontuithe cothrománacha) nó le hoibreoir amháin nó níos mó ar leibhéal éagsúla den slabhra soláthair bia (comhaontuithe ingearacha), lena n-áirítear dáileadh, mórdhíol agus miondíol.

⁽²⁰⁾ Breithiúnas an 6 Eanáir 2004, *BAI agus an Coimisiún v Bayer*, C-2/01 P agus C-3/01 P, ECLI:EU:C:2004:2, mír 97.

⁽²¹⁾ Tuairim ó Advocate General Léger an 10 Iúil 2001, *Wouters*, C-309/99, EU:C:2001:390, mír 61.

⁽²²⁾ Breithiúnas an 14 Eanáir 2021, *Kilpailu- ja kuluttajavirasto*, Cás C-450/19, ECLI:EU:C:2021:10, mír 22.

⁽²³⁾ Breithiúnas an 8 Iúil 1999, *An Coimisiún v Anic Partecipazioni*, C-49/92 P, EU:C:1999:356, mír 131.

Sampla: D'fhéadfadh comhaontú cothrománach a bheith bainteach le, mar shampla, gealltanais idir táirgeoirí iomaíochta i leith éanlaith chlóis a thógáil ach i gcomhréir le caighdeáin áirithe leasa ainmhithe atá níos airde ná mar a shainordaítear le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta agus i gcomhréir leis na caighdeáin sin amháin. D'fhéadfadh comhaontú ingearach a bheith bainteach, mar shampla, le gealltanais idir táirgeoirí agus dáileoirí áirithe i ndáil le héanlaith chlóis a thógtar i gcomhréir le caighdeáin inbhuanaitheachta áirithe agus leo siúd amháin, ar caighdeáin iad atá níos airde ná mar a shainordaítear le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta.

- (28) Ní mór go n-áireofar táirgeoirí táirgí talmhaíochta amháin nó níos mó le páirtithe i gcomhaontuithe inbhuanaitheachta. Maidir le páirtithe, d'fhéadfadh oibreoirí eile ar leibhéal éagsúla den slabhra soláthair bia a bheith san áireamh freisin, lena n-áirítear táirgeadh, próiseáil, dáileadh agus trádáil. Tagraítear sna treoirlínte seo go cineálach do pháirtithe i gcomhaontuithe inbhuanaitheachta mar 'oibreoirí'. Sa chleachtas, is iad seo a leanas na cineálacha éagsúla oibreoirí atá ábhartha chun críocha Airteagal 210a:
- (a) táirgeoirí: táirgeoirí táirgí talmhaíochta a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le CFAE agus a mhionsonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán CEM. Áirítear orthu sin táirgeoirí táirgí talmhaíochta amh agus táirgeoirí táirgí talmhaíochta próiseáilte áirithe (amhail próiseálaithe siúcra a tháirgeann siúcra, nó muilleoirí a tháirgeann plúr) ⁽²⁴⁾;
 - (b) oibreoirí ar 'leibhéal an táirgthe': soláthraithe na n-ionchur maidir le táirgeadh talmhaíochta amhail síolta, lotnaidicídí, trealamh agus oibreacha, agus soláthróirí pacáistíochta, a mhéid a bhíonn ról ag na soláthróirí uile sin i gcur i bhfeidhm na gcaighdeáin inbhuanaitheachta a shonraítear i Roinn 3.2 tríd an gcomhaontú inbhuanaitheachta a chur chun feidhme;
 - (c) oibreoirí ar 'leibhéal na próiseála': oibreoirí, dá ngairtear freisin 'próiseálaithe' nó 'monaróirí', a phróiseálann táirgí talmhaíochta chun táirgí eile nach liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le CFAE ⁽²⁵⁾ a tháirgeadh a mhéid atá sé d'aidhm acu cuidiú leis na caighdeáin inbhuanaitheachta a shonraítear i Roinn 3.2 a bhaint amach tríd an gcomhaontú inbhuanaitheachta a chur chun feidhme;
 - (d) oibreoirí ar 'leibhéal na trádála, lena n-áirítear dáileadh': trádálaithe, mórdhíoltóirí, miondhíoltóirí agus soláthraithe seirbhísí bia, lena n-áirítear oibreoirí amhail óstáin, bialanna agus caiféanna, agus cuideachtaí iompair agus lóistíochta, sa mhéid go bhfuil sé d'aidhm ag na hoibreoirí sin cuidiú leis na caighdeáin inbhuanaitheachta a shonraítear i Roinn 3.2 a bhaint amach tríd an gcomhaontú inbhuanaitheachta a chur chun feidhme.
- (29) Oibreoirí a ghníomhaíonn ar an margadh mar tháirgeoirí agus mar oibreoirí ar leibhéal eile den slabhra soláthair agraibhia, mar shampla miondhíoltóirí, féadfaidh siad a bheith rannpháirteach sa chomhaontú inbhuanaitheachta mar tháirgeoirí ar choinníoll go ngníomhaíonn siad i ndáiríre mar tháirgeoirí. Thairis sin, ní mór táirgeoirí amháin eile ar a laghad a bheith ina pháirtí sa chomhaontú inbhuanaitheachta.
- (30) Fad a chomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 210a, féadfaidh comhaontuithe inbhuanaitheachta a bheith ina gcomhaontuithe déthaobhacha, mar shampla idir táirgeoirí agus miondhíoltóirí; comhaontuithe trípháirteacha, mar shampla idir táirgeoirí, próiseálaithe agus dáileoirí; nó fiú comhaontuithe iltaobhacha lena mbaineann oibreoirí ar níos mó ná trí leibhéal den slabhra soláthair agraibhia.
- (31) Féadfaidh na páirtithe i gcomhaontuithe inbhuanaitheachta a bheith ina n-oibreoirí aonair agus ina gcomhlachais nó ina n-eintitis chomhchoiteanna eile lena mbaineann táirgeoirí nó gnóthais eile dá dtagraítear i mír (28), gan beann ar a gcineál dlíthiúil nó cé acu a aithnítear nó nach aithnítear go foirmiúil iad faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta, ar choinníoll gur táirgeoirí nó comhlachas táirgeoirí é ceann amháin ar a laghad de na páirtithe sa chomhaontú inbhuanaitheachta. Féadann eintitis chomhchoiteanna den sórt sin a bheith, mar shampla, ina n-eagraíochtaí táirgeoirí (PONna), ina gcomhlachais PONna nó ina n-eagraíochtaí idir-chraoibhe (IBONna), nó comharchumainn talmhaíochta.

⁽²⁴⁾ Rannpháirtíocht táirgeoirí na dtáirgí próiseáilte a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le CFAE sa chomhaontú inbhuanaitheachta, ní gá go dtabharfadh sé sin le fios rannpháirtíocht chomhuaineach táirgeoirí táirgí príomhúla a bhfuil gá leo chun na táirgí próiseáilte sin a tháirgeadh. Mar shampla, i gcomhaontú inbhuanaitheachta le táirgeoirí siúcra atá bunaithe ar bhias, níl sé éigeantach go mbeadh saothraithe biatais ina bpáirtithe sa chomhaontú sin freisin.

⁽²⁵⁾ D'fhéadfadh roinnt céimeanna próiseála as a chéile a bheith i gceist.

- (32) Féadfaidh eintitis chomhchoiteanna comhaontuithe inbhuanaitheachta a fhorbairt freisin gan comhoibriú le haon eintiteas eile sa slabhra soláthair agraibhia. Ós rud é nach mór do cheann amháin ar a laghad de na páirtithe sa chomhaontú inbhuanaitheachta a bheith ina tháirgeoir nó ina chomhlachas táirgeoirí, ní mór a áirithiú leis na rialacha is infheidhme lena rialáitear cinnteoireacht sna heagraíochtaí sin, go háirithe mar a leagtar síos ina reachtanna, go mbeidh rannpháirtíocht na dtáirgeoirí sa chomhaontú éifeachtach ar gach leibhéal den eagraíocht agus go n-urramófar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 210a. Mar shampla, d'fhéadfadh ceardchumainn nó eagraíochtaí eile a dhéanann ionadaíocht ar leasanna táirgeoirí i gcomhpháirt, ionadaíocht a dhéanamh ar tháirgeoirí in IBO, má fhoráiltear amhlaidh leis na reachtanna nó leis an gcaidreamh conarthach eile ⁽²⁶⁾.

Sampla: Déanann Eagraíocht Idirchraoibhe cáise ionadaíocht ar thrí leibhéal sa slabhra soláthair agraibhia: táirgeoirí bainne, táirgeoirí cáise agus dáileoirí. Foráiltear le rialacha na hEagraíochta Idirchraoibhe go bhféadfaidh an Eagraíocht Idirchraoibhe comhaontú a dhéanamh nó teacht ar chinneadh ar fhormheas ó throllach na gcomhaltaí ar gach leibhéal. Agus comhaontú inbhuanaitheachta á thabhairt i gcrích san Eagraíocht Idirchraoibhe maidir le táirgeadh agus dáileadh níos inbhuanaithe cáise, vótálann tromlach 70 % de tháirgeoirí bainne (an chéad leibhéal), 60 % de tháirgeoirí cáise (an dara leibhéal) agus 55 % de dháileoirí bainne agus cáise (tríú leibhéal) i bhfabhar. Sa chás seo, is féidir le comhlachtaí cinnteoireachta na hEagraíochta Idirchraoibhe comhaontú inbhuanaitheachta a thabhairt i gcrích atá ceangailteach ar a gcomhaltaí uile. Chun críocha Airteagal 210a a chur i bhfeidhm, tá gach táirgeoir agus dáileoir atá ina gcomhaltaí den Eagraíocht Idirchraoibhe, go díreach nó go hindíreach trína gcomhlachtaí ionadaíochta agus trína gcomhlachais ionadaíochta, ina bpáirtithe sa chomhaontú inbhuanaitheachta, lena n-áirítear iad siúd nár vótáil i bhfabhar an chomhaontaithe.

- (33) Is cuma cé acu atá nó nach bhfuil páirtí i gcomhaontú inbhuanaitheachta bunaithe laistigh den Aontas nó lasmuigh de. Is é an rud is tábhachtaí ná go gcuirtear an comhaontú inbhuanaitheachta chun feidhme san Aontas, fiú mura gcuirtear chun feidhme ach go páirteach é, nó gur féidir éifeacht láithreach, shubstaintiúil agus intuairthe a bheith aige ar an iomaíocht sa mhargadh inmheánach ⁽²⁷⁾. Mar shampla, má tá táirgeoirí pónairí cócó, bunaithe lasmuigh den Aontas, i measc na bpáirtithe i gcomhaontú, a dhíolann a gcuid táirgí le dáileoirí le haghaidh níos mó athdhíola san Aontas, d'fhéadfadh an comhaontú a bheith ina chomhaontú inbhuanaitheachta laistigh de raon feidhme Airteagal 210a.
- (34) Ní leordhóthanach comhlíontacht caighdeáin inbhuanaitheachta ann féin amháin agus ní hionann é agus comhaontú chun críocha Airteagal 210a a chur i bhfeidhm. Chun go n-eascródh comhaontú as comhlíontacht caighdeáin inbhuanaitheachta, is gá céim eile a ghlacadh, is é sin go gcuirfidh na hoibreoirí sa slabhra soláthair agraibhia lena mbaineann in iúl go bhfuil sé beartaithe acu an comhaontú a chur chun feidhme i gcomhpháirt, is é sin le rá go bhfuil comhthoilíú ann. Sa chleachtas, is é an difríocht idir comhaontú maidir le caighdeán inbhuanaitheachta a ghlacadh agus comhlíontacht caighdeáin amháin ná, i gcás gur comhlíontacht amháin atá i gceist, gur féidir leis an oibreoir a chinneadh go haontaobhach scor de chur i bhfeidhm an chaighdeáin tráth ar bith.
- (35) Bíonn oibreoir ina pháirtí i gcomhaontú inbhuanaitheachta chun críocha Airteagal 210a nuair a bhíonn comhthoilíú le páirtithe eile maidir le comhaontú. Ba cheart don chomhthoilíú a bheith comhionann le cur in iúl dílis an mhéid atá beartaithe ag na páirtithe ⁽²⁸⁾.
- (36) Chun go dtiocfadh comhaontú inbhuanaitheachta faoi raon feidhme Airteagal 210a(2), ní mór táirgeoir amháin ar a laghad a bheith ina pháirtí ann. Dá bhrí sin, is páirtithe fíor-riachtanacha iad táirgeoirí i gcomhaontuithe inbhuanaitheachta, fiú más rud é go bhféadfadh an tionscnamh chun comhaontú inbhuanaitheachta a thabhairt i gcrích teacht ó oibreoirí eile. Táirgeoirí atá ina bpáirtithe i gcomhaontú tráth a bhunaítear é, ní mór dóibh a bheith bainteach le caibidlíocht, glacadh agus cur chun feidhme an chaighdeáin.
- (37) Féadfaidh táirgeoirí a bheith ina bpáirtithe sa chomhaontú ag céim níos déanaí gan páirt a ghlacadh i gcaibidlíocht nó i nglacadh an chomhaontaithe, ar choinníoll go léiríonn siad comhthoilíú a bheith faoi cheangal ag an gcomhaontú inbhuanaitheachta. Sa chás sin, ní mór don táirgeoir nó do na táirgeoirí cloí leis an gcomhaontú inbhuanaitheachta a bheith faoi réir na rialacha maidir le raon feidhme ama an chomhaontaithe (féach Roinn 6).

⁽²⁶⁾ Breithiúnas an 15 Meitheamh 2023, *Saint-Louis sucre*, ECLI:EU:C:2023:486, C-183/22, mír 38 *et seq.*

⁽²⁷⁾ Féach, chuige sin Breithiúnas an 6 Meán Fómhair 2017, *Intel*, C-413/14 P, ECLI:EU:C:2017:632, míreanna 40 go 45 agus an cásdlí atá luaite ansin.

⁽²⁸⁾ Féach, chuige sin, Breithiúnas na Cúirte an 26 Deireadh Fómhair 2000, *Bayer AG v An Coimisiún*, T-41/96, ECLI:EU:T:2000:242, mír 69; Breithiúnas an 13 Iúil 2006, *An Coimisiún v Volkswagen*, C-74/04 P, ECLI:EU:2006:460, mír 39; Breithiúnas an 30 Aibreán 2009, *CD-Contact Data GmbH*, T-18/03, ECLI:EU:T:2009:132, mír 48.

Sampla 1: Chun go gcuirfear saothrú inbhuanaithe úll chun cinn, comhaontaíonn grúpa sraitheanna ollmhargaí a dhéanann, le chéile, 70 % de na ceannacháin mhórdhíola úll i mBallstát, nach gceannóidh siad ach úlla a ndeimhnítear ina leith go bhfuil siad saor ó lotnaidicídí. Ós rud é gurb é an grúpa seo a dhéanann sciar mór de na ceannacháin, mothaíonn formhór na dtáirgeoirí úll nach bhfuil aon rogha acu ach cloí leis an gcaighdeán arna leagan síos ag an ngrúpa sraitheanna ollmhargaí chun a áirithiú nach n-eisiatar a gcuid táirgí ón margadh. Scoireann siad de lotnaidicídí a úsáid agus deimhníonn siad go bhfuil a gcuid úll saor ó lotnaidicídí, seachas dul i mbaol gan a bheith in ann a dtáirgeacht úll a dhíol. Is follasach gur ann do chomhaontú idir na sraitheanna ollmhargaí. Mar sin féin, ní páirtithe iad táirgeoirí úll i gcomhaontú den sórt sin. Cé go bhfuil na táirgeoirí ag soláthar táirgí a chomhlíonann caighdeán inbhuanaitheachta, ní dhearna siad iad féin aon chomhaontú leis na sraitheanna ollmhargaí maidir le hábhar an chaighdeáin agus níl an rogha a rinne siad an caighdeán a chomhlíonadh coinníollach ar tháirgeoirí úll eile a bheith ag comhlíonadh an chaighdeáin sin. Mar thoradh air sin, ní bheidh na táirgeoirí ina bpáirtithe sa chomhaontú arna thabhairt i gcrích idir an grúpa sraitheanna ollmhargaí. Mar sin féin, ní chuireann sé sin cosc ar tháirgeoirí a bheith ina bpáirtithe i gcomhaontú inbhuanaitheachta leis na sraitheanna ollmhargaí amach anseo.

Sampla 2: I gcás atá beagán difriúil, aontaíonn grúpa sraitheanna ollmhargaí nach gceannóidh siad ach úlla atá deimhnithe saor ó lotnaidicídí. Forbraíonn eagraíocht de tháirgeoirí úll marc deimhniúcháin lena ndeimhnítear gur den chineál saor ó lotnaidicídí iad táirgí a gcuid comhaltáí. Soláthraíonn an eagraíocht ceadúnas le haghaidh an mhairc deimhniúcháin lena úsáid ar an bpacáistiú de chuid na n-ollmhargaí agus ina n-ábhair mhargaíochta. Leithdháiltear na táillí ceadúnais ar na táirgeoirí ar comhaltáí den eagraíocht iad. Sa chás sin, is comhlachas de tháirgeoirí í an eagraíocht a ghlac cinneadh an marc deimhniúcháin a ghlacadh agus a sholáthar. Is comhaontú inbhuanaitheachta idir táirgeoirí é an cinneadh sin. Ina theannta sin, d'fhéadfaí an comhaontú ceadúnaithe a síníodh idir an eagraíocht agus na hollmhargaí a áireamh sa chomhaontú inbhuanaitheachta céanna.

- (38) Cé gur dócha go mbeidh feabhsuithe ar tháirgeadh i gceist le comhaontuithe maidir le caighdeán inbhuanaitheachta do tháirgí talmhaíochta tá feidhm ag, Airteagal 210a freisin maidir le comhaontuithe i ndáil le caighdeán inbhuanaitheachta a bhaineann le trádáil i dtáirgí talmhaíochta. Nuair a bhaineann comhaontuithe maidir le caighdeán inbhuanaitheachta le trádáil i dtáirgí talmhaíochta, tá gá freisin le rannpháirtíocht táirgeora amháin ar a laghad.

Sampla 1: Tugann táirgeoirí piorraí agus grúpa mórdhíoltóirí comhaontú i gcrích. Faoin gcomhaontú, glacfaidh táirgeoirí teicnící táirgthe, a chuirfidh deireadh le húsáid cóireálacha ceimiceacha a chuireann feabhas ar sheilfré na bpiorraí, rud a fhágfaidh go dtiocfaidh méadú ar dhramhaíl bia mar go méadóidh teicnící táirgthe den sórt sin an riosca go mbeidh na piorraí loite nó millte sula sroicheadh siad an tomhaltóir. Chun a áirithiú go bhfanfaidh na piorraí i riocht maith sula seachtar chuig miondhíoltóirí iad, ní mór do na mórdhíoltóirí na coinníollacha maidir le saoráidí stórála a oiriúnú agus na modhuithe forléirithe is gá a dhéanamh. I gcás den sórt sin, baineann na feabhsuithe inbhuanaitheachta le táirgeadh agus le trádáil táirgí talmhaíochta araon. Bheadh feidhm ag Airteagal 210a maidir leis an gcuid sin den chomhaontú inbhuanaitheachta a bhaineann le modhuithe stórála mórdhíoltóirí, toisc go mbeadh dlúthbhaint ag an gcuid sin le táirge níos inbhuanaithe a chur ar fáil ar an margadh.

Sampla 2: Aontaíonn grúpa miondhíoltóirí agus mórdhíoltóirí córas coimeádán athchúrsáilte a úsáid chun torthaí agus glasraí úra a iompar agus a chur i láthair sa stór. Cé go mbaineann an comhaontú le caighdeán inbhuanaitheachta a d'fhéadfadh dul thar an méid atá sainordaithe sa dlí, ní bheidh feidhm ag Airteagal 210a, toisc nach mbeidh baint ag aon táirgeoir leis an gcomhaontú.

Sampla 3: Comhaontaíonn grúpa miondhíoltóirí agus táirgeoirí bia ar thionscnamh geilleagair chiorclaigh chun comhchóras bailithe dramhaíola a chruthú. Geallann miondhíoltóirí a gcuid dramhaíola a bhailiú agus leasacháin a dhéanamh astu níos déanaí agus geallann táirgeoirí go n-úsáidfidh siad na leasacháin ina dtáirgeadh. Ós rud é go mbaineann an comhaontú le gealltanais na dtáirgeoirí an leasachán a ghintear tríd an gcóras bailithe dramhaíola a úsáid, beidh feidhm ag Airteagal 210a.

2.3. Táirge faoi raon feidhme Airteagal 210a

- (39) Chun go mbeidh comhaontú inbhuanaitheachta cumhdaithe faoi Airteagal 210a, ní mór an méid seo a leanas bheith fíor ina leith: (i) go mbaineann siad le táirge talmhaíochta amháin nó níos mó a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le CFAE seachas táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe ('táirgí Iarscríbhinn I'); agus (ii) go mbaineann siad le táirgeadh nó trádáil na dtáirgí sin.
- (40) Teorannú Airteagal 210a do tháirgí talmhaíochta, is iarmhairt é sin ar raon feidhme Airteagal 1 den Rialachán maidir le CEM, nach n-áirítear ann ach táirgí bia talmhaíochta agus, dá bhrí sin, eisiatar gach táirge bia eile ('táirgí nach bhfuil liostaithe in Iarscríbhinn I').
- (41) Féadfaidh comhaontú inbhuanaitheachta a bheith bailí fiú má bhaineann sé le táirgí Iarscríbhinn I agus le táirgí nach bhfuil liostaithe in Iarscríbhinn I araon. Mar sin féin, ní bheidh feidhm ag an eisiamh de bhun Airteagal 210a ach amháin maidir leis an gcuid sin den chomhaontú inbhuanaitheachta a bhaineann le táirgí in Iarscríbhinn I.

Sampla 1: Baineann comhaontú le pacáistiú inbhuanaithe braiche i málaí loingseoireachta uiscédhíonacha atá go hiomlán in-athchúrsáilte, agus le pacáistiú beorach i gcascaí atá déanta go hiomlán as miotail athchúrsáilte. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 210a ach amháin maidir leis an gcuid den chomhaontú i ndáil le braich ós rud é gur táirge í an bheoir nach bhfuil liostaithe in Iarscríbhinn I.

Sampla 2: Baineann comhaontú le soláthar dramhaíola bia ó roinnt bialann agus ó na táirgeoirí a sholáthraíonn na bialanna sin. Úsáidfean an dramhaíl sin ansin chun bithbhreoslaí a tháirgeadh agus a thráchtáil. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 210a ach amháin maidir leis an gcuid sin den chomhaontú i ndáil le soláthar dramhaíola chun bithbhreoslaí a tháirgeadh agus ní bheidh feidhm aige maidir le tráchtáil bithbhreoslaí nach n-áirítear in Iarscríbhinn I.

Sampla 3: Baineann comhaontú le soláthar éanlaithe clóis a tháirgtear go hinbhuanaithe do sheirbhís ceaintín. Baineann an comhaontú le táirgeoirí éanlaithe clóis a sholáthraíonn éanlaith chlóis do tháirgeoirí béile ullmhaithe, agus eagraíocht a dhéanann ionadaíocht ar cheaintíní bia a cheannaíonn béilí ullmhaithe ó na táirgeoirí béilí. Ní bheadh feidhm ag Airteagal 210a ach amháin maidir leis an gcuid den chomhaontú a bhaineann le héanlaith chlóis a sholáthar do na táirgeoirí béilí ullmhaithe agus ní bheadh aige maidir leis an gcuid a bhaineann le béilí ullmhaithe a sholáthar do cheaintíní. Tá feoil éanlaithe clóis amháin ina tháirge atá liostaithe in Iarscríbhinn I; níl na béilí ullmhaithe ina bhfuil an fheoil sin iontu liostaithe.

Sampla 4: Baineann comhaontú le trátaí, beacáin, glasraí agus luibheanna inbhuanaithe a sholáthar lena bpróiseáil ina anlainn éagsúla, amhail peisteo, trátaí le beacáin, trátaí le hubhthoradh, oinniúin agus caprais, agus anlainn den sórt sin a thráchtáil. Ní bheadh feidhm ag Airteagal 210a ach amháin maidir leis an gcuid sin den chomhaontú a bhaineann le trátaí, beacáin agus luibheanna inbhuanaithe a tháirgeadh agus a sholáthar, agus ní bheadh feidhm aige maidir le tráchtáil na n-anlann, toisc gur táirgí nach bhfuil liostaithe in Iarscríbhinn I iad na hanlainn.

3. RAON FEIDHME ÁBHARTHA AIRTEAGAL 210A

- (42) Is gá idirdhealú a dhéanamh idir na cuspóirí inbhuanaitheachta a liostaítear in Airteagal 210a(3), na caighdeáin inbhuanaitheachta is gá chun na cuspóirí inbhuanaitheachta sin a bhaint amach, agus na bearta cur chun feidhme a leagtar amach i gcomhaontú inbhuanaitheachta chun na caighdeáin sin a bhaint amach.

Sampla: D'fhéadfadh sé gurb é cuspóir na hinbhuanaitheachta creimeadh ithreach a chosc. Bheadh sé d'aidhm ag an gcomhaontú inbhuanaitheachta caighdeán a chur i bhfeidhm lena bhféadfaí spriocanna intomhaiste a leagan síos i bhfoirm critéir chainníochtúla nó cháilíochtúla a théann thar na caighdeáin éigeantacha, mar shampla, trí bharr cumhdaigh a úsáid sa gheimhreadh chun creimeadh ithreach a sheachaint. D'fhéadfaí bearta sonracha cur chun feidhme a áireamh leis an gcomhaontú, amhail oibleagáidí i leith innealra nó trealamh ar leith a úsáid, i leith uirlisí bainistithe riosca nó i leith tacú le scaipeadh eolais theicniúil, lena n-áirítear oiliúint, comhairle, comhar agus malartú eolais, i leith teicneolaíochtaí digiteacha nó i leith cleachtais i ndáil le bainistiú inbhuanaithe cothaitheach.

3.1. Cuspóirí inbhuanaitheachta de bhun Airteagal 210a

- (43) Chun go gcomhlíonfar coinníollacha Airteagal 210a, ní mór go mbeadh sé mar aidhm, le comhaontú inbhuanaitheachta, caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach lena rannchuideofar le ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí inbhuanaitheachta seo a leanas a bhaint amach:
- (a) cuspóirí comhshaoil, lena n-áirítear maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin; tírdhreacha, uisce agus ithir a úsáid agus a chosaint ar bhealach inbhuanaithe; an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach, lena n-áirítear cur amú bia a laghdú; cosc agus rialú ar thruailliú; agus bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú;
 - (b) táirgeadh na dtáirgí talmhaíochta ar bhealaí a laghdaíonn úsáid lotnaidicídí agus a bhainistíonn rioscaí a eascraíonn as an úsáid sin nó a laghdaíonn an chontúirt a bhaineann le frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhicróbacha i dtáirgeadh talmhaíochta;
 - (c) sláinte ainmhithe agus leas ainmhithe.
- (44) Tá na samplaí de chuspóirí comhshaoil a liostaítear in Airteagal 210a(3), pointe (a), léiritheach; d'fhéadfaí cineálacha éagsúla agus éagsúlachtaí ar chuspóirí a bheith ann. Mar shampla, féadfaidh aon chuspóir atá á shaothrú ag oibreoir agus a bhfuil éifeacht dhearfach aige ar an gcomhshaoil i ndáil le táirgeadh nó próiseáil táirgí talmhaíochta nó le trádáil i dtáirgí talmhaíochta, lena n-áirítear dáileadh, a bheith ina chuspóir inbhuanaitheachta laistigh de raon feidhme Airteagal 210a. Mar sin féin, tá na cuspóirí a liostaítear in Airteagal 210a(3), pointí (b) agus (c) uileghabhálach.

Samplaí de chuspóirí inbhuanaitheachta a chumhdaítear faoi Airteagal 210a:

Sampla 1: Cé nach luaitear go sainráite in Airteagal 210a(3) iad, baineann truailliú aeir a laghdú, cáilíocht aeir a fheabhsú agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú le cuspóirí comhshaoil. Tagann siad dá bhrí sin faoi raon feidhme Airteagal 210a(3), pointe (a).

Sampla 2: Cé nach luaitear go sainráite in Airteagal 210a(3) é, baineann seachaint truaillithe ó phlaistigh le cuspóir an aistrithe chuig geilleagar ciorclach agus leis an gcuspóir um chosc agus rialú ar thruailliú. Dá bhrí sin, tagann an cuspóir faoi raon feidhme Airteagal 210a(3), pointe (a).

Sampla 3: Frithsheasmhacht na hithreach in aghaidh creimthe a fheabhsú, bithéagsúlacht ithreach a mhéadú, comhdhéanamh ithreach a fheabhsú, agus cosaint mhuirí a áirithiú, baineann siad uile leis an gcuspóir maidir le tírdhreacha, uisce agus ithir a úsáid ar bhealach inbhuanaithe agus a chosaint. Dá bhrí sin, tagann na cuspóirí sin faoi raon feidhme Airteagal 210a(3), pointe (a).

Sampla 4: An tionchar a bhíonn ag cleachtais uiscithe ar acmhainní uisce agus ar éiceachórais a mhaolú, uisce a shábháil, agus cáilíocht uisce a chosaint, baineann sé leis an gcuspóir maidir le húsáid inbhuanaithe uisce. Tagann siad dá bhrí sin faoi raon feidhme Airteagal 210a(3), pointe (a).

Sampla 5: Baineann laghdú dramhaíola, amhail fotháirgí a bhainistiú agus luachshocrú seachtháirgí, sreafaí iarmharacha, agus cur amú bia, mar shampla trí éifeachtúlacht acmhainní a mhéadú nó réitigh nuálacha a chur chun cinn, le cuspóir an aistrithe chuig geilleagar ciorclach. Tagann siad dá bhrí sin faoi raon feidhme Airteagal 210a(3), pointe (a).

Sampla 6: Is cineálacha cuspóirí comhshaoil iad feabhas a chur ar phróiseas éiceolaíoch nádúrtha sa talmhaíocht, lena n-áirítear timthriall cothaitheach, torthúlacht ithreach, rialú lotnaidí plandaí nádúrtha agus caomhnú coraintín agus uisce trí theicnící amhail múiríní, curaíocht cumhdaigh agus úsáid feithidí tairbhiúla. Tagann siad dá bhrí sin faoi raon feidhme Airteagal 210a(3), pointe (a).

Sampla 7: Is cineálacha cuspóirí comhshaoil iad an tionchar a bhíonn ag drochdhálaí aimsire a mhaolú agus bearta oiriúnaithe. Tagann siad dá bhrí sin faoi raon feidhme Airteagal 210a(3), pointe (a).

Sampla 8: Feabhas a chur ar cháilíocht saoil ainmhithe, lena n-áirítear a staid mhothúchánach, a gcumas gnáth iompar áirithe a chur in iúl agus a áirithiú go bhfuil spás leordhóthanach acu, saoráidí cuí agus an cumas taitneamh a bhaint as cuideachta ainmhithe eile dá gcineál féin, tagann siad faoin gcuspóir leasa ainmhithe a leagtar síos in Airteagal 210a(3), pointe (c).

Sampla 9: Is faoin gcuspóir maidir le sláinte ainmhithe a leagtar síos in Airteagal 210a(3), pointe (c) a thagann an chosaint a thugtar d'ainmhithe ar dhíobháil agus ar ghalair trí chleachtais oiriúnacha coiscithe, trí dhiagnóisiú tapa agus trí chóireáil mhear.

- (45) D'fhéadfadh sé a bheith d'aidhm ag caighdeán inbhuanaitheachta rannchuidiú le ceann amháin nó le níos mó de na cuspóirí a chumhdaítear le hAirteagal 210a(3).
- (46) Chun cuidiú leis an measúnú i dtaobh an gcomhlíonann comhaontú inbhuanaitheachta na coinníollacha maidir le heisiamh faoi Airteagal 210a, ba cheart a shainiú sa chomhaontú inbhuanaitheachta an cuspóir nó na cuspóirí inbhuanaitheachta a bhfuil sé d'aidhm ag an gcaighdeán inbhuanaitheachta rannchuidiú leo.
- (47) Má tá sé d'aidhm ag comhaontú inbhuanaitheachta rannchuidiú le roinnt cuspóirí, cuid acu nach gcumhdaítear le hAirteagal 210a(3), níl ach na cuspóirí a liostaítear in Airteagal 210a(3) ábhartha chun measúnú a dhéanamh an dtagann an comhaontú inbhuanaitheachta faoi raon feidhme Airteagal 210a.
- (48) Féadfaidh sé a bheith d'aidhm ag caighdeán inbhuanaitheachta rannchuidiú le cuspóirí nach gcumhdaítear le hAirteagal 210a(3). D'fhéadfaí a áireamh orthu sin cuspóirí sóisialta, amhail dálaí oibre d'oibrithe feirme nó aistí bia sláintiúla agus cothaitheacha do thomhaltóirí, nó cuspóirí eacnamaíocha, amhail forbairt brandaí a thugann luach saothair d'fheirmeoirí ar bhealach níos cothroime. Sna cásanna sin, ní féidir na gnéithe den chaighdeán inbhuanaitheachta arb é is aidhm dóibh rannchuidiú leis na cuspóirí sóisialta nó eacnamaíocha sin a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh an gcomhlíonann comhaontú inbhuanaitheachta na coinníollacha maidir le heisiamh faoi Airteagal 210a, go háirithe an bhfuil aon srian ar iomaíocht sa chomhaontú inbhuanaitheachta fíor-riachtanach chun an caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach, mar a mhínítear a thuilleadh i Roinn 5.

Samplaí de chomhaontuithe inbhuanaitheachta atá dírithe ar chuspóirí a chumhdaítear le hAirteagal 210a:

Sampla 1: Déanann táirgeoirí gránaigh comhaontú le próiseálaithe gránach faoina nglacfaidh na táirgeoirí gránaigh gnéithe tírdhreacha feabhsaithe, amhail fála, agus comhaontaíonn na próiseálaithe gránaigh praghas níos airde a íoc as iarrachtaí inbhuanaitheachta na dtáirgeoirí gránaigh. D'fhéadfadh sé go dtiocfadh sé sin faoin gcuspóir bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú a leagtar síos in Airteagal 210a(3), pointe (a), más é is aidhm don chomhaontú inbhuanaitheachta rannchuidiú leis an gcuspóir sin.

Sampla 2: Aontaíonn táirgeoirí meala agus próiseálaithe meá táirgí a thagann ó mhil a bhaintear as coirceoga beach a mhargú nach n-úsáideann ach táirgí neamhcheimiceacha chun varróis a chomhrac. Féadfaidh an comhaontú sin teacht faoin gcuspóir maidir le sláinte ainmhithe agus leas ainmhithe a leagtar síos in Airteagal 210a(3), pointe (c), más é is aidhm don chomhaontú inbhuanaitheachta rannchuidiú leis an gcuspóir sin.

Sampla 3: Aontaíonn táirgeoirí gránach teicnící feirmeoireachta beaichte a chur i bhfeidhm chun úsáid lotnaidicídí agus leasachán a laghdú. D'fhéadfadh sé go dtiocfadh sé sin faoi na cuspóirí comhshaoil a leagtar síos in Airteagal 210a(3), más é is aidhm don chomhaontú inbhuanaitheachta rannchuidiú leis an gcuspóir sin.

Sampla 4: Comhaontaíonn táirgeoirí agus próiseálaithe déiríochta cead a thabhairt do bhó bainne innilt chun cáilíocht saoil ainmhithe a fheabhsú. D'fhéadfadh sé go dtiocfadh sé sin faoin gcuspóir maidir le leas ainmhithe a leagtar síos in Airteagal 210a(3), pointe (c), má tá sé d'aidhm ag an gcomhaontú inbhuanaitheachta rannchuidiú leis an gcuspóir sin.

Samplaí de chomhaontuithe inbhuanaitheachta atá dírithe ar chuspóirí nach dtagann faoi raon feidhme Airteagal 210a nó atá laistigh dá raon feidhme go páirteach:

Sampla 1: Comhaontaíonn táirgeoirí agus próiseálaithe déiríochta brandaí a fhorbairt lena n-áiríteofar luach saothair níos cothroime do tháirgeoirí. D'fhéadfadh an méadú ar ioncam táirgeoirí déiríochta a bheith ina chúis le méadú ar infheistíochtaí lena saothraítear cuspóirí comhshaoil nó leasa ainmhithe. Más é cuspóir an chomhaontaithe luach saothair níos cothroime a áirithiú do na táirgeoirí, ní bheadh an cuspóir sin laistigh de raon feidhme na cuspóirí a chumhdaítear le hAirteagal 210a(3).

Sampla 2: Comhaontaíonn táirgeoirí agus próiseálaithe déiríochta leas ainmhithe a fheabhsú agus ag an tráth céanna comhaontaíonn siad dálaí oibre cothroma a áirithiú d'oibrithe feirme. Ní féidir ach le gnéithe den chomhaontú arb é is aidhm dóibh na cuspóirí a chumhdaítear le hAirteagal 210a(3), amhail leas ainmhithe, tairbhiú den eisiamh faoi Airteagal 210a. Mar mhalairt air sin, ní féidir na gnéithe eile, amhail dálaí oibre cothroma d'oibrithe feirme, a chur san áireamh sa mheasúnú.

3.2. Caighdeán inbhuanaitheachta a chuirtear i bhfeidhm de bhun Airteagal 210a

3.2.1. *Ní mór caighdeán inbhuanaitheachta a bhaineann le cuspóir inbhuanaitheachta a shainithint sa chomhaontú inbhuanaitheachta*

(49) Ní mór do chomhaontú inbhuanaitheachta a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 210a caighdeán inbhuanaitheachta a shainithint atá le hurramú ag na páirtithe sa chomhaontú chun rannchuidiú le ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí inbhuanaitheachta a chumhdaítear le hAirteagal 210a(3).

(50) D'fhéadfadh an caighdeán inbhuanaitheachta a bheith ina chaighdeán atá ann cheana, ina chaighdeán arna tharraingt suas don chomhaontú ag na páirtithe sa chomhaontú nó ina chaighdeán arna leagan síos ag tríú páirtithe.

(51) D'fhéadfadh sprioc atá le comhlíonadh a bheith leagtha síos i gcaighdeán inbhuanaitheachta, lena mbeadh nó nach mbeadh teicneolaíochtaí sonracha nó modhanna táirgthe sonracha forchurtha. Dá réir sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar na páirtithe i gcomhaontú inbhuanaitheachta gealltanais a thabhairt ní hamháin go mbainfidh siad amach an sprioc nó na spriocanna a leagtar síos leis an gcaighdeán ach d'fhéadfadh sé go mbeadh orthu freisin teicneolaíocht nó cleachtas táirgthe ar leith a úsáid chun an sprioc sin a bhaint amach, mar shampla modhanna cosanta ithreach agus cleachtais innilte ainmhithe.

(52) De thoradh caighdeán inbhuanaitheachta a ghlacadh d'fheadfaí lipéad, lógó nó ainm branda deonach a chruthú le haghaidh táirgí a chomhlíonann ceanglais an chaighdeáin.

(53) Ní féidir ach leis an gcuid sin de tháirgeadh táirgí talmhaíochta a chumhdaítear leis an gcomhaontú a chomhlíonann an caighdeán inbhuanaitheachta tairbhiú den eisiámh a leagtar síos in Airteagal 210a.

Sampla: Is é is aidhm do chomhaontú inbhuanaitheachta úsáid lotnaidicídí a laghdú 8 %. Tá táirgeoir, atá ina pháirtí sa chomhaontú, gníomhach i ndá shuíomh gheografacha éagsúla. Ag ceann de na suíomhanna, geallann an táirgeoir an caighdeán a chomhlíonadh ach, ag an gceann eile, leanann an táirgeoir ag úsáid na lotnaidicídí a mhéid is féidir. Féadfaidh an suíomh ina bhfuil sé d'aidhm ag an táirgeoir an caighdeán a chomhlíonadh, agus an suíomh sin amháin, tairbhiú den eisiámh a leagtar síos in Airteagal 210a.

(54) Nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil caighdeán inbhuanaitheachta cumhdaithe faoi Airteagal 210a, is cuma cé acu atá nó nach bhfuil an tacaíocht trí chistiúchán ón Aontas nó tacaíocht trí chistiúchán náisiúnta á fáil i leith an chomhaontaithe inbhuanaitheachta nó an bhfuarthas í cheana. Mar sin féin, tá an fíoras go dtacaíonn cistiú ón Aontas nó cistiú náisiúnta le cur chun feidhme caighdeán ar leith ábhartha agus measúnú á dhéanamh ar fhíor-riachtanas aon srian ar iomaíocht a bhfuil tuairisc orthu i Roinn 5.

3.2.2. *Ba cheart torthaí inlámhsithe agus intomhaiste a bheith mar thoradh ar chaighdeán inbhuanaitheachta nó, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, torthaí inbhraite agus intuairiscithe*

(55) Féadfar spriocanna cainníochtaithe a leagan síos sa chaighdeán inbhuanaitheachta nó féadfar modhanna nó cleachtais shonracha a bheith le glacadh a leagan síos. Mar shampla, d'fhéadfadh an caighdeán a fhorordú gan ionchur áirithe nó cleachtas talmhaíochta áirithe a úsáid.

(56) Is gá do na torthaí a fhaightear trí chaighdeán inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm a bheith inlámhsithe agus intomhaiste. I gcás nach féidir na torthaí a fhaightear i dtéarmaí uimhriúla a chainníochtú, ba cheart do na torthaí sin a bheith inbhraite agus intuairiscithe mar sin féin. Sna cásanna sin, ní gá an tionchar is aidhm don chomhaontú inbhuanaitheachta a chainníochtú.

Sampla 1: I gcomhaontú a bhfuil sé de chuspóir aige lotnaidicídí a laghdú, leagtar síos caighdeán lena bhforordaítear laghdú 40 % ar úsáid lotnaidicídí. Sa chás sin, bheadh sé riachtanach a léiriú go mbeidh laghdú intomhaiste ar úsáid lotnaidicídí mar thoradh ar an gcaighdeán a chur i bhfeidhm. Ní bheadh sé riachtanach a léiriú, áfach, gur tháinig feabhas ar cháilíocht an uisce sa réigiún mar gheall ar an laghdú ar úsáid lotnaidicídí ag táirgeoirí aonair, amhail laghdú ar sceitheadh lotnaidicídí i screamhuisce.

Sampla 2: Má tá sé d'aidhm ag comhaontú inbhuanaitheachta an bhithéagsúlacht a mhéadú trí phlandaí fiáine áirithe atá fabhrach d'fheithidí agus do bhunchineálacha áirithe a shaothrú, d'fhéadfadh sé nach bhféadfaí torthaí na bithéagsúlachta feabhsaithe a chainníochtú i dtéarmaí uimhriúla. Mar sin féin, ní mór na hiarrachtaí a rinneadh, agus na torthaí a baineadh amach, a bheith inscríofa, cé nach gá go mbeadh siad i dtéarmaí uimhriúla: mar shampla, ba cheart do na páirtithe a shaináithint cé hiad na plandaí atá níos cairdiúla d'fheithidí, nó cé hiad na bunchineálacha gur cheart a phlandáil.

3.2.3. *Ní mór do na caighdeáin inbhuanaitheachta a bheith níos airde ná an caighdeán sainordaitheach ábhartha*

- (57) An caighdeán inbhuanaitheachta a bhfuil sé d'aidhm le comhaontú inbhuanaitheachta a chumhdaítear le hAirteagal 210a é a chur i bhfeidhm, ní mór é a bheith níos airde ná mar a shainordáitear le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta. Ciallaíonn sé sin nach mór don chaighdeán inbhuanaitheachta ceanglais inbhuanaitheachta a fhorchur a théann thar an méid a éilítear sa chaighdeán éigeantach atá ann cheana. Mura ndéantar ceanglas inbhuanaitheachta sonracha a fhorchur le dlí an Aontais ná leis an dlí náisiúnta, ní mór ceanglais inbhuanaitheachta a thabhairt isteach leis an gcomhaontú.
- (58) Is éard is caighdeán sainordaitheach ann caighdeán a leagtar síos ar leibhéal an Aontais nó ar leibhéal na mBallstát ina leagtar amach na leibhéil, na substaintí, na táirgí nó na teicnící atá le baint amach/le húsáid nó le seachaint ag táirgeoirí aonair nó ag oibreoirí aonair. Caighdeán nó spriocanna atá ceangailteach ar na Ballstáit, ach nach bhfuil ceangailteach ar ghnóthais aonair, ní mheasfar gur caighdeáin éigeantacha chun críocha Airteagal 210a iad.

Sampla de sprioc atá ina cheangal ar na Ballstáit, ach gan a bheith ina cheangal ar dhaoine aonair: Leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán maidir le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí ⁽²⁹⁾ leagtar síos spriocanna chun úsáid agus riosca foriomlán lotnaidicídí ceimiceacha agus úsáid lotnaidicídí 'níos guaisí' a laghdú 50 % faoi 2030. Cé go mbeadh na spriocanna sin ceangailteach ar na Ballstáit, ní bheadh siad ina gceangal ar dhaoine aonair. Dá bhrí sin, ní mheasfaí gur caighdeáin éigeantacha iad na spriocanna sin chun críocha Airteagal 210a.

Sampla de sprioc atá ina cheangal ar réigiún, ach gan a bheith ina cheangal ar dhaoine aonair: I gcás ina nglactar an togra le haghaidh rialachán maidir le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí, d'fhéadfadh réigiún cinneadh a dhéanamh sprioc a fhorchur air féin chun úsáid lotnaidicídí a laghdú 50 % de réir a chéile faoi 2030. Cé go mbeadh na spriocanna sin ina gceangal ar na Ballstáit, ní bheidís ina gceangal ar dhaoine aonair. Dá bhrí sin, ní mheasfaí gur caighdeáin éigeantacha iad na spriocanna sin chun críocha Airteagal 210a.

Sampla de sprioc atá ina cheangal ar dhaoine aonair: I gcás ina nglactar an togra le haghaidh rialachán maidir le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí, d'fhéadfadh Ballstát cinneadh a dhéanamh ceanglas ceangailteach a chur chun feidhme ar tháirgeoirí úsáid lotnaidicídí a laghdú de réir a chéile faoi leibhéil éagsúla (mar shampla 30/50/70 %) in earnálacha éagsúla faoi 2030. Bheadh forálacha náisiúnta den sórt sin ina gceangal ar dhaoine aonair agus, dá bhrí sin, mheasfaí gur caighdeáin éigeantacha iad chun críocha Airteagal 210a.

- (59) Gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil oibreoirí i dtíortha nach Ballstáit den Aontas iad ina bpáirtithe i gcomhaontú inbhuanaitheachta, tuigfear caighdeáin éigeantacha mar chaighdeáin an Aontais nó caighdeáin arna leagan síos ag na Ballstáit. I gcás ina dtagraítear sa chomhaontú inbhuanaitheachta do chaighdeán tíre nach bhfuil san Aontas, ní mór don chaighdeán tíre nach Ballstát den Aontas é dul thar chaighdeán éigeantach comhfhreagrach an Aontais nó, ina éagmais sin, thar caighdeáin éigeantacha na mBallstát chun tairbhiú den eisiámh faoi Airteagal 210a.

Sampla 1: Déanann táirgeoir cócó neamh-AE comhaontú inbhuanaitheachta le monaróir seacláide de chuid an Aontais a bhfuil sé d'aidhm aige dul níos faide ná caighdeán éigeantach de chuid an Aontais nó de chuid na mBallstát. Dá bhrí sin, féadfaidh an comhaontú inbhuanaitheachta tairbhiú den eisiámh faoi Airteagal 210a.

⁽²⁹⁾ Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 (COM(2022) 305 final).

Sampla 2: Déanann táirgeoir cócó neamh-AE comhaontú inbhuanaitheachta le monaróir seacláide de chuid an Aontais a bhfuil sé d'aidhm aige dul thar caighdeán éigeantach tíre nach bhfuil san Aontas. Ní fhéadfaidh an comhaontú inbhuanaitheachta tairbhiú den eisiámh faoi Airteagal 210a ach amháin a mhéid a théann sé thar chaighdeán éigeantach de chuid an Aontais nó, ina éagmais sin, caighdeán éigeantach de chuid Ballstáit.

- (60) Má tá caighdeán éigeantach náisiúnta níos déine nó níos uailmhianaí ná an caighdeán comhfhreagrach de chuid an Aontais, ní mór do tháirgeoirí agus oibreoirí atá gníomhach sa Bhallstát sin an caighdeán níos airde sin a urramú.
- (61) Ag brath ar dhlíchóras gach Ballstáit, d'fhéadfadh caighdeán éigeantach a bheith ann ar an leibhéal réigiúnach nó ar an leibhéal náisiúnta. Ba cheart caighdeán éigeantach a thuiscint mar an caighdeán ábhartha chun críoch Airteagal 210a má leagtar síos é ar an leibhéal réigiúnach nó áitiúil, agus má dhéantar an táirgeadh nó an trádáil ábhartha faoin gcomhaontú inbhuanaitheachta laistigh den réigiún nó den cheantar sonrath sin. Má chumhdaítear roinnt réigiún nó ceantar le comhaontú inbhuanaitheachta, agus caighdeán éigeantacha éagsúla ag gach ceann acu, ba cheart an caighdeán faoin gcomhaontú inbhuanaitheachta a bheith níos airde ná an caighdeán is infheidhme sa réigiún nó sa cheantar ina dtarlaíonn an táirgeadh nó an trádáil a chumhdaítear leis an gcomhaontú. Mar shampla, má tá sé d'aidhm ag an gcomhaontú feabhas a chur ar tháirgeadh inbhuanaithe uíll, is é an caighdeán ábhartha an ceann is infheidhme maidir leis an réigiún nó ceantar ina dtáirgítear uílla.
- (62) Féadfaidh comhaontuithe inbhuanaitheachta scéimeanna cáilíochta a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ⁽³⁰⁾, Rialachán Tarmlichte (AE) 2019/33 ⁽³¹⁾ ón gCoimisiún ⁽³¹⁾, nó lipéid cháilíochta atá faoi réir an dlí náisiúnta ábhartha a chumhdach, ach ní fhéadfar iad a chumhdach ach amháin a mhéid a léiríonn na scéimeanna agus na lipéid sin caighdeán inbhuanaitheachta níos airde ná mar a shainordaítear le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta.
- (63) In éagmais caighdeán éigeantacha ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta, beidh comhaontuithe inbhuanaitheachta lena ndíreofar ar leibhéal na hinbhuanaitheachta a mhéadú incháilithe chun tairbhiú den eisiámh faoi Airteagal 210a. Is amhlaidh atá maidir le comhaontuithe inbhuanaitheachta arb é is aidhm dóibh dlús a chur leis an aistriú nó le tiontú luath go caighdeán éigeantacha de chuid an Aontais nó náisiúnta a glacadh nó a comhaontaíodh ach nár tháinig i bhfeidhm go fóill. Ní mór d'oibreoirí a mheabhú go bhféadfadh úsáid leanúnach na gcleachtas céanna táirgthe agus trádála a úsáideadh roimh theacht i bhfeidhm comhaontaithe agus ina dhiaidh sin, i.e. gan aon fheabhas a dhéanamh ó thaobh úsáid a bhaint as cleachtais táirgthe nó trádála níos inbhuanaithe, amhras a chaitheamh ar chomhlíonadh na tástála fíor-riachtanais mar a thuairiscítear i Roinn 5 thíos. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go mbeadh cásanna ann ina bhfuil oibreoirí i ndiaidh aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí móra maidir le táirgeadh agus cleachtais trádála chéanna a choimeád ar bun (costais i bhfad níos airde, srianta suntasacha ar rochtain ar ionchuir fhíor-riachtanacha, etc.), rud a d'fhéadfadh údar cuí a thabhairt leis an ngá le comhoibriú.
- (64) Scoirfead de chomhaontuithe inbhuanaitheachta a chumhdach le hAirteagal 210a ón uair a thiocfaidh caighdeán choibhéiseacha nó caighdeán níos uailmhianaí de chuid an Aontais nó caighdeán náisiúnta i bhfeidhm (Féach Roinn 6.5).
- (65) Mar gheall ar an éagsúlacht fhairsing cineálacha agus teaglamaí de chaighdeán éigeantacha inbhuanaitheachta ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh gach ceann de na cuspóirí inbhuanaitheachta a leagtar síos in Airteagal 210a(3), ní féidir liosta uileghabhálach de chaighdeán inbhuanaitheachta a shainordaítear le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta a leagan amach sna treoirlínte sin.
- (66) Ar an gcaoi chéanna, ní féidir a chur in iúl sna treoirlínte seo an méid íosta nach mór a bheith i gceist le sárú an chaighdeán inbhuanaitheachta shainordaithe ag an gcaighdeán glactha. Os a choinne sin, ní mór measúnú ar an méid a sháraíonn an caighdeán inbhuanaitheachta an caighdeán éigeantach a dhéanamh ar bhonn cás ar chás, agus na srianta ar iomaíocht arna bhforchur leis an gcomhaontú inbhuanaitheachta á gcur san áireamh agus cibé an bhfuil srianta den sórt sin fíor-riachtanach á gcur san áireamh (féach Roinn 5).

⁽³⁰⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 343, 14.12.2012, lch. 1).

⁽³¹⁾ Rialachán Tarmlichte (AE) 2019/33 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hiarratais ar chosaint ainmniúchán tionscnaimh, tásca geografach agus téarmaí traidisiúnta in earnáil an fhíona, an nós imeachta agóide, srianta ar úsáid, leasuithe ar shonraíochtaí táirge, cealú cosanta, agus lipéadú agus cur i láthair (IO L 9, 11.1.2019, lch. 2).

Sampla 1: Comhaontaíonn táirgeoirí agus oibreoirí laghdú 50 % a dhéanamh ar an méid bia a chuirtear amú i dtáirgeadh agus próiseáil piseanna trí na teicnící buainte a bharrfheabhsú, infheistiúocht a dhéanamh in acmhainneacht stórála níos éifeachtúla agus pacáistiú a fheabhsú. Níl aon chaighdeán inbhuanaitheachta sainordaitheach i ndáil le cur amú bia leagtha síos ar leibhéal an Aontais ná aon chaighdeán inbhuanaitheachta náisiúnta is infheidhme. I gcás den sórt sin, bheadh an caighdeán inbhuanaitheachta níos airde *de facto* ná mar a shainordáítear le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta.

Sampla 2: Comhaontaíonn táirgeoirí bainne agus miondíoltóirí tacú leis an athrú go dtí táirgeadh bainne orgánaigh mar a shonraítear i Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³²⁾. Cé go leagtar síos modhanna táirgthe i Rialachán (AE) 2018/848 ar gá d'fheirmeoirí iad a leanúint ionas go mbeidh siad in ann a gcuid táirgí a mharcáil mar tháirgí orgánacha, ní caighdeáin éigeantacha ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta iad na modhanna táirgthe sin. Sa chás seo, bheadh caighdeán lena gceanglaítear bainne a tháirgeadh i gcomhréir le modhanna táirgthe orgánacha níos airde ná an caighdeán a shainordáítear le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta.

4. SRIANTA IOMAÍOCHTA

(67) Mínítear sa roinn seo na cineálacha éagsúla srianta ar dócha go dtiocfaidh siad faoi Airteagal 101(1) CFAE, agus arbh fhéidir, dá bhrí sin, tairbhiú den eisiáimh faoi Airteagal 210a má chomhlíonann siad coinníollacha Airteagal 210a.

(68) Maidir le srianta iomaíochta ar dócha go dtiocfaidh siad faoi Airteagal 101(1), ní bhreithnítear sa roinn seo ar cé acu ar dóchúil nó nach dóchúil go sásóidís na ceanglais i ndáil le díolúine faoi Airteagal 101(3) CFAE. Ní bheartaítear leis an roinn seo ach oiread idirphlé uileghabhálach a sholáthar faoi cathain a chuirtear srian ar iomaíocht le comhaontú inbhuanaitheachta nó faoi cathain nach gcuirtear.

4.1. Céard is srian iomaíochta ann?

(69) Tá an coincheap 'paraiméadair na hiomaíochta' ina phríomhpharaiméadar ó thaobh a bheith in ann an méid atá i gceist le srian iomaíochta a thuiscint. Téann gnólachtaí san iomaíocht trí thairiscint a thabhairt do chustaiméirí atá níos tarraingtí ná na tairiscintí ó sholáthróirí malartacha sna cúinsí lena mbaineann. Cé go bhféadfadh an praghas a bheith ar an toisc is tábhachtaí ó thaobh roinnt ceannaitheoirí, d'fhéadfadh ról a bheith ag tosca eile freisin. Mar shampla, d'fhéadfadh soláthraí amháin táirge le cáilíocht níos fearr, gnéithe níos fearr, éagsúlacht níos mó, seirbhís níos fearr, níos mó nuálaíochta, a thairiscint. D'fhéadfadh tosca áirithe difear a dhéanamh do chumas soláthróra a phraghas a laghdú nó gnéithe a fheabhsú, amhail cumas an tsoláthróra leibhéal áirithe aschuir a tháirgeadh ar chostas níos ísle ná a chuid iomaitheoirí, modhanna agus teicneolaíochtaí táirgthe níos éifeachtúla, foinsí soláthair, iompar agus lóistíocht. Tagraítear do na tosca praghasa agus neamhphraghasa sin i gcomhpháirt mar 'paraiméadair na hiomaíochta'.

(70) Le comhaontú, cuirtear srian ar iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1) CFAE más dóchúil go mbeidh tionchar ag an gcomhaontú ar na paraiméadair iomaíochta ábhartha i margadh ar leith. D'fhéadfadh comhaontú srian a chur ar iomaíocht toisc go bhfuil oibleagáid shainráite nó intuigthe ann gan dul san iomaíocht maidir le paraiméadar iomaíochta amháin nó níos mó. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé srian a chur ar iomaíocht trí iomaíocht idir na páirtithe sa chomhaontú a laghdú nó an iomaíocht idir iad agus tríú páirtithe a laghdú ⁽³³⁾. Soláthraítear forbheathnú in Iarscríbhinn E ar chuid de na príomhchineálacha srianta iomaíochta is féidir a aimsiú i gcomhaontuithe inbhuanaitheachta, mar aon le faisnéis faoin gcaoi ina bhféadfaí na cineálacha éagsúla srianta a chur i bhfeidhm sa chleachtas.

(71) I roinnt cásanna, is féidir a bhreithniú go gcuireann an comhaontú inbhuanaitheachta, de réir a chineáil, srian ar iomaíocht. Mar shampla, is dóchúil, go bunúsach, go gcuirfeadh srian ar an iomaíocht i gcás ina gcomhaontóidh grúpa de ghnóthais iomaíochta go ngearrfaidh siad uile na praghsanna céanna ar a gcuid custaiméirí faoi seach.

⁽³²⁾ Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1).

⁽³³⁾ Treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 81(3) den Chonradh (IO C 101, 27.4.2004, lch. 97) ('Treoirlínte maidir le hAirteagal 101(3) CFAE'). Tá tagairt d'Airteagal 81(3) sa teideal toisc gur eisíodh an fógra roimh ghlacadh Chonradh Liospóin. Nuair a glacadh Conradh Liospóin, rinneadh Airteagal 101 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh d'Airteagal 81 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh.

- (72) I gcásanna eile, cé nach féidir a bhreithniú go gcuireann an comhaontú inbhuanaitheachta atá i gceist, de réir a chineáil, srian ar iomaíocht, d'fhéadfadh sé go mbeidh sé d'éifeacht aige, mar sin féin, srian a chur ar iomaíocht. Sna cásanna sin, beifear ag brath ar roinnt tosca, ar a n-áirítear an cion den mhargadh a ndéantar difear dó, maidir le cibé ar dóchúil go gcuirfear srian ar an iomaíocht mar gheall ar chomhaontú inbhuanaitheachta, nó cé acu arb ann nó nach ann do ghnóthais eile a bheadh in ann tosú ar tháirgí iomaíocha a tháirgeadh. Tarlaíonn sé sin, má tá dóthain táirgeoirí ann nach gcumhdaítear leis an gcomhaontú inbhuanaitheachta, leanfaidh custaiméirí de roghanna malartacha iomaíocha a bheith acu, agus mar sin, ní dócha go gcuirfear srian ar an iomaíocht mar gheall ar an gcomhaontú inbhuanaitheachta i gceist.
- (73) D'fhéadfadh an iliomad srianta iomaíochta a bheith i gcomhaontú inbhuanaitheachta. Mar shampla, comhaontú sonrath maidir le formhuirear sainordaitheach a bheadh le híoc le feirmeoirí a chomhlíonann critéir airithe leasa ainmhithe, is comhaontú é a d'fhéadfadh a bheith i dtionscnamh leasa ainmhithe, i gcás ina bhfuil an comhaontú maidir leis an bhformhuirear ina chomhaontú maidir le comhpháirt den phraghas. B'fhéidir go n-áireofaí leis na critéir sin freisin ceanglais i ndáil leis an méid spáis a bheadh ar fáil d'ainmhithe aonair, rud lena bhféadfaí méid na n-ainmhithe is féidir a thógáil a laghdú (srian aschuir), nó b'fhéidir go sonrúfaí ceanglais bheatha áirithe iontu (srian ionchuir).
- (74) Chun go gcuirfeadh comhaontú inbhuanaitheachta srian ar iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1) CFAE, ní bhaineann líon na srianta sa chomhaontú sin le hábhar a fhad agus a áirítear srian amháin den sórt sin ar a laghad sa chomhaontú.

Sampla de chomhaontú a chuireann srian ar iomaíocht: Chun truailliú a laghdú agus córais uisce a chosaint, is mian le feirmeoirí soighe i réigiún scor de leasacháin cheimiceacha a úsáid. Mar sin féin, mar gheall ar an laghdú ar an toradh a d'fhéadfadh a bheith ann agus cailleanais airgeadais dá gcuirfidís tionscnamh den sórt sin chun feidhme as a stuaim féin, comhaontaíonn siad ní hamháin stop a chur le leasacháin cheimiceacha a úsáid ach a bpraghsanna in aghaidh an tona a mhéadú freisin chun an leibhéal brabúsachta a bhí ann roimhe sin a choinneáil. Is dócha go gcuirfear srian ar an iomaíocht leis an gcomhaontú inbhuanaitheachta trí theorainn a chur le cumas na bhfeirmeoirí a bpraghsanna féin a shocrú.

Sampla de chomhaontú nach dócha go gcuirfidh sé srian ar an iomaíocht: Cruthaíonn grúpa feirmeoirí ar mian leo scoir de leasacháin cheimiceacha a úsáid marc cáilíochta le haghaidh 'soighe inbhuanaithe' a tháirgeadh gan aon leasachán ceimiceach. Is dócha go laghdófar an táirgeacht trí úsáid leasachán ceimiceach a dhíothú, agus mar sin go bhféadfaí go laghdófaí ioncain na bhfeirmeacha. Dá bhrí sin, chun cur ina luí ar thomhaltóirí go bhfuil soighe inbhuanaithe níos luachmhair ná soighe a tháirgtear le leasachán ceimiceach, infheistíonn an grúpa go trom i bhfeasacht tomhaltóirí ar an marc cáilíochta a ardú agus a bhfeasacht ar na tairbhí comhshaoil a bhaineann le díothú leasacháin cheimiceacha. Aon fheirmeoir a dheimhníonn gur táirgeadh a chuid soighe gan aon leasachán ceimiceach, is féidir leis a bheith rannpháirteach sa scéim, agus is féidir leis an scéim a fhágáil tráth ar bith. Murab ionann agus an sampla roimhe seo, níl aon fhoráil ann lena socraítear praghsanna.

Ní dócha go gcuirfidh an comhaontú inbhuanaitheachta srian ar iomaíocht. D'fhéadfadh sé go mbeidh éifeacht ag an scéim sa chaoi go gcuirfear srian ar iomaíocht má théann an-chuid táirgeoirí soighe isteach sa scéim, agus mar sin go gcuirfear teorainn le cumas custaiméirí nár mhian leo soighe inbhuanaithe a cheannach gan é sin a dhéanamh. Más rud é, áfach, nach dtéann ach méid beag táirgeoirí soighe isteach sa scéim, mar shampla táirgeoirí arb ionann a gcuid táirgí agus níos lú ná 10 % den soláthar, toisc go mbeidh laghdú neamhshuntasach ar leibhéal na n-ionchur dá thoradh sin, is dócha go mbeidh aon srian iomaíochta neamhshuntasach agus go leanfaidh custaiméirí de roghanna malartacha a bheith acu mura bhfuil fonn orthu níos mó a íoc as soighe inbhuanaithe nó mura bhfuil siad in ann íoc as.

4.2. An ní nach srian iomaíochta é?

- (75) Ní chuireann na comhaontuithe inbhuanaitheachta uile srian ar iomaíocht. I gcás nach ndéanann na comhaontuithe inbhuanaitheachta sin difear do na paraiméadair iomaíochta, amhail praghas, cainníocht, cáilíocht nó nuálaíocht, ní dócha go gcuirfear srian ar iomaíocht leo. Is samplaí léiritheacha iad na samplaí seo a leanas agus níl siad uileghabhálach.
- (76) Uimhir a haon, ní dócha go gcuirfear srian ar iomaíocht mar gheall ar chomhaontuithe inbhuanaitheachta nach mbaineann le gníomhaíocht eacnamaíoch iomaitheoirí, ach lena n-iompar corparáideach inmheánach. Mar shampla, d'fhéadfadh iomaitheoirí iarracht a dhéanamh feabhas a chur ar cháil fhoriomlán an tionscail a bheith freagrach ó thaobh an chomhshaoil de. Chun na críche sin, d'fhéadfaidís bearta a dhéanamh chun plaistigh aon-úsáide a dhíothú ar a n-áitreabh gnó, gan teacht comhthimpeallach áirithe a shárú i bhfoirgnimh, nó méid na n-ábhar priontáilte in aghaidh an lae a theorannú.

- (77) Ar an dara dul síos, ní dócha go gcuirfidh comhaontuithe inbhuanaitheachta srian ar iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1) CFAE má bhaineann siad leis an méid seo a leanas: bunachar sonraí a chruthú ina mbeidh faisnéis faoi sholáthróirí a bhfuil slabhraí luacha inbhuanaithe acu, a úsáideann próisis táirgthe inbhuanaithe agus a sholáthraíonn ionchuir inbhuanaithe, nó a sholáthraíonn táirgí ar bhealach inbhuanaithe, gan ceangal a chur ar na páirtithe sna comhaontuithe ceannach ó na soláthróirí sin ná díol leis na dáileoirí sin.
- (78) Ar an tríú dul síos, ní dócha go gcuirfidh comhaontuithe inbhuanaitheachta idir iomaitheoirí srian ar iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1) CFAE má bhaineann siad leis an méid seo a leanas: feachtais feasachta a eagrú feadh an tionscail nó feachtais lena n-ardaítear feasacht custaiméirí ar lorg comhshaoil a dtomhaltais, gan feachtais den sórt sin a bheith comhchosúil le fógraíocht chomhpháirteach i leith táirgí.
- (79) I gcás nach bhforchuirtear srian iomaíochta le comhaontú inbhuanaitheachta, ní bheidh feidhm ag Airteagal 101(1) CFAE agus dá bhrí sin ní bheidh sé riachtanach go dtairbheoidh an comhaontú inbhuanaitheachta den eisiamh faoi Airteagal 210a. Sna cásanna sin, beidh na páirtithe sa chomhaontú inbhuanaitheachta saor chun dul ar aghaidh le cur chun feidhme an chomhaontuithe.

5. FÍOR-RIACHTANAS FAOI AIRTEAGAL 210A

5.1. Réamhrá

- (80) Foráiltear le hAirteagal 210a(1) nach bhfuil feidhm ag Airteagal 101(1) CFAE maidir le comhaontuithe a bhaineann le táirgeadh talmhaíochta ná le trádáil iontu agus a bhfuil sé d'aidhm leo caighdeán inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm atá níos airde ná mar a shainordaítear le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta, mura bhforchuirtear leis na comhaontuithe sin ach srianta iomaíochta atá 'fíor-riachtanach' chun an caighdeán inbhuanaitheachta sin a bhaint amach. Dá bhrí sin, tá an fíor-riachtanas ar cheann de na coinníollacha nach mór do tháirgeoirí a chomhlíonadh chun go dtairbheoidh siad den eisiamh de bhun Airteagal 210a.
- (81) Sa roinn seo mínítear an bealach inar cheart coincheap an fhíor-riachtanais a thuiscint chun críocha Airteagal 210a. Soláthraítear treoraíocht inti faoi mbealach ina mbíonn feidhm ag an gcoinníoll fíor-riachtanais maidir le srianta éagsúla iomaíochta ag brath ar na comhaontuithe inbhuanaitheachta a shaothraítear. Níl sé d'aidhm ag an roinn seo foirmeacha agus cineálacha sonracha srianta a leagan amach a fhéadfaidh páirtithe leasmhara iad a ghlacadh nó gan iad a ghlacadh ina gcuid comhaontuithe inbhuanaitheachta. Mar sin féin, leagann sé modheolaíocht síos le haghaidh measúnú a dhéanamh ar na himthosca inar dócha go mbeadh na príomhchineálacha srianta fíor-riachtanach maidir le caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach, agus an mhodheolaíocht sin a léiriú ag úsáid tacar de shamplaí neamh-uileghabhálacha.
- (82) Sula ndéanfaidh siad measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil srian iomaíochta atá mar thoradh ar chomhaontú inbhuanaitheachta fíor-riachtanach, ní mór do na páirtithe a shuí ar dtús an bhfuil srian iomaíochta ann. (féach Roinn 4). Mura gcuirtear srian ar iomaíocht leis an gcomhaontú inbhuanaitheachta atá i gceist, ní gá measúnú a dhéanamh maidir le fíor-riachtanas. Sna cásanna sin, féadfaidh oibreoirí dul díreach ar aghaidh le cur chun feidhme an chomhaontaithe inbhuanaitheachta.
- (83) Ní mór measúnú a dhéanamh ar fhíor-riachtanas sriain iomaíochta de bhun Airteagal 210a i ndáil leis an gcaighdeán a bhfuil sé d'aidhm ag an comhaontú inbhuanaitheachta a bhaint amach. D'fhéadfadh sé go gciallódh baint amach an chaighdeán inbhuanaitheachta táirgí talmhaíochta a tháirgeadh nó a thrádáil i gcomhréir leis an gcaighdeán.
- (84) Ar deireadh, mura bhfuil comhaontú inbhuanaitheachta fíor-riachtanach, féadfaidh an Coimisiún nó na húdaráis iomaíochta náisiúnta an comhaontú sin a imscrúdú agus a mheas cé acu an sáraíonn sé Airteagal 101(1) CFAE, an gcaillíonn sé do dhíolúine faoi Airteagal 101(3) CFAE nó an bhféadfadh sé tairbhiú de eisiamh eile ó Airteagal 101(1) CFAE. D'fhéadfaí fineáil a fhorchur mar thoradh air sin má chinntear go bhfuil sárú ar Airteagal 101(1) CFAE agus i gcás nach bhfuil feidhm ag aon díolúine nó eisiamh eile.

5.2. An coincheap fíor-riachtanais

- (85) Tá coincheap an fhíor-riachtanais in úsáid cheana i ndlí iomaíochta an Aontais. Foráiltear le hAirteagal 101(3) CFAE gur féidir a dhearbhu nach bhfuil an toirmeasc in Airteagal 101(1) CFAE infheidhme maidir le comhaontuithe lena gcuidítear chun feabhas a chur ar tháirgeadh nó dáileadh earraí nó lena gcuidítear le cur chun cinn teicniúil nó eacnamaíoch, agus lena gcumasaítear tomhaltóirí i gcomhthráth chun cion cothrom de na tairbhí a fháil, agus ar comhaontuithe iad: (i) nach ndéanann srianta a fhorchur *nach bhfuil fíor-riachtanach* chun na cuspóirí sin a bhaint amach; agus (ii) nach gcumasaíonn na gnóthais lena mbaineann chun a bheith in ann iomaíocht i leith cuid shuntasach de na táirgí lena mbaineann a dhíothú.
- (86) Mínítear coincheap an fhíor-riachtanais faoi Airteagal 101(3) CFAE a thuilleadh sna Treoirínte maidir le hAirteagal 101(3) CFAE ⁽³⁴⁾ agus cuirtear i bhfeidhm go rialta é i gcásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ⁽³⁵⁾.
- (87) Mar gheall ar fhoclaíocht Airteagal 210a CFAE agus Airteagal 101(3) CFAE a bheith comhchosúil, tá an tástáil le haghaidh cinneadh a dhéanamh faoi cé acu atá nó nach bhfuil srian fíor-riachtanach faoi Airteagal 101(3) CFAE ina phointe tosaigh úsáideach le haghaidh an mheasúnaithe fíor-riachtanais chun críocha Airteagal 210a. Mar sin féin, tá príomhdhifriochtaí áirithe idir an dá airteagal, rud a fhágann gur gá don chaighdeán le haghaidh fíor-riachtanais a bheith difriúil.
- (88) Tugtar tuairisc ar thástáil dhá chéim sna Treoirínte maidir le hAirteagal 101 (3) CFAE lena chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil srianta iomaíochta fíor-riachtanach. Féachtar sa céad chéim den tástáil ar cé acu atá nó nach bhfuil *an comhaontú* é féin (i.e. an comhaontú a chumhdaítear le hAirteagal 101(1) CFAE) réasúnta riachtanach chun na héifeachtúlachtaí a chruthaítear leis an gcomhaontú a bhaint amach. Leis an dara céim déantar measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil *na srianta aonair* ar iomaíocht a eascraíonn as an gcomhaontú réasúnta riachtanach freisin chun na héifeachtúlachtaí sin a bhaint amach.
- (89) Cé go bhfuil an measúnú fíor-riachtanais faoi Airteagal 210a faoi réir tástáil dhá chéim freisin, tá feidhm ag tástáil den sórt sin i gcreat dlíthiúil atá éagsúil ón tástáil dhá chéim chun críocha Airteagal 101(3) CFAE. Bhreithnigh comhreachtóirí an Aontais, is é sin Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh, gur féidir le tioncnaimh ingearacha agus chothrománacha áirithe a bhaineann le táirgí talmhaíochta, a bhfuil sé d'aidhm acu ceanglais atá níos déine ná na ceanglais éigeantacha a chur i bhfeidhm, éifeachtaí dearfacha a bheith acu ar chuspóirí inbhuanaitheachta ⁽³⁶⁾. Bhreithnigh comhreachtóirí an Aontais freisin gur féidir le comhaontuithe den sórt sin seasamh táirgeoirí sa slabhra soláthair a neartú agus a gcumhacht mhargála a mhéadú ⁽³⁷⁾. I bhfianaise na ndúshlán atá roimh oibreoirí in earnáil na talmhaíochta agus an ghá phráinnigh dul chun cinn a dhéanamh maidir le hinbhuanaitheacht, ghlac an tAontas Airteagal 210a chun creat a chruthú lena n-eisiatar cur i bhfeidhm Airteagal 101(1) CFAE ⁽³⁸⁾ chun oibreoirí a dhreasú chun comhaontuithe den sórt sin a dhéanamh, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe. Dá bhrí sin, tá an caighdeán grinnscrúdaithe nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar chineál agus déine an tsriain ar iomaíocht chun críocha Airteagal 210a éagsúil ón gcaighdeán chun críocha Airteagal 101(3) CFAE. Ciallaíonn sé sin, i measc nithe eile, go bhféadfar a mheas, chun críocha Airteagal 210a, go bhfuil srianta a bhreithneofaí gur srianta tromchúiseacha iad chun críocha Airteagal 101(1) CFAE, amhail comhaontuithe maidir le socrú praghsanna nó aschur a laghdú fíor-riachtanach má chomhlíontar na coinníollacha a thuairiscítear i Ranna 5.3 agus 5.4 tráth nach dócha go gcomhlíonfadh srianta den sórt sin coinníollacha Airteagal 101(3) CFAE.

⁽³⁴⁾ Treoirínte maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 81(3) den Chonradh, IO C 101, 27.4.2004, lch. 97).

⁽³⁵⁾ Breithiúnas ón gCúirt (an Mór-Dhlísheomra) an 23 Eanáir 2018, *F. Hoffmann-La Roche Ltd agus Daoine Eile v Autorità Garante della Concorrenza e del Mercato*, C-179/16, EU:C:2018:25, mír 98; Breithiúnas na Cúirte (An 10ú Dlísheomra), 7 Feabhra 2013, *Protimonopolný úrad Slovenskej republiky v Slovenská sporiteľňa a.s.*, C-68/12, EU:C:2013:71, mír 35; Breithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Dara Dlísheomra, Comhdhéanamh Méadaithe) an 24 Meán Fómhair 2019, *HSBC Holdings agus Eile v An Coimisiún*, T-105/17, EU:T:2019:675, mír 159.

⁽³⁶⁾ Brollach 62 a ghabhann le Rialachán 2021/2117.

⁽³⁷⁾ Ibid.

⁽³⁸⁾ Faoi Airteagal 42 CFAE, níl feidhm ag forálacha na caibidle den Chonradh a bhaineann le rialacha iomaíochta ach amháin maidir le táirgí talmhaíochta a tháirgeadh agus a thrádáil a mhéid a chinneann Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh.

- (90) Sa chleachtas, chun an measúnú faoi chéim 1 a dhéanamh, ní mór d'oibreoírí: (i) anailís a dhéanamh an gá dóibh oibriú i gcomhar le chéile chun an caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach seachas é a dhéanamh go haonarach; agus (ii) anailís a dhéanamh féachaint an bhféadfaí an caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach trí chineál eile forála nach bhfuil chomh sriantach céanna. Chun an measúnú faoi chéim 2 a dhéanamh, ní mór d'oibreoírí cineál agus déine an tsriain bhreithniú agus cinneadh a dhéanamh an é an srian sin an modh lena laghad srianta is féidir atá le fáil chun an caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach.

5.3. Céim 1 - Fíor-riachtanas an chomhaontaithe inbhuanaitheachta

- (91) Féachtar sa chéad chéim den tástáil fíor-riachtanais faoi Airteagal 101(3) CFAE ar cé acu atá nó nach bhfuil an comhaontú inbhuanaitheachta sin réasúnta riachtanach chun na héifeachtúlachtaí a chruthaítear leis an gcomhaontú a bhaint amach. De réir analaí, chun críocha Airteagal 210a, déantar measúnú sa chéad chéim ar cé acu atá nó nach bhfuil an comhaontú inbhuanaitheachta réasúnta riachtanach chun an caighdeán inbhuanaitheachta a shaothraítear a bhaint amach. Fágann sé sin gur cheart go mbeadh baint amach an chaighdeán inbhuanaitheachta sonrathach i dtaobh an chomhaontaithe i gceist. Mínítear sa rannán seo an méid atá i gceist sa chleachtas.
- (92) Mar bhreithniú ginearálta, mar gheall ar chineál agus cuspóirí Airteagal 210a glactar leis go mbeadh foráil amháin nó níos mó i gcomhaontú inbhuanaitheachta. Mar íosmhéid, ba cheart do gach comhaontú inbhuanaitheachta foráil a bheith aige ina gcomhaontaíonn oibreoírí i gcomhpháirt caighdeán inbhuanaitheachta atá níos airde ná rialacha éigeantacha an Aontais ná na rialacha náisiúnta a chur i bhfeidhm. Chomh maith le comhaontú maidir leis an gcaighdeán inbhuanaitheachta, d'fhéadfadh sé go mba gá do na hoibreoírí comhaontú maidir le hábhar amháin nó níos mó a bhaineann le táirgeadh nó trádáil táirgí talmhaíochta chun an caighdeán inbhuanaitheachta a fhorbairt nó a chur chun feidhme go héifeachtach. D'fhéadfadh baint a bheith ag forálacha den sórt sin le paraiméadair iomaíochta, mar shampla an praghas ar a dhíoltar an táirge, praghas na n-ionchur ar gá iad lena tháirgeadh, an méid den táirge a tháirgí, an chaoi a dháiltear nó a mhargaítear an táirge agus deimhniúchán an táirge.
- (93) Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar fhíor-riachtanas comhaontaithe inbhuanaitheachta, ní mór measúnú a dhéanamh ar gach aon fhoráil den chomhaontú, go haonarach. Mar shampla, cé go bhféadfadh forálacha maidir le praghas le haghaidh comhaontú inbhuanaitheachta áirithe a bheith réasúnta riachtanach chun caighdeán inbhuanaitheachta ar leith a bhaint amach, d'fhéadfadh sé nach mbeadh gá réasúnta le forálacha eile, bainteach mar shampla le haschur. Is é is cúis leis sin ná gur féidir leis na páirtithe an tsaincheist a bhfuil sé d'aidhm ag an bhforáil maidir le haschur aghaidh a thabhairt uirthi a réiteach go héifeachtach ar bhonn aontaobhach seachas trí bhíthin comhair, nó toisc go bhféadfaí aghaidh a thabhairt freisin ar an tsaincheist i dtrácht le forálacha nach bhfuil chomh sriantach sin ó thaobh na hiomaíochta de.
- (94) Mar sin féin, ní mór d'oibreoírí an comhaontú inbhuanaitheachta a mheas ina iomláine freisin chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a bhaintear nó nach mbaintear amach, le cur chun feidhme na bhforálacha éagsúla tógtha le chéile, an caighdeán inbhuanaitheachta i gceist. Tá idirphlé breise déanta air seo i Ranna 5.3.1 agus 5.3.2.
- (95) Ina theannta sin, dá éasca atá sé feabhsú an chaighdeán inbhuanaitheachta a dhéanamh ina aidhm a mbíonn oibreoírí ag iarraidh a bhaint amach (i gcomparáid leis an gcaighdeán a shainordaítear le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta), is ea is lú an dóchúlacht go mbeadh ar na hoibreoírí dul i mbun comhair nó go mbeadh gá leis na srianta a roghnaítear a bheith de chineál nó de dhéine níos tromchúisí. D'fhéadfadh sé go mbeadh cásanna ann, áfach, ina bhféadfadh deacrachtaí nach beag d'oibreoírí a bheith ag baint le feabhsuithe beaga fiú thar an gcaighdeán éigeantach i dtéarmaí táirgthe nó trádála, rud a thabharfadh údar le comhar eatarthu nó leis an gcomhaontú maidir le srianta áirithe ar iomaíocht (úsáid lotnaidicíde ceimicí áirithe nach bhfuil aon rogha orgánach inacmhainne aici ar an margadh a stopadh). Ag an tráth céanna, d'fhéadfadh cásanna a bheith ann freisin ina bhféadfadh sé nach mbeadh aon deacracht ann d'oibreoírí dá ndéanfaí feabhsuithe suntasacha thar an gcaighdeán éigeantach a bhaint amach agus mar thoradh air sin, nach meastar go bhfuil comhar nó comhaontú maidir le srianta fíor-riachtanach (úsáid tacar lotnaidicídí a stopadh a bhfuil roghanna malartacha orgánacha inacmhainne ann ina leith).

Sampla 1: Déanann táirgeoirí fíonchaor a oibríonn ar chorr-laigh ísle agus atá lonnaithe i réigiún áirithe cinneadh i gcomhpháirt laghdú 52 % a dhéanamh ar úsáid lotnaidicídí ceimiceacha cé nach gceanglaítear leis an gcaighdeán a shainordáítear leis an dlí ach laghdú 50 %. Cinneann siad an laghdú sin a bhaint amach trí lotnaidicídí orgánacha a cheannach ina n-ionad. Tá na costais bhreise a leagtar ar na táirgeoirí chun lotnaidicídí orgánacha a cheannach beagán níos airde ná na costais a leagfaí orthu sa chás go gceannóidís lotnaidicídí ceimiceacha. Chun an caighdeán a bhaint amach, aontaíonn na táirgeoirí i gcomhpháirt maidir le praghas seasta a ghearrfaidh siad le haghaidh na bhfíonchaor níos inbhuanaithe.

Ós rud é go bhfuil na lotnaidicídí orgánacha beagán níos costasaí agus go n-oibríonn táirgeoirí ar chorr-laigh ísle agus mar sin nach bhfuil aon spreagadh iontu na costais seo a ionsú ar bhonn aonair, is dóchúil go mbeidh gá le comhar. Ní dócha, áfach, go mbeidh gá le praghas seasta a ghearradh go hiartheachtach, mar gheall ar an bhfeabhsú i dtéarmaí inbhuanaitheachta a ndírítear air sa chomhaontú inbhuanaitheachta. Cé go soláthrófaí luach saothair leordhóthanach do na táirgeoirí le comhaontú ar phraghas seasta agus go n-áiritheofaí go mbainfí an caighdeán amach, tá an chuma ar an scéal go bhfuil rogha mhalartach ann nach bhfuil chomh sriantach. Sa chás sin, tá an chuma ar an scéal gurb é comhaontú chun úsáid lotnaidicídí a laghdú faoi 2 % breise an bealach is lú srian chun an caighdeán a bhaint amach, ós rud é go bhfuil na costais bhreise le haghaidh lotnaidicídí orgánacha íseal agus go leagfaí iad ar na táirgeoirí uile sa réigiún. Choiscfí, leis an méid sin, staid nach mbeadh cuid de na táirgeoirí iomaíoch a thuilleadh mar gheall ar na costais bhreise a leagfaí orthu.

Sampla 2: Chun feabhas a chur ar leas sicíní a thógtar le haghaidh a gcuid feola, comhaontaíonn táirgeoirí go ndéanfaidh siad seiceálacha in aghaidh na bliana ar cháilíocht an uisce a ólann na sicíní. Is é is aidhm do na seiceálacha measúnú a dhéanamh ar leibhéal na n-éilleán atá san uisce amhail miotal trom agus ceimiceáin, agus aghaidh a thabhairt ar leibhéal iomarcacha na n-éilleán sin, i gcás ina bhfaightear iad. Faoi gcomhaontú, ní mór do na táirgeoirí na seiceálacha a dhéanamh iad féin ag úsáid trealamh atá inacmhainne, nach mór é a cheannach ach uair amháin agus nach bhfuil saeolas eolaíoch riachtanach lena úsáid. Níl aon chaighdeán sonrach de chuid an Aontais ná aon chaighdeán náisiúnta lena sainordáítear nach mór seiceálacha den sórt sin a dhéanamh, ach amháin ceanglas ginearálta go bhfaighidh ainmhithe uisce óil. Mar gheall ar na seiceálacha in aghaidh na bliana ar uisce, méadaítear na costais táirgthe beagán. Mar thoradh air sin, comhaontaíonn táirgeoirí éanlaithe clóis ar oibleagáidí ceannaigh eisiacha le haghaidh éineola a bheith ar cheannaitheoirí chun go ndéanfaí na costais bhreise a aisghabháil trí ráthaíocht a bheith acu go gceannófaí a gcuid táirgeachta.

Ní dócha go mbeidh gá le comhar idir táirgeoirí éanlaithe clóis ós rud é go bhfuil an chuma ar an scéal nach dtugann an feabhsú i dtéarmaí leasa ainmhithe údar cuí leis na srianta atáthar ag brath a dhéanamh. D'fhéadfadh gach táirgeoir an caighdeán a bhaint amach ina aonair go héifeachtach, toisc nach gá do tháirgeoirí eolas nó saeolas a n-iomaitheoirí a bheith acu chun an caighdeán a bhaint amach. Thairis sin, d'fhéadfadh táirgeoirí aonair an caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach gan aon chostas breise suntasach a thabú lena gcuirfí faoi míbhuntáiste é ina mhalairt de chás i gcomparáid le táirgeoirí eile nach gcuireann an caighdeán chun feidhme. Ina theannta sin, fiú i gcás inar measadh go raibh an comhar riachtanach, ní dócha go mbeadh sé fíor-riachtanach ó thaobh táirgeoirí a bheith ag comhaontú le ceannaitheoirí maidir le hoibleagáidí ceannaigh eisiacha, ós rud é go dtabhódh na táirgeoirí costais ísle a bheag nó a mhór as cáilíocht an uisce a thástáil.

- (96) Ar deireadh, ní mór d'oibreoirí measúnú a dhéanamh ar fhíor-riachtanais an tsriain sa chomhthéacs iarbhrí ina n-oibríonn an caighdeán inbhuanaitheachta, ag cur struchtúr an mhargaidh, na rioscaí eacnamaíocha a bhaineann leis an gcomhaontú inbhuanaitheachta agus na dreasachtaí atá os comhair na bpáirtithe san áireamh. Má éiríonn sé níos éiginnte an caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach in éagmais an tsriain shonraigh, is mó an dóchúlacht go bhfuil gá leis an srian chun a áirithiú go mbainfear amach an caighdeán.

5.3.1. *An féidir an caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach trí ghníomhú go haonarach?*

- (97) Chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil comhaontú inbhuanaitheachta riachtanach go réasúnta chun caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach, is gá measúnú a dhéanamh ar cé acu arbh féidir leis na páirtithe an caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach ina n-aonar, ag gníomhú mar dhaoine aonair, seachas trí chomhar. Ní mór d'oibreoírí dá bhrí sin, an chúis go bhfuil sé riachtanach dóibh dul i mbun comhair a shaináithint mar aon le cad a chuirfeadh bac orthu an caighdeán a bhaint amach as a stuaim féin. Agus an measúnú sin á dhéanamh acu, ní mór dóibh na dálaí margaidh agus an staid ghnó atá os a gcomhair amach a chur san áireamh ar ábhartha iad ó thaobh an chaighdeáin inbhuanaitheachta i gceist a bhaint amach. D'fhéadfadh cásanna a bheith ann ina bhféadfaí caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach trí ghníomhaíocht aonair, ach go bhféadfadh na hoibreoírí é a bhaint amach níos tapa agus le costas níos lú agus iarracht níos lú trí chomhar. Dá thoradh sin, d'fhéadfadh gá a bheith leis an gcomhar agus réasún leis chun an caighdeán a bhaint amach cé go dteastódh ó oibreoírí a áirithiú fós go bhfuil aon srian ar iomaíocht dá ndéantar foráil sa chomhaontú fíor-riachtanach freisin, mar a mhínítear i roinn 5.4.
- (98) Mar shampla, mura bhfuil táirgeoírí táirgí talmhaíochta in ann caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach toisc nach bhfuil an taithí is gá acu ná an t-eolas i gcás réimse ar leith, d'fhéadfadh comhar le hoibreoírí eile ar leibhéal éagsúla an tslabhra agraibhia a bhfuil an taithí nó an t-eolas sin acu a bheith fíor-riachtanach. Dá mbeadh táirgeoírí táirgí talmhaíochta in ann eolas den sórt sin a fháil as a stuaim féin go héasca, áfach, gan infheistíocht shonrach a dhéanamh in am nó in airgead, ní dócha go mbeidh sé riachtanach dóibh dul i mbun comhair chun an caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach.
- (99) Mar an gcéanna, d'fhéadfadh sé nach bhfuil an spreagadh i dtáirgeoírí táirgí talmhaíochta íoc as na costais is gá nó an infheistíocht a dhéanamh is gá chun an caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach toisc nach mbeidís in ann na costais sin nó an infheistíocht sin a aisghabháil, nó nach féidir leo na costais sin nó an infheistíocht sin a thabhtú as a stuaim féin. D'fhéadfadh comhar le hoibreoírí eile ar leibhéal éagsúla den slabhra soláthair agraibhia atá toilteanach comhinfeistíocht a dhéanamh i mbaint amach an chaighdeáin inbhuanaitheachta a bheith fíor-riachtanach sa chás sin. Os a choinne sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh comhar idir táirgeoírí fíor-riachtanach má cheanglaítear, chun an caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach, infheistíocht nach gcuireann a méid go hábhartha leis an infheistíocht shéasúrach nó bhliantúil a dhéanfadh táirgeoírí i gcás eile i ndáil lena dtáirgeadh comhghnásach.
- (100) Thairis sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé brabúsach táirge a tháirgeadh nó a thrádáil ar bhealach níos inbhuanaithe ach amháin má dhéantar líon níos mó táirgí a tháirgeadh nó a thrádáil go hinbhuanaithe. Sa chás sin, d'fhéadfaí comhaontú idir oibreoírí go ndéanfaidh siad uile an táirge ar leith a tháirgeadh nó a thrádáil go hinbhuanaithe a mheas mar chomhaontú fíor-riachtanach. Sampla de sin a bheadh san úsáid a bhainfí as lógónna/lipéid chun táirgí a chomhlíonann ceanglais inbhuanaitheachta áirithe a shaináithint, rud ina mbeadh níos mó iontaobhe ag tomhaltóirí. Sampla eile a bheadh san úsáid a bhainfí as ardán lena gcuirfí ar a gcumas do tháirgeoírí trealamh nuálach agus na costais a bhainfeadh le ceannach nó cothabháil an trealaimh sin a chomhroinnt, chun táirgeadh a dhéanamh ar bhealach níos inbhuanaithe. Sa chéad sampla, a mhó oibreoírí a tháirgeann nó a thrádálann ar bhealach inbhuanaithe agus a úsáideann an lógó comhfhreagrach, a mhó an dóchúlacht go mbraithfidh miondíoltóirí agus tomhaltóirí gur féidir leo iontaoibh a chur i lógó, rud lena gcuirtear feabhas ina sheal ar an bhfáltais eacnamaíoch a d'fhéadfadh a bheith ann d'oibreoírí a dhíolfadh táirgí a bhfuil an lógó orthu. Sa dara sampla, a mhó táirgeoírí atá ann a chomhaontaíonn an t-ardán a úsáid agus a gcuid trealaimh a chur ar fáil do dhaoine eile, a mhó a bheidh rannpháirtíocht san ardán chun tairbhe gach táirgeoira aonair.
- (101) D'fhéadfadh staideanna a bheith ann inar ghá d'oibreoírí dul i mbun comhair toisc go bhfuil riosca ann, i gcás eile, go gcaithfeadh gach oibreoírí acmhainní móra agus go leor ama ar mhodhanna táirgthe éagsúla a fhorbairt chun an caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach.
- (102) Os a choinne sin, d'fhéadfadh staideanna a bheith ann nach gcruthaítear éifeachtúlachtaí iontu le forbairt chomhpháirteach modha táirgthe agus ina gcruthaítear breisluch breise nuair a dhéanann táirgeoírí aonair forbairt ar bhonn neamhspleách tríd an caighdeán a fháil níos tapúla de thoradh a bheith san iomaíocht le hoibreoírí eile. D'fhéadfadh staideanna a bheith ann freisin nach gcuirfí ar a gcumas d'oibreoírí, de bharr comhair, an caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach le i bhfad níos lú infheistíochta i dtéarmaí an méid ama nó acmhainní i gcomparáid le gníomh aonair. Sna cásanna sin, d'fhéadfadh sé go measfaí nach bhfuil comhar fíor-riachtanach.

Sampla: Beartaíonn táirgeoirí i mBallstát comhaontú inbhuanaitheachta a dhéanamh ina leagtar síos sprioc maidir le 25 % dá gcuid talún a chur i leataobh do chuspóirí bithéagsúlachta. Cuirtear na táirgeoirí cuid mhór dá gcuid talún i leataobh do chuspóirí bithéagsúlachta cheana féin. Tá éileamh ann ó ceannaitheoirí lena gcumhdaítear an líon táirgí a bheidh na táirgeoirí in ann a shaothrú ón 75 % eile dá gcuid talún. Íocfaidh ceannaitheoirí na dtáirgí sin praghas freisin a thabharfaidh cúiteamh airgid do tháirgeoirí as na feabhsuithe bithéagsúlachta a dhéanfaidh siad.

I gcás den sórt sin, níl aon ní a chuireann cosc ar tháirgeoirí an caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach as a stuaim féin toisc go bhfuil an taithí agus an t-eolas a theastaíonn ag gach táirgeoir cheana féin chun na feabhsuithe bithéagsúlachta a chur chun feidhme. Ina theannta sin, bheadh táirgeoirí in ann na costais a bhainfeadh leis an gcaighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach a aisghabháil ó na ceannaitheoirí.

- (103) D'fhéadfadh staideanna a bheith ann freisin inar ghá d'oibreoírí dul i mbun comhair chun plé go héifeachtach le heaspa faisnéise a bheith ag tomhaltóirí faoi na cáilíochtaí inbhuanaitheachta atá ag na táirgí a cheannaíonn siad. D'fhéadfadh sé nach féidir, trí ghníomh aonair, aird tomhaltóirí a tharraingt go héifeachtach ar an tsaincheist agus a áitiú orthu táirgí níos inbhuanaithe a cheannach. D'fhéadfadh gníomh aonair a bheith leordhóthanach, áfach, sna cásanna sin inarb ann d'éileamh tomhaltóirí ar tháirge níos inbhuanaithe nár saothraíodh go fóill, ach nach gcuirtear i láthair go soiléir nó go leordhóthanach sna táirgí a thairgeann táirgeoirí aonair gur ann do thairbhí inbhuanaitheachta agus gur féidir le gach táirgeoir atá ag gníomhú go neamhspleách an fhaisnéis sin a sholáthar go héasca.
- (104) Ar fhaitíos go mbeadh oibreoir thíos leis de bharr mhíbhuntáiste an cheannródaí agus é mar aidhm aige an caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach go haonarach, d'fhéadfadh sé go mbeadh comhar riachtanach chun cosc a chur ar iomaitheoirí maidir le saorthairbhíú ar infheistíocht an cheannródaí. Ina mhalairt de chás, ní bheadh le déanamh ag iomaitheoirí ach an modh táirgthe nó trádála a d'fhorbair an ceannródaí a chur chun feidhme gan aon chostas a thabhtú. Dá mba rud e, áfach, go bhféadfadh an ceannródaí cosc a chur ar shaorthairbhíú trí chearta maoine intleachtúla a úsáid lena gcuirfí cosc ar iomaitheoirí maidir leis an modh sin a úsáid gan an ceannródaí a chúiteamh, d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé riachtanach d'oibreoírí dul i mbun comhair chun an caighdeán a bhaint amach.
- (105) D'fhéadfadh sé go mbeadh oibreoir atá ag gníomhú go haonarach thíos leis de bharr mhíbhuntáiste an cheannródaí más mian leis táirge níos inbhuanaithe a tháirgeadh a bhfuil a phraghas níos airde go suntasach ná praghas na rogha neamh-inbhuanaithe. I gcás den sórt sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh deacrachtaí ag an oibreoir an táirge níos inbhuanaithe a mhargú: d'fhéadfadh sé nach bhfuil aon dreasacht ag a gcuid custaiméirí an táirge ar phraghas níos airde a thairiscint do thomhaltóirí deiridh toisc gur dócha go leanfadh na tomhaltóirí sin den rogha mhalartach níos saoire a cheannach. D'fhéadfadh sé sin nach dócha go mbeifí in ann an táirge inbhuanaithe a tháirgeadh nó a thrádáil. Sa chás sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh comhar idir oibreoírí riachtanach chun a áirithiú go gcomhroinntear an t-ualach airgeadais agus an riosca maidir leis an táirge níos inbhuanaithe a tháirgeadh nó a thrádáil ar an margadh i measc oibreoírí difriúla.
- (106) D'fhéadfadh sé a bheith d'aidhm ag comhaontú inbhuanaitheachta caighdeán inbhuanaitheachta a chomhlíonadh as a bhfaighidh oibreoírí luach saothair nó fóirdheontais go haonarach ó údarás poiblí (e.g. fóirdheontais ón CBT). Chomh maith leis an gcúis nó na cúiseanna a mbeadh sé riachtanach dóibh dul i mbun comhair a shainithint, caithfidh na hoibreoírí measúnú cúramach a dhéanamh freisin ar an bhfíor-riachtanas a bhaineann le dul i gcomhar chun an caighdeán i gceist a bhaint amach agus luach saothair nó fóirdheontais den sórt sin i gcuimhne. Má tharlaíonn, ar an láimh eile, gur leordhóthanach é an luach saothair nó an fóirdheontas i gceist chun go dtabhóidh na hoibreoírí an caiteachas a bhfuil gá leis chun an caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach go haonarach, d'fhéadfadh sé nach mbeadh gá dóibh dul i mbun comhair chun an caighdeán a bhaint amach. Ar an láimh eile, mura gcumhdaítear leis an luach saothair nó leis an bhfóirdheontas ach cuid de na costais a mbeadh gá iad a thabhtú chun an caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé riachtanach do na hoibreoírí dul i mbun comhair chun na costais atá gan íoc a chumhdach.
- (107) Ar deireadh, agus measúnú á dhéanamh ag oibreoírí ar cé acu an leor gníomh aonair chun caighdeán inbhuanaitheachta sonracha a bhaint amach, féadfaidh siad féachaint ar thionscnaimh aontaobhacha atá ann cheana ar baineadh an caighdeán céanna nó caighdeán comhchosúil amach leo go rathúil agus ar tháirgeadh nó ar trádáil méid comhchosúil táirgí leo an tráth céanna mar léiriú dóibh. An tráth céanna, toisc gur ann do thionscnaimh aontaobhacha lena baineadh amach an caighdeán céanna nó caighdeán comhchosúil ní fhágann sin ann féin agus as féin go gcuirtear bac ar an bhfíor-riachtanas atá ann d'oibreoírí dul i gcomhar. In ionad sin, beidh gá le measúnú cás ar chás, toisc go bhféadfadh éagsúlacht a bheith ag baint le himthosca sonracha na n-oibreoírí ar mian leo dul i gcomhar, leis na dálaí margaidh a bhí i réim tráth an chomhaontaithe agus leis na saincheistean a bhaineann le baint amach an caighdeáin i gceist go haonarach.

5.3.2. *Fíor-riachtanas na forála/na bhforálacha sa chomhaontú inbhuanaitheachta*

(108) I ndiaidh a sheiceáil nach féidir leis na páirtithe atá ag gníomhú go haonarach an caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach, is gá do na páirtithe i gcomhaontú inbhuanaitheachta scrúdú a dhéanamh ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear srian ar an iomaíocht leis na forálacha éagsúla den chomhaontú, mar shampla forálacha a bhaineann le praghas, aschur, nuálaíocht agus dáileadh agus, má chuirtear, cé acu atá siad nó nach bhfuil siad fíor-riachtanach maidir leis an gcaighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach. Mar chéad chéim den tástáil fíor-riachtanais, is gá d'oibreoirí comparáid a dhéanamh idir na cineálacha forálacha ar a gcomhaontaíonn siad le roghanna malartacha féideartha, mar shampla praghas seachas deimhniúchán; aschur seachas comhthiomsú trealaimh; malartú faisnéise seachas cur chun cinn. Maidir le fíor-riachtanas na srianta ar iomaíocht a leanann foráil, mar shampla an praghas iomlán a shocrú seachas praghas bisigh, déantar measúnú air i gcéim 2 den tástáil fíor-riachtanais.

(109) Sa chleachtas, chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil foráil áirithe fíor-riachtanach chun caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach, is gá do pháirtithe i gcomhaontú inbhuanaitheachta na saincheisteanna lena gcuirtear bac orthu an caighdeán sin a bhaint amach, a shainnithint. Maidir le gach saincheist, ní mór d'oibreoirí measúnú a dhéanamh ar cén foráil a bheadh oiriúnach chun í a réiteach chun an caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach. D'fhéadfadh cásanna a bheith ann ina bhfuil forálacha oiriúnacha malartacha chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist i gceist. Más ann do rogha idir dhá foráil den sórt sin nó níos mó, is í an foráil fhíor-riachtanach an foráil lena gcuirtear an bac is lú ar iomaíocht. D'fhéadfadh cásanna a bheith ann freisin, ina mbeadh dhá foráil oiriúnacha mhalartacha, nó níos mó ná sin, a bheadh a shriantaí lena chéile nó cásanna ina bhféadfadh sé a bheith thar a bheith casta an foráil is lú srianadh a chinneadh. Sna cásanna sin, is féidir le hoibreoirí a rogha forála a úsáid, ar choinníoll go gcomhlíontar na codanna eile den tástáil fíor-riachtanais a mhínítear i Roinn 5.4.

(110) Mar shampla, d'fhéadfadh na saincheisteanna thíos a bheith os comhair oibreoirí:

- (a) Má bhaineann an tsaincheist le heaspa muiníne tomhaltóirí sa chaighdeán inbhuanaitheachta, i measc na bhforálacha a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist, ag brath ar imthosca aonair an cháis, d'fhéadfaí a cheangal go gcruthófaí lógó/lipéad, a ndéantar comhlíontacht leis a fhíorú le córas deimhniúcháin neamhspleách; nó na táirgí a chur chun cinn agus a thráchtáil i gcomhpháirt. Os a choinne sin, ní dócha go mbeadh foráil a bhaineann leis an bpraghas a íoctar le táirgeoirí nó foráil a bhaineann leis na méideanna táirgeachta a chuirtear ar fáil do chustaiméirí iartheachacha oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist, toisc nach méadófaí léi muinín na dtomhaltóirí sa chaighdeán inbhuanaitheachta.

Más iad an dá foráil, a shainnithnítear thuas mar fhorálacha a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach, an t-aon rogha oiriúnach a thugann aghaidh ar shaincheist mhúinín na dtomhaltóirí, is dócha gurbh é an foráil maidir le cruthú lógó/lipéid an ceann is lú srianadh i ndáil le cúrsaí iomaíochta agus bheadh sé fíor-riachtanach dá bharr sin.

- (b) Má bhaineann an tsaincheist le heaspa eolais agus taithí maidir le modhanna táirgthe a bheadh níos inbhuanaithe, i measc na bhforálacha a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist, ag brath ar imthosca saineúla an cháis, bheadh malartú faisnéise maidir le modhanna táirgthe, mar shampla úsáid a bhaint as ionchuir nó trealamh áirithe; comhthiomsú gníomhaíochtaí, bonneagair agus trealaimh áirithe; nó gníomhaíochtaí taighde agus forbartha comhpháirteacha. Os a choinne sin, ní dócha go mbeadh foráil maidir leis an méid táirgí a d'fhéadfaí a tháirgeadh nó ar dháileadh nó cur chun cinn na dtáirgí oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist, toisc nach bhfeabhsófaí léi eolas nó taithí na n-oibreoirí.

Más iad na trí foráil, a shainnithnítear sa chéad mhír mar fhorálacha a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach, an t-aon rogha atá ar fáil a thugann aghaidh ar an easpa eolais agus taithí maidir le táirgeadh, is dócha gurbh é an foráil maidir le taighde agus forbairt chomhpháirteach an ceann is lú srianadh i ndáil le cúrsaí iomaíochta agus bheadh sé fíor-riachtanach dá bharr sin. Más iad na forálacha maidir le malartú faisnéise ar mhodhanna táirgthe agus comhthiomsú gníomhaíochtaí an t-aon dá foráil a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach, ní mór measúnú mionsonraithe a dhéanamh ar imthosca an cháis chun a chinneadh cén foráil a bheadh ar an gceann is lú srianadh.

- (c) Má bhaineann an tsaincheist le héiginnteachtaí maidir le tráchtálaíocht an táirge, is é sin le rá éiginnteachtaí maidir leis na méideanna a d'fhéadfaí a dhíol, i measc na bhforálacha a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist, ag brath ar imthosca sainiúla an cháis, bheadh gealltanais a aistarraingt ó roinnt custaiméirí, mar shampla go gceannóidís íosmhéid táirgí in aghaidh na bliana; agus socruithe sonracha maidir le dáileadh idir táirgeoirí nó idir táirgeoirí agus a gcuid custaiméirí, amhail leithdháileadh custaiméirí agus eisiachas soláthair nó ceannachán. I gcodarsnacht leis sin, ní dócha go mbeadh foráil maidir leis an bpraghas ar a bhféadfaí na táirgí a athdhíol níos faide ar aghaidh nó foráil chun stop a chur le táirgeadh táirgí malartacha neamh-inbhuanaithe oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist, toisc go dtabharfaí aghaidh leo ar shaincheisteanna eile seachas na héiginnteachtaí i dtéarmaí méideanna tráchtálaíochta.

Más iad an dá fhoráil, a shainaithear mar fhorálacha a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach, is é sin le rá gealltanais aistarraingthe agus comhshocruithe dáilte, an t-aon dá fhoráil a thugann aghaidh ar an tsaincheist maidir le héiginnteachtaí maidir leis na méideanna tráchtálaíochta, ní mór measúnú mionsonraithe a dhéanamh ar imthosca an cháis chun a chinneadh cén fhoráil a bheadh ar an gceann is lú srianadh.

- (d) Má bhaineann an tsaincheist le cumhdach na gcostas breise a chruthaítear mar gheall ar chomhlíonadh an chaighdeáin, i measc na bhforálacha a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist, ag brath ar imthosca sainiúla an cháis, bheadh gealltanais maidir le híocaíochtaí nó praghsanna ó cheannaitheoirí, nó gealltanais chun íosmhéid táirgí a cheannach. I gcodarsnacht leis sin, ní dócha go mbeadh foráil lena dtoirmeascaí forbairt táirgí inbhuanaithe nó neamh-inbhuanaithe eile oiriúnach, toisc nach laghdófaí leis na costais maidir le táirgeadh go díreach i gcomhréir leis an gcaighdeán inbhuanaitheachta i gceist.

Más iad an dá fhoráil, a shainaithear mar fhorálacha a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach, an t-aon dá fhoráil a thugann aghaidh ar an tsaincheist maidir leis na costais bhreise a chumhdach, ní mór measúnú mionsonraithe a dhéanamh ar imthosca an cháis chun a chinneadh cén fhoráil a bheadh ar an gceann is lú srianadh.

- (e) Má bhaineann an tsaincheist le heaspa eolais tomhaltóirí maidir leis an mbreisluach a bhaineann leis an táirge nuair a tháirgtear nó nuair a dhíoltar é ar bhealach níos inbhuanaithe, d'fhéadfadh foráil a bhaineann le cur chun cinn comhpháirteach an táirge ag táirgeoirí nó custaiméirí iartheachacha a bheith oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist seo. I gcodarsnacht leis sin, ní dócha go mbeadh foráil a bhaineann le dáileadh custaiméara nó margaidh oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist, toisc nach bhfeabhsófaí leis eolas an tomhaltóra ar an mbreisluach a bhaineann le táirge a tháirgtear nó a dhíoltar ar bhealach níos inbhuanaithe.

I gcás den sórt sin, mura bhfuil ann ach foráil oiriúnach amháin (cur chun cinn comhpháirteach) chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist meastar freisin gurb é an fhoráil is lú sriantach é agus go bhfuil sé fíorriachtanach dá bhrí sin.

- (f) Má bhaineann an tsaincheist le míbhuntáiste an cheannródaí (bheadh iomaíocht láidir ag táirge níos inbhuanaithe ó tháirgí malartacha níos saoire nach bhfuil chomh hinbhuanaithe), d'fhéadfadh forálacha a bheith oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist, ag brath ar imthosca aonair an cháis, agus ina measc d'fhéadfaí an táirge níos inbhuanaithe a chun cinn go comhpháirteach; gealltanais ó mhiondíoltóirí maidir le sciar ar leith dá gcuid riachtanais a cheannach ó tháirgeoirí an táirge níos inbhuanaithe, arna shloinneadh i bhfoirm chéatadán de na táirgí inionadaitheacha uile; nó gealltanais ó líon áirithe miondíoltóirí a gcuid riachtanais a cheannach go heisiach ó tháirgeoirí an táirge níos inbhuanaithe. I gcodarsnacht leis sin, ní dócha go mbeadh foráil maidir le malartú faisnéise i ndáil le táirgeadh oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist, toisc nach dtugtar aghaidh leis ar an tsaincheist a bhaineann le díolacháin táirgí a ionadú.

Más iad na trí fhoráil a shainaithear, is é sin le rá cur chun cinn comhpháirteach, ceannacháin íosta agus ceannacháin ó tháirgeoirí faoi leith, an t-aon trí fhoráil atá oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist, is í an fhoráil, ar dócha gurbh í an fhoráil is lú srianadh í, agus an fhoráil fhíor-riachtanach dá bharr sin, an ceann a bhaineann le cur chun cinn comhpháirteach an táirge níos inbhuanaithe. Más iad na forálacha maidir le ceannacháin íosta ó mhiondíoltóirí agus ceannacháin eisiacha ó mhiondíoltóirí an t-aon rogha atá oiriúnach, is dócha gurbh í an fhoráil maidir le ceannacháin íosta an ceann is lú srianadh agus an fhoráil fhíor-riachtanach, dá bharr sin.

Agus na hoibreoirí i mbun an mheasúnaithe, ní mór dóibh machnamh a dhéanamh ar roghanna malartacha réalaíochta, agus ní ar roghanna malartacha hipitéiseacha amháin, ar na forálacha a d'fhéadfadh cuidiú leo an caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach.

- (111) I gcás inar ann d'fhorálacha malartacha agus i gcás ina roghnaíonn oibreoírí foráil: (i) nach bhfuil oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist faoi leith, a chuireann cosc orthu an caighdeán inbhuanaitheachta i gceist a bhaint amach nó; (ii) nach bhfuil ar an gceann is lú srianadh i gcomparáid leis na cinn eile, gheofaí go mbeadh an fhoráil ar leith ar neamhréir le hAirteagal 210a agus thiocfadh sé lasmuigh de raon feidhme an eisiaimh dá bharr sin. Má tá forálacha eile freisin sa chomhaontú inbhuanaitheachta a ligeann d'oibreoírí an caighdeán inbhuanaitheachta a lorgaítear a bhaint amach, d'fhéadfadh na forálacha sin a bheith fíor-riachtanach mar sin féin agus dá bhrí sin d'fhéadfaidís tairbhiú d'Airteagal 210a má bhaineann siad amach an caighdeán inbhuanaitheachta i gceist iad féin, gan dul ar iontaoibh na forála a bheadh curtha ó bhailíocht.
- (112) Ar deireadh, comhaontuithe lena n-eisiatar oibreoírí ó Bhallstáit eile a bheith rannpháirteach sa chaighdeán inbhuanaitheachta gan údar dlisteanach ní chomhlíonfaidh siad an tástáil fíor-riachtanais chun críocha Airteagal 210a.

Sampla 1: Comhaontaíonn táirgeoírí déiríochta ó réigiún i mBallstát le monaróir cáise nach dtáirgfidh siad ach cáis bhog agus úr toisc go leanann astaíochtaí CO₂ sách ard as táirgeadh cáiseanna crua. Ina theannta sin, comhaontaíonn na táirgeoírí déiríochta an bualtrach a úsáid le haghaidh táirgeadh fuinnimh agus córas díléiteora meatáin anaeróbach á úsáid. Chun laghdú a dhéanamh ar an lorg carbóin a bhaineann leis an gcáis a iompar, leagtar amach freisin sa chomhaontú nach ndólfar an cháis bhog agus an cháis úr ach amháin laistigh den Bhallstát ina bhfuil na táirgeoírí lonnaithe. Mar sin féin, tá roinnt Ballstát in aice láimhe suite ag an bhfad céanna le réigiúin eile sa Bhallstát ina bhfuil na táirgeoírí bunaithe.

Ní bheidh comhaontú den sórt sin fíor-riachtanach chun an caighdeán a bhaint amach maidir le hastaíochtaí CO₂ atá bainteach le táirgeadh agus trádáil cáise a laghdú toisc gur ann do bhealach nach bhfuil chomh sriantach céanna chun an laghdú ar astaíochtaí CO₂ a áirithiú, is é sin, coinníoll fadbhunaithe oibiachtúil a chinneadh arna ríomh ón limistéar táirgeachta go dtí an limistéar díolacháin, mar shampla 200 km.

Sampla 2: Tá an cás mar an gcéanna le Sampla 1. Mar sin féin, cinneann na táirgeoírí déiríochta srian a chur ar rannpháirtíocht sa chomhaontú do tháirgeoírí déiríochta atá bunaithe sa Bhallstát céanna: tá sé sin á dhéanamh ionas go mbeidh sé níos éasca iniúchadh a dhéanamh ar chomhlíontacht leis na critéir táirgeachta toisc go raibh comhar ann le fada an lá le hiniúcháir náisiúnta nach n-oibríonn lasmuigh den Bhallstát sin.

Ní bheidh comhaontú den sórt sin fíor-riachtanach chun an caighdeán a bhaint amach toisc gur ann do bhealach nach bhfuil chomh sriantach céanna chun an laghdú ar astaíochtaí CO₂ a áirithiú, is é sin, go bhféadfaí an próiseas iniúcháireachta a dhéanamh i mBallstáit eile nó go bhféadfaí an t-iniúcháir céanna nó iniúcháir eile, atá toilteanach an tseirbhís a dhéanamh, é a dhéanamh.

5.4. Céim 2 - Fíor-riachtanas na srianta ar iomaíocht

- (113) Má bhíonn gá réasúnach le comhaontú inbhuanaitheachta a dhéanamh chun an caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach, ní mór don duine sin a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil gach srian ar iomaíocht, a fhorchuirtear leis an gcomhaontú, fíor-riachtanach maidir leis an gcaighdeán sin a bhaint amach.
- (114) Chun críocha Airteagal 210a, bíonn srian ar iomaíocht fíor-riachtanach i ndáil le baint amach caighdeáin inbhuanaitheachta má bhíonn gá réasúnach le srian den sórt sin chun an caighdeán sin a bhaint amach.
- (115) I gcéim 1, dhírigh an anailís ar cé acu atá nó nach bhfuil an cineál forála a roghnaíodh oiriúnach i ndáil le haghaidh a thabhairt ar an mbac maidir le baint amach an chaighdeáin inbhuanaitheachta agus cé acu arbh ann nó nárbh ann d'fhorálacha malartacha a thabharfadh aghaidh ar an tsaincheist go hoiriúnach ar bhealach nach raibh chomh sriantach céanna. I gcodarsnacht leis sin, i gcéim 2, dírtear san anailís ar cé acu arbh é nó nárbh é an srian ar iomaíocht atá i ngach foráil den chomhaontú inbhuanaitheachta an rogha is lú srianadh chun an caighdeán i gceist a bhaint amach. Braitheann sé sin ansin ar chineál agus ar dhéine an tsriain.

5.4.1. *Cineál an tsriain*

- (116) Baineann an cineál sriain leis an bparaiméadar iomaíochta a shriantar le foráil nó forálacha an chomhaontaithe inbhuanaitheachta, amhail praghas, aschur, cáilíocht, rogha nó nuálaíocht.
- (117) Nuair a mheastar 'cineál' sriain, ní mór machnamh a dhéanamh ar an méid a leanas: (i) an bealach ina bhfuil paraiméadar sonrath den iomaíocht á shrianadh le foráil aonair; agus (ii) cé acu ar ann nó nach ann d'fhoráil réadúil nach bhfuil chomh sriantach leis an bhforáil sin. Caithfidh páirtithe an chomhaontaithe inbhuanaitheachta an srian a bhfuil an éifeacht dhiúltach is lú aige ar an iomaíocht fad a bhaintear amach an caighdeán inbhuanaitheachta leis a roghnú.
- (118) Má bhaineann foráil le praghsanna, d'fhéadfadh sé go n-éileofaí le measúnú a dhéanamh ar chineál an tsriain go roghnódh oibreoirí cé acu a aontaíonn nó nach n-aontaíonn siad le srian i bhfoirm socrú praghsanna, is é sin le rá íosphraghas a shocrú nó an praghas iomlán ag a mbeidh próséailithe in ann an éanlaith chlóis a cheannach a shocrú ag leibhéal lena gcúiteofar na táirgeoirí as na costais bhreise a thabhófar le húsáid na beatha orgánaí. I gcás den sórt sin, má shocráítear an praghas iomlán ag a mbeidh próséailithe in ann éanlaith chlóis a cheannach seans gur rud é a bheadh níos sriantaí ná praghas bisigh ar praghas ar leithligh é ón bpraghas ceannaigh a chomhaontú. Tá sé sin amhlaidh toisc go léireofaí le praghas bisigh na costais a thabhódh oibreoirí agus iad ag comhlíonadh an chaighdeáin inbhuanaitheachta gan difear a dhéanamh do na costais eile a thabhóidís go neamhspleách ar an gcaighdeán inbhuanaitheachta.
- (119) Sampla maidir leis seo a bheadh i bhforáil lena n-éilítear go n-íocfaí praghas bisigh chun táirgeoirí éanlaithe clóis a chúiteamh as úsáid a bhaint as beatha orgánach in ionad beatha traidisiúnta. Rogha mhalmartach ar an bhforáil seo is ea go bhféadfaí an praghas iomlán ag a mbeidh próséailithe in ann an éanlaith chlóis a cheannach a shocrú ag leibhéal lena gcúiteofar na táirgeoirí as na costais bhreise a thabhófar le húsáid na beatha orgánaí. I gcás den sórt sin, má shocráítear an praghas iomlán ag a mbeidh próséailithe in ann éanlaith chlóis a cheannach seans gur rud é a bheadh níos sriantaí ná praghas bisigh ar praghas ar leithligh é ón bpraghas ceannaigh a chomhaontú. Tá sé sin amhlaidh toisc nach ndéanann an srian ar an bpraghas bisigh difear ach amháin do chuid amháin den phraghas foriomlán a d'íocfaí as feoil éanlaithe clóis, rud lena bhfágfaí scóip le haghaidh iomaíochta i gcás na gcodanna eile lena gcinntear praghas iomlán na héanlaithe clóis, mar shampla bonneagar, bainistíocht talún, soláthar uisce agus leictreachais.
- (120) I gcodarsnacht leis sin, dá mbeadh costais bhreise ann le linn an phróisis táirgthe iomláin mar gheall ar bhaint amach an chaighdeáin inbhuanaitheachta, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá réasúnach le socrú an phraghsais iomláin ar a mbeadh na táirgeoirí in ann an éanlaith chlóis a cheannach. Mar shampla, d'fhéadfadh sé a bheith amhlaidh i gcás ina mbaineann an caighdeán inbhuanaitheachta le ceanglais maidir le leas ainmhithe agus sláinte ainmhithe atá níos airde i gcás éanlaith chlóis, amhail bia níos inbhuanaithe, níos mó spáis sna cásanna, níos mó ama lasmuigh agus cúram tréidliachta gairmiúil. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá an praghsais iomlán a shocrú i gcás ina bhfuil mórán chostais táirgthe foriomlána agus/nó trádála i gceist leis na costais a bhaineann le táirgeacht nó trádáil ar bhealach níos inbhuanaithe. D'fhéadfadh sé sin tarlú i gcás nach ann ach do bheagán eilimintí táirgthe agus/nó trádála nó i gcás nach ann d'aon eilimint táirgthe nó trádála nach ndéanann an comhaontú inbhuanaitheachta difear dóibh. Mar sin féin, ní mór d'oibreoirí fios a bheith acu gur srian tromchúiseach ar iomaíocht é an praghas iomlán a shocrú agus nach mór dá bhrí sin féachaint air mar rogha dheireanach i gcás nach mbainfí amach an caighdeán inbhuanaitheachta i gceist go héifeachtach le haon srian eile.
- (121) D'fhéadfadh baint a bheith ag foráil leis an gcion de na ceanglais a fhaigheann ceannaitheoirí ó tháirgeoirí sa chomhaontú inbhuanaitheachta. Chun measúnú a dhéanamh ar chineál an tsriain, d'fhéadfadh sé go gcaithfeadh oibreoirí a roghnú cé acu a chomhaontaíonn siad ceanglais maidir le méideanna íosta a cheannach i gcomparáid le ceanglais chun sciar seasta méideanna a cheannach nó oibleagáid ceannaigh éigin eile. Má theastaíonn cinnteacht ó tháirgeoirí gur féidir leo cainníocht leordhóthanach dá gcuid táirgí a dhíol chun a gcuid costas a chumhdach, ach nach bhfuil tuiscint acu ar an méid beacht a theastaíonn, dá n-aontófaí ar mhéid íosta, d'fhéadfadh sé sin a bheith ar an bhforáil is lú srianadh chun an caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach. Mar shampla, más é is aidhm do chaighdeán maidir le lachain a thógáil frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a laghdú trí úsáid ábhar frithmhiocróbach a thoirmeasc agus roghanna malartacha a úsáid ina ionad sin, mar shampla vacsaíní, próibhithigh agus réamhbhithigh, d'fhéadfadh sé go mba gha do tháirgeoirí a áirithiú gur féidir leo méid íosta feoil lachan a dhíol in aghaidh na bliana chun na costais bhreise a bhaineann le húsáid na roghanna malartacha in ionad ábhair fhrithmhiocróbacha a chumhdach. Má bhíonn srian ar an méid feola is féidir a phróiseáil, áfach, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá réasúnach le méid beacht nó uasta chun a áirithiú go bpróséailítear go héifeachtach an fheoil lachan uile a tháirgtear.

5.4.2. *Déine an tsriain*

- (122) Agus déine sriain á cinneadh, déantar measúnú ar leibhéal cainníochtúil an tsriain, ar an bpraghas, aschur agus b'fhéidir ar an gcáilíocht, an rogha agus an nuálaíocht agus ar fhad an tsriain.

5.4.2.1. Leibhéal cainníochtúil an tsriain

- (123) Baineann coincheap leibhéal cainníochtúil an tsriain lena dóichí atá sé go ndéanfaidh an srian i gceist difear do pharaiméadair ábhartha na hiomaíochta. Beidh leibhéal cainníochtúil sriain fíor-riachtanach i gcás ina bhfuil níos lú dóchúlachta ann go mbainfidh na páirtithe amach an caighdeán inbhuanaitheachta má aontaítear an srian ar leibhéal níos ísle.
- (124) Dá leanfadh méadú ar an bpraghas as an srian i gceist, go díreach nó go hindíreach, ba cheart don mheasúnú díriú ar leibhéal an mhéadaithe ar an bpraghas a mbeadh gá leis go réasúnach ionas go mbeadh na hoibreoírí in ann an caighdeán inbhuanaitheachta i gceist a bhaint amach. Ba cheart trí eilimint a chur san áireamh sa mheasúnú sin: (i) na costais mheasta a tabhaíodh agus an t-ioncam measta atá ligthe thar ceal; (ii) an leibhéal cinnteachta go mbeidh rath ar na costais a tabhaíodh a bhfuil coinne leo agus ar an ioncam atá ligthe thar ceal; agus (iii) an toradh dóchúil ar infheistíocht i gcoibhneas le roghanna malartacha eile.
- (125) Ag glacadh leis go mbeidh ríomh na gcostas a tabhaíodh agus an ioncaim atá ligthe thar ceal ag brath ar roinnt fachtóirí éiginnte, ní féidir coinne a bheith leis go ríomhfaidh oibreoírí an méadú beacht ar an bpraghas ag a mbeidh siad in ann an caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach. In ionad sin, ba cheart dóibh féachaint le meánmheastachán de na costais a tabhaíodh agus den ioncam atá ligthe thar ceal a ríomh thar na hoibreoírí uile a thabhaíonn costais den sórt sin agus a ligeann ioncam den sórt sin thar ceal faoin gcás is sochreidte i dtéarmaí dhálaí agus shorbairtí an mhargaidh. Ní dócha go gcomhlíonfaidh srian an chéim seo den anailís maidir le fíor-riachtanas má bhíonn toradh ríomh na gcostas measta agus an ioncaim mheasta a ligeadh thar ceal earráideach. Bheadh sé sin amhlaidh i gcás ina bhfuil an toradh bunaithe ar thoirimhí neamhdhóchúla i dtéarmaí forbairtí margaidh maidir le costais na n-ionchur nó i gcás nach gcuirtear san áireamh go hiomlán le ríomh an ioncaim a ligeadh thar ceal an t-ioncam a d'fhéadfadh a bheith ann de thoradh na táirgeachta nó na trádála inbhuanaithe.
- (126) Freastalaíonn na trí eilimint ar a dtugtar tuairisc thuas ar chuspóirí comhlántacha. Féachann eilimint (i) lena áirithiú go bhfaigheann páirtithe sa chomhaontú inbhuanaitheachta cúiteamh as na costais bhreise agus an t-ioncam a ligeadh thar ceal le cur chun feidhme an chaighdeáin inbhuanaitheachta. Féachann eilimint (ii) lena áirithiú go bhfaigheann páirtithe sa chomhaontú inbhuanaitheachta cosaint in aghaidh athruithe gan choinne ar chostais agus ar chailteanas ioncaim. Féachann eilimint (iii) lena áirithiú go mbeidh sé níos brabúsaí do na páirtithe sa chomhaontú inbhuanaitheachta an caighdeán inbhuanaitheachta a chur chun feidhme in ionad gan aon chaighdeán a chur chun feidhme nó tabhairt faoi infheistíocht dhifriúil as a bhféadfadh táirgeacht nó trádáil nach bhfuil chomh hinbhuanaithe leanúint.
- (127) Cuimsítear dá bharr sin le heilimintí (ii) agus (iii) dá dtagraítear sa mhír roimhe seo íocaíocht dreasachta do na páirtithe sa chomhaontú inbhuanaitheachta chun glacadh leis an gcomhaontú inbhuanaitheachta. Is dócha go gcomhlíonfaidh leibhéal na híocaíochta dreasachta, is é sin le rá suim eilimintí (ii) agus (iii) dá dtagraítear i mír (124) an chuid chainníochtúil den tástáil fíor-riachtanais i gcás nach mó é ná 20 % den chúiteamh a bheadh infhaighte ina mhalairt de chás as na costais a tabhaíodh agus an t-ioncam a ligeadh thar ceal (eilimint (i)). I gcásanna inar mó ná 20 % an íocaíocht dreasachta, is gá anailís fíor-riachtanais cás ar chás a dhéanamh.
- (128) Féadfar a dheimhniú go bhfuair na hoibreoírí sin a thabhaíonn costais agus a ligeann ioncam thar ceal iarbhrí an íocaíocht ábhartha trí bhíthin iniúchóireacht tríú páirtí. D'fhéadfaí é a áirithiú freisin trí thrédhearcacht a sholáthar do na tomhaltóirí deiridh maidir leis an gcéatadán nó an méid a fhaigheann na hoibreoírí ábhartha as táirge talmhaíochta a cheannach ón bpraghas deiridh don tomhaltóir.

Sampla: Cé go bhfuil éileamh ar shútha talún saor ó lotnaidicídí, is beag glacadh a bhíonn ag tomhaltóirí le praghsanna níos airde. Theastóidh tuilleadh infheistíochta i dtrealamh agus chruthófaí costais bhreise saothair le sútha talún saor ó lotnaidicídí a tháirgeadh agus as sin leanfadh méaduithe ar phraghsanna. Bheadh níos lú seans ann go gceannódh tomhaltóirí na sútha talún níos daoire atá saor ó lotnaidicídí agus dá thoradh sin d'fhéadfadh laghdú teacht ar dhíolacháin na dtáirgeoirí. Thairis sin, mura gceannaíonn tomhaltóirí na sútha talún saor ó lotnaidicídí, lobhfadh cion níos mó de na sútha talún. As sin leanann míbhuntáiste an cheannródaí d'aon duine ar mian leis sútha talún saor ó lotnaidicídí a tháirgeadh.

Forbraíonn grúpa táirgeoirí agus miondíoltóirí tionscnamh faoina ngeallann miondíoltóirí EUR 1,20 sa bhreis in aghaidh an chileagraim a íoc le feirmeoirí rannpháirteacha ar shútha talún saor ó lotnaidicídí. Tá an íocaíocht dreasachta bunaithe ar staidéar ina bhfuarthas an méid a leanas:

- (a) tá coinne leis go mbeidh na costais bhreise saothair agus trealamh ar shútha talún saor ó lotnaidicídí EUR 1 ar an meán in aghaidh an chileagraim do na táirgeoirí uile a bheidh rannpháirteach sa chomhaontú;
- (b) teastaíonn dreasacht bhreise de EUR 0,12 in aghaidh an chileagraim ó tháirgeoirí chun an comhaontú a dhéanamh toisc go bhféadfadh tomhaltóirí spéis a chailleadh sútha talún inbhuanaithe a cheannach, go bhféadfadh na sútha talún lobhadh agus go bhféadfadh méadú teacht dá bhrí sin ar an gcostas táirgthe. Dá thoradh sin, d'fhéadfadh sé go gcaithfí an comhaontú a fhoirceannadh freisin, rud as a leanfadh cailleanais do na táirgeoirí a rinne na hinfeistíochtaí ba ghá;
- (c) is féidir le táirgeoirí toradh EUR 0,05 in aghaidh an chileagraim a fháil ar infheistíocht trí gan an comhaontú a dhéanamh agus athrú in ionad sin chuig meascán difriúil lotnaidicídí gan an riosca méadaithe maidir le lobhadh. Theastóidh toradh ar infheistíocht le haghaidh táirgeadh sútha talún saor ó lotnaidicídí níos airde ná EUR 0,05 uathu dá bhrí sin.

Tá an praghas bisigh foriomlán EUR 1,20 in aghaidh an chileagraim níos airde ná an EUR 1 in aghaidh an chileagraim de chostais a tabhaíodh agus den ioncam a ligeadh thar ceal chun an caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach. Mar sin féin, cuimsítear freisin leis an bpraghas bisigh íocaíocht dreasachta suas le 20 % den chúiteamh as costais a tabhaíodh agus ioncam a ligeadh thar ceal, atá cothrom le EUR 0,20 in aghaidh an chileagraim sa chás seo. Tá sé sin fíor-riachtanach: (i) chun a áirithiú go nglacfaidh na táirgeoirí go héifeachtach leis an gcaighdeán inbhuanaitheachta, (ii) agus an riosca go bhféadfaidh na táirgeoirí an comhaontú a fhoirceannadh i ngeall go bhféadfadh tomhaltóirí spéis a chailleadh i sútha talún inbhuanaithe a cheannach agus ag cur an mhéadaithe ar chostais táirgthe san áireamh agus (iii) ag cur san áireamh gur féidir le táirgeoirí toradh a fháil ar infheistíocht mhalartach EUR 0,05 in aghaidh an chileagraim má roghnaíonn siad gan an comhaontú inbhuanaitheachta a dhéanamh. Is ionann an méid EUR 0,12 in aghaidh an chileagraim atá leithdháilte le haghaidh éiginnteachta (féach pointe (b) thuas), agus an méadú a bhfuil coinne leis ar chostais agus ar an ioncam a ligeadh thar ceal. Is mó an méid atá leithdháilte ar thoradh ar infheistíocht de EUR 0,08 in aghaidh an chileagraim (féach pointe (c) thuas) ná an deis infheistíochta neamh-inbhuanaithe mhalartach de EUR 0,05 in aghaidh an chileagraim.

Mar sin féin, dá mba mhó ná EUR 0,20 in aghaidh an chileagraim an íocaíocht dreasachta, chaithfí measúnú cás ar chás a dhéanamh maidir le comhoiriúnacht an mhéadaithe ar an bpraghas leis an gcoinníoll maidir le fíor-riachtanas.

5.4.2.2. Fad an tsriain

- (129) Agus measúnú á dhéanamh ar fhad an tsriain, is é sin le rá an líon míonna nó blianta a bheadh an srian i bhfeidhm, an cheist is ea cé acu an dócha nó nach dócha go bhféadfaí an caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach dá mbeadh fad an tsriain níos giorra. Ar thaobh amháin, má thabhaítear na costais a bhaineann leis an gcaighdeán inbhuanaitheachta a chur chun feidhme ar feadh shaolré a chur chun feidhme, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá leis an srian a bheith i bhfeidhm ar feadh shaolré an chomhaontaithe inbhuanaitheachta. D'fhéadfadh an cás a bheith amhlaidh i gcás ina mbeadh éileamh ar cheannach ionchur níos costasaí chun táirge níos inbhuanaithe a tháirgeadh, ionchur a chaithfeadh ceannaitheoirí an táirge a mhaoiniú go leanúnach le linn shaolré an chomhaontaithe inbhuanaitheachta. Ar an taobh eile, i gcás nach gá ach infheistíocht aonuaire amháin chun caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach (mar shampla, éilítear leis an gcaighdeán go gceannófaí trealamh nó bonneagar ar ócáid amháin a d'fhéadfaí a úsáid ansin arís sa todhchaí), d'fhéadfadh sé nach mbeadh gá leis an srian ach ar feadh na tréimhse ama is gá chun na cistí a caitheadh ar an infheistíocht a aisghabháil.

Sampla 1: Geallann miondíoltóirí go n-íocfaidh siad praghas bisigh le feirmeoirí mealbhacán uisce ionas gur féidir leo uirlisí uisciúcháin nuálacha a cheannach. Tá íocaíocht an phraghais bhisigh ag teastáil ar feadh 3 bliana toisc nach bhfuil an tsuim a theastaíonn ag na feirmeoirí láithreach. Tar éis 3 bliana, bheadh éirithe leis na feirmeoirí na costais a tabhaíodh i ndáil le ceannach an trealamh a aisghabháil agus bheadh tosaithe acu coigilteas a dhéanamh maidir lena n-úsáid uisce mar gheall ar na huirlisí. Dá bhrí sin, ní bheadh sé fíorriachtanach, i dtéarmaí an fhaid, leanúint d'íocaíocht an phraghais bhisigh tar éis 3 bliana.

Sampla 2: I gcás atá cosúil le Sampla 1, comhaontaíonn feirmeoirí mealbhacán uisce, in éineacht le miondíoltóirí, go dtáirgfidh siad mealbhacán uisce gan lotnaidicídí, agus go n-úsáidfidh siad lotnaidicídí orgánacha seachas lotnaidicídí ceimiceacha nuair nach bhfuil aon rogha eile acu. Comhaontaíonn miondíoltóirí go n-íocfaidh siad praghas bisigh níos airde ná an ceann dá dtagraítear i Sampla 1. Soláthraítear cúiteamh freisin le híocaíocht an phraghais bhisigh chun uirlisí uisciúcháin a cheannach. Mar sin féin, toisc gur costas athfhillteach é d'feirmeoirí mealbhacán uisce gan lotnaidicídí orgánacha a úsáid nó gan ach lotnaidicídí orgánacha a úsáid, caithfear an chuid d'íocaíocht an phraghais bhisigh a bhaineann le neamhúsáid lotnaidicídí, nó le húsáid roghanna orgánacha i gcás inar gá, a íoc go leanúnach ar feadh fhad an chomhaontaithe inbhuanaitheachta, agus caithfidh deireadh teacht leis an íocaíocht a bhaineann leis na huirlisí uisciúcháin tar éis 3 bliana.

5.4.2.3. Gan gá measúnú a dhéanamh ar chumhdach margaidh an tsriain

- (130) Agus Airteagal 210a á dhréachtú, bhí sé mar aidhm ag na comhreachtóirí a áirithiú go mbeadh an glacadh ab fhorleathan agus arbh fhéidir ag oibreoírí leis na caighdeáin inbhuanaitheachta. Chun dreasacht a thabhairt d'oibreoírí caighdeáin níos airde ná na cinn a shainordáitear le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta a bhaint amach, bhain siad cothromaíocht shonrach amach idir: (i) na coinníollacha *ex ante* maidir le fíorriachtanas a chinneadh; agus (ii) an fhéidearthacht maidir le hidirghabháil *ex post*. Is é is aidhm leis sin glacadh na gcaighdeán inbhuanaitheachta ar scála leathan a spreagadh gan baol ann go ndéanfadh údaráis iomaíochta idirghabháil ach amháin i gcás go mbeadh líon ard éifeachtaí margaidh diúltacha ar leith ann. Ina theannta sin, cuirtear ualach mór ar oibreoírí measúnú a dhéanamh ar chumhdach an mhargaidh toisc go n-éileofaí orthu leis sin an líon beacht oibreoírí lena gcaithfidís dul i gcomhar a shainiú ag céimeanna tosaigh comhaontaithe, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí oibreoírí eile a chur as an áireamh. D'fhéadfadh glacadh níos ísle a bheith leis an gcaighdeán inbhuanaitheachta dá bharr sin sa deireadh.
- (131) Mar shampla, má éiríonn le grúpa táirgeoirí caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach i réigiún ar leith le chéile agus má fhaigheann an dara grúpa táirgeoirí atá ag feidhmiú sa réigiún sin amach gur éirigh leo, grúpa ar mian leo a bheith páirteach i gcomhaontú an chéad ghrúpa, le hAirteagal 210a ligtear don dara grúpa dul isteach sa chomhaontú agus an caighdeán inbhuanaitheachta a chur chun feidhme cé go bhféadfaí an caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach, agus cé go bhféadfadh sé gur baineadh amach é cheana féin, le cumhdach margaidh níos ísle de tháirgeoirí.
- (132) Dá bhrí sin, murab ionann agus Airteagal 101(3) CFAE, ní éilítear le hAirteagal 210a anailís a dhéanamh ar chumhdach margaidh sriain ar iomaíocht chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil an sriain fíorriachtanach. I gcodarsnacht leis sin, d'fhéadfadh sé go ndéanfadh údaráis iomaíochta idirghabháil *ex post* ag leanúint as cumhdach margaidh má bhíonn go leor éifeachtaí diúltacha a n-imirt ar an margadh dá bharr, mar a phléitear i Roinn 8.
- (133) Mar sin féin, díreach toisc nach gá measúnú a dhéanamh ar chumhdach margaidh ní fhágann sé sin nach gá measúnú a dhéanamh ar an gcineál oibreoírí nach mór do tháirgeoir nó do tháirgeoirí dul i gcomhar leo, mar a thugtar tuairisc air i gcéim 1 den tástáil fíorriachtanais.

Sampla 1: cinneann 10 dtáirgeoir as Eacuadór feabhas a chur ar chaighdeáin saothraithe cócó trí chócó orgánach amháin a tháirgeadh. Comhaontaíonn siad le monaróirí seacláide íocaíocht praghais bhisigh de EUR 0,50 in aghaidh an chileagraim de chócó orgánach a fháil, a úsáidfeadh mar chomhábhar do na táirgí seacláide ar a bhfuil lógó inbhuanaithe. Sula gcuirtear an comhaontú chun feidhme, léiríonn grúpa eile táirgeoirí agus monaróirí seacláide eile spéis a bheith rannpháirteach. Measann an chéad 10 dtáirgeoir go bhféadfadh na 10 dtáirgeoir agus an monaróirí seacláide a chinn an comhaontú a chruthú ar dtús an caighdeán a bhaint amach astu féin (mar ghrúpa) gan cuidiú ón dara grúpa táirgeoirí agus monaróirí seacláide. Mar sin féin, tugann siad cuireadh don ghrúpa eile a bheith páirteach.

Sa sampla seo, ní chuirtear bac leis an tástáil fíor-riachtanais ar na táirgeoirí leasmhara agus ar na monaróirí seacláide uile a bheith rannpháirteach sa chomhaontú. Tá sé sin amhlaidh toisc go léirítear le bunú an chomhaontaithe go gcaithfidh, ionas go mbainfear amach an caighdeán, táirgeoirí dul i bpáirt le ceannaitheoir amháin ar a laghad (monaróir seacláide – sa chás seo). Ní saincheist faoin tástáil fíor-riachtanais é go bhfuil an grúpa tosaigh táirgeoirí agus an ceannaitheoir leathnaithe, rud as a leanann cumhdach margaidh níos airde den chomhaontú.

Sampla 2: Sa chás céanna le Sampla 1, tar éis do na 10 dtáirgeoir agus don mhonaróir seacláide an comhaontú a chur chun feidhme, tugann soláthraí ionchuir solta le fios gur mian leis dul isteach sa chomhaontú.

Sa sampla seo, cuireann an tástáil fíor-riachtanais cosc ar rannpháirtíocht an tsoláthraí ionchuir ina dhiaidh sin. Tá sé sin amhlaidh toisc gur tugadh le fios san anailís fíor-riachtanais gur leor rannpháirtíocht táirgeoirí agus ceannaitheora amháin ar a laghad. Níl rannpháirtíocht an tsoláthraí ionchuir fíor-riachtanach dá bhrí sin.

5.5. Samplaí de chur i bhfeidhm na tástála fíor-riachtanais

Sampla 1: Úsáideann teicníc saothraithe ríse áirithe níos lú uisce ná teicnící traidisiúnta saothraithe ríse, ní úsáideann sé leasacháin shaorga, agus tá sé saor ó lotnaidicídí. Cuireann úsáid teicníce den sórt sin le húsáid agus cosaint inbhuanaithe tírdhreach, uisce agus ithreach, agus laghdaítear úsáid lotnaidicídí leis. Leis an teicníc seo éilítear infheistíocht bhreise acmhainní airgeadais agus ama ó na táirgeoirí ríse, áfach, agus ní bhíonn sé brabúsach ach amháin má chuirtear an teicníc i bhfeidhm ar mheánskála nó mórskála. Comhaontaíonn na comharchumainn ríse ‘rís inbhuanaithe’ a tháirgeadh i gcomhréir leis an teicníc saothraithe réamhluaithe. Geallann an miondíoltóir go gceannóidh sé méid áirithe ríse inbhuanaithe – 100 tona in aghaidh na bliana ar feadh 3 bliana.

Tá ríofa ag na trí chomharchumann go mbeadh orthu 95 thona de rís ar a laghad a tháirgeadh in aghaidh na bliana ar feadh 3 bliana ionas go mbainfeadh a gcuid infheistíochta an arainneacht scála is gá amach chun an caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach agus toradh réasúnach ar infheistíocht a fháil. Chun spreagadh a thabhairt do thomhaltóirí an rís inbhuanaithe a cheannach, aontaíonn na trí chomharchumann agus an miondíoltóir nach mbeidh praghas athdhíola an mhiondíoltóra níos mó ná 15 % os cionn an mheánphraghais a ghearrann an miondíoltóir ar ghnáthrís. Mar sin féin, mar gheall ar chostas na n-ionchur agus ar chostas saothair, cosnaíonn an rís inbhuanaithe 30 % níos mó ar an miondíoltóir ná an gnáthrís.

Bíonn spéis ag formhór na gceannaitheoirí eile sa mhargadh, amhail miondíoltóirí, monaróirí, mórdhíoltóirí gnáthrís a cheannach, rís a dhíoltar ar phraghas níos ísle. Léiríonn tomhaltóirí go bhfuil spéis acu rís atá níos inbhuanaithe a cheannach ach ní heol dóibh a mhéid a thugtar úsáid leasachán agus lotnaidicídí agus an méid uisce a úsáidtear chun na críche sin le fios le táirgeadh na gnáthrís.

Céim 1:

An féidir an caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach le gníomh aonair?

Ní bheadh na comharchumainn ríse in ann táirgeadh na ríse inbhuanaithe a mhaoiniú ina n-aonar. Sin toisc nach mbeadh aon chinnteacht acu go bhféadfaidís an rís a chur ar an margadh, toisc go mbíonn formhór na gceannaitheoirí ag iarraidh gnáthrís a cheannach, rís a dhíoltar ar phraghas níos ísle. Ní féidir leis na trí chomharchumann an caighdeán a ghlacadh go héifeachtach ar bhonn aonair, dá bhrí sin. Sa chás sin, is dócha go mbeadh comhaontú le miondíoltóir go gceannódh an miondíoltóir 100 tona ar a laghad den rís inbhuanaithe in aghaidh na bliana fíor-riachtanach.

Ní mór measúnú ar leithligh a dhéanamh ar an gcomhaontú nach mbeadh praghas athdhíolacháin an mhiondíoltóra as an rís inbhuanaithe os cionn 15 % de mheánphraghas na gnáthrís. Cosnaíonn rís inbhuanaithe 30 % níos mó ná gnáthrís, agus tá baol ann nach gceannódh tomhaltóirí méideanna leordhóthanacha den rís. Is dócha go mbeadh comhaontú chun an rís inbhuanaithe a chur chun cinn fíor-riachtanach dá bhrí sin toisc nach mbeadh an miondíoltóir in ann leanúint air ag ceannach ó na trí chomharchumann murach sin. Ní féidir le haon cheann de na trí chomharchumann ná an miondíoltóir an rís a chur chun cinn go haonarach mar go dteastaíonn cúnaimh a chéile chun déanamh amhlaidh, toisc go bhfuil táirgeadh agus díol na ríse inbhuanaithe idirnasctha.

Fíor-riachtanas na forála sa chomhaontú inbhuanaitheachta

Is dócha go mbeidh an comhaontú méid áirithe ríse inbhuanaithe a cheannach in aghaidh na bliana fíor-riachtanach toisc nach bhfuil ach miondíoltóir amháin páirteach sa chomhaontú inbhuanaitheachta agus tuigtear go mbíonn costais bhreise ag baint le táirgeadh ríse inbhuanaithe ar na táirgeoirí. Cineál eile forála lena bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist maidir le costais a chumhdach ná go bhféadfadh an miondíoltóir díreach gealltanais a thabhairt chun an rís inbhuanaithe a chur chun cinn gan gealltanais a thabhairt íosmhéid a cheannach. Ní thabharfaí leis sin go leor cinnteachta do na trí chomharchumann, áfach, toisc go bhfuil gnáthrís 30 % níos saoire agus ní bhíonn tomhaltóirí feasach maidir leis an méid a bhaineann le táirgeadh na gnáthrís de ghnáth.

I gcás an chomhaontaithe i ndáil le praghas athdhíolacháin nach mó ná 15 % níos airde ná praghas na gnáthrís a ghearradh ar rís inbhuanaithe, tá bealach ann nach bhfuil chomh sriantach céanna chun ceannach ríse inbhuanaithe a chur chun cinn. Ós é easpa feasachta na dtomhaltóirí i ndáil le tairbhí na ríse inbhuanaithe croí na saincheiste, d'fhéadfadh na trí chomharchumann agus an miondíoltóir comhaontú deimhniúcháin a thabhairt i gcrích, mar shampla chun lipéad don rís inbhuanaithe a fhorbairt le seirbhísí tríú páirtí. Dhéanadh an tríú páirtí measúnú ar chomhlíontacht na ríse i ndáil leis na modhanna táirgthe inbhuanaithe agus dheimhneofaí a comhlíontacht. D'fhéadfadh an lipéad tomhaltóirí a chur ar an eolas maidir le tionchar comhshaoil tháirgeadh na gnáthrís. Faoin miondíoltóir a bheadh sé dá bhrí sin praghas athdhíola na ríse inbhuanaithe a chinneadh agus, trí úsáid an lipéid, bheadh sé in ann éileamh na dtomhaltóirí ar rís inbhuanaithe a chomhlíonadh go héifeachtach.

Céim 2: Fíor-riachtanas chineál agus dhéine an tsriain

Agus measúnú á dhéanamh ar chineál an ghealltanais chun 100 tona de rís inbhuanaithe a cheannach in aghaidh na bliana, d'fhéadfadh gealltanais ón miondíoltóir, an rís inbhuanaithe uile is gá don athdhíol a cheannach ó na trí chomharchumann, a bheith ina rogha mhalartach. Ní bhainfí amach an caighdeán inbhuanaitheachta leis sin, áfach, toisc nach mbeadh cinnteacht ag na trí chomharchumann go gceannódh an miondíoltóir an méid is gá den rís a táirgeadh iarbhrí. Tharlódh sé sin toisc go bhféadfadh sé nach mbeadh gá ag an miondíoltóir leis na 100 tona uile de rís inbhuanaithe i mbliain faoi leith agus ní bheadh an dreasacht ag na comharchumainn an infheistíocht is gá a dhéanamh, dá bhrí sin.

Agus measúnú á dhéanamh ar dhéine an tsriain chun gealltanais a thabhairt 100 tona de rís inbhuanaithe a cheannach in aghaidh na bliana ar feadh 3 bliana, dealraítear go bhfuil an srian fíor-riachtanach toisc go bhfuil ar na trí chomharchumann 95 thona ar a laghad de rís inbhuanaithe a tháirgeadh in aghaidh na bliana ar feadh 3 bliana chun toradh a fháil ar a n-infheistíocht bhreise. De bharr úrnuaicht agus éiginnteacht an chaighdeáin inbhuanaitheachta, trí na 5 thona breise de rís inbhuanaithe a cheannach, is é is aidhm don mhiondíoltóir beart sábháilteachta a sholáthar i gcás ina ndéanfaí míríomh. Is dócha go mbeadh an gealltanais 100 tona de rís inbhuanaithe fíor-riachtanach maidir le baint amach an chaighdeáin inbhuanaitheachta i gceist, dá bhrí sin.

Sampla 2: Tá tionscnamh réigiúnach ann chun dálaí maireachtála muc a fheabhsú. Déanann feirmeoirí rannpháirteacha comhaontú le seamlas agus le dhá phróiseálaí feola, an méid spáis in aghaidh na muice ar a bhfeirmeacha a mhéadú os cionn an spáis íosta de réir an dlí. De bharr dlíthe áitiúla maidir le cothabháil talún chun críocha bithéagsúlachta, is deacair d'fhorhmór na bhfeirmeoirí an méid spáis atá tiomnaithe do mhuca a thógáil a mhéadú, toisc go gcuirfeadh sé iallach orthu an líon muc a thógtar a laghdú chun an caighdeán a chomhlíonadh. Mar thoradh air sin, bheadh feirmeoirí rannpháirteacha faoi mhíbhuntáiste airgeadais i gcomparáid le feirmeoirí nach mbeadh páirteach sa tionscnamh.

Déantar foráil leis an tionscnamh, dá bhrí sin, go n-íocfaidh na próiseálaithe EUR 1 sa bhreis, in aghaidh an chileagraim d'fheoil a dhíoltar mar phraghas bisigh, leis na feirmeoirí chun iad a chúiteamh as a n-aschur laghdaithe agus a gcostais mhéadaithe. Comhfhreagraíonn íocaíocht an phraghais bhisigh don bhrabús a bheadh saothraithe ag feirmeoirí ina mhalairt de chás dá mbeadh níos mó muc tógtha acu ar an ngnáthbhealach agus do chorrlach beag chun na feirmeoirí a spreagadh dul isteach sa chomhaontú. Bheadh próiseálaí amháin in ann táirgeacht iomlán an fheirmeora a phróiseáil agus an t-ualach airgeadais lena mbaineann a chumhdach. Tá an dara próiseálaí tar éis dul leis an tionscnamh anois, áfach, toisc gur mhian leis a bheith páirteach sa mhargadh le haghaidh táirgí atá níos inbhuanaithe. Chomh maith leis sin, leagtar amach sa tionscnamh nach maródh an seamlas atá páirteach ach muca a thógtar i gcomhréir leis na caighdeáin leasa ainmhithe lena mbaineann ionas nach meascaí a gcuid feola le feoil na n-ainmhithe a thógtar ar an ngnáthbhealach.

Céim 1:**An féidir an caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach trí ghníomhú go haonarach?**

An chéad rogha mhalartach nach mór a chur san áireamh ná cé acu a bheadh nó nach mbeadh rannpháirtithe an chomhaontaithe in ann an caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach agus iad ag gníomhú ina n-aonar in ionad a bheith ag obair as lámh a chéile. Maidir le feirmeoir a mhéadódh an méid spáis in aghaidh na muice ar a fheirm, agus an beart sin á dhéanamh aige ina aonar, chaillfeadh sé cuid dá ioncam, agus b'fhéidir go gcaillfeadh sé a chuid rochtana ar na ceannaitheoirí freisin, a ghabhfadh le feirmeoirí eile, de bharr an laghdaithe ar mhéid sholáthar an fheirmeora nó méadú ar an bpraghas díolacháin. An tráth céanna, cé go mbeadh feirmeoirí, a ghníomhaíonn le chéile gan aon bhaint ag próiseálaí leo, in iomaíocht le chéile ar théarmaí comhionanna, bheidís fós faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid leis na feirmeoirí a rinne an cinneadh gan a bheith páirteach sa chomhaontú inbhuanaitheachta. Bheadh deacrachtaí acu ceannaitheoirí, a d'aontódh praghas níos airde a íoc as an bhfeoil ó na hainmhithe a tógadh go hinbhuanaithe, freisin. Dá bhrí sin, is dócha go mbeadh comhaontú idir na feirmeoirí iad féin agus comhaontú idir na feirmeoirí agus na próiseálaithe, arb iad ceannaitheoirí an táirge feola iad, fíor-riachtanach, murab ionann agus gníomhaíocht aontaobhach. Ar deireadh, tá gá le rannpháirtíocht an tseamlais i bprionsabal toisc go n-áiríthítear leis go scartar an fheoil a fhaightear ó na muca atá faoi réir an chomhaontaithe agus an fheoil a fhaightear uathu siúd nach bhfuil faoina réir.

Fíor-riachtanas fhoráil an chomhaontaithe inbhuanaitheachta

Maidir le híocaíocht an phraghais bhisigh ansin, rogha mhalartach a d'fhéadfadh a bheith ann is ea go bhféadfadh na próiseálaithe gealltanais a thabhairt go gceannóidís an fheoil uile de thionscnamh na muc a thógtar i gcomhréir leis an tionscnamh ar phraghas na ngnáthmhuc. Ní gnách go mbíonn deacrachtaí ag feirmeoirí ceannaitheoirí a aimsiú agus bheidís in ann na táirgí feola a thagann óna gcuid muc a dhíol go héasca. Dá mbeidís in ann na critéir inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm, bheadh orthu an fheoil a dhíol faoina luach, áfach, toisc go gcaithfidís an líon ainmhithe a laghdú agus gan dada a fháil ina áit. Is dócha go mbeadh íocaíocht praghais bhisigh fíor-riachtanach, dá bhrí sin.

Maidir leis an ngealltanais ón seamlas, gan ach ainmhithe a thógtar i gcomhréir leis an gcaighdeán inbhuanaitheachta a mharú, rogha mhalartach a d'fhéadfadh a bheith ann go n-iarrfadh feirmeoirí ar an seamlas an fheoil a thagann óna gcuid muc a scaradh ón bhfeoil eile agus í a shainaitheint go soiléir. Is dócha go leanfadh costais bhreise as sin toisc go bhféadfadh an chothabháil a bheadh ag teastáil ó dhá líne ar leithligh i seamlas neamhéifeachtúlachtaí a chruthú maidir le marú na n-ainmhithe. Mar sin féin, ar choinníoll go n-éiríonn leis an seamlas bealach éifeachtúil a aimsiú chun an dá líne a bhainistiú, ach an dá chineál ainmhí a mharú bheadh sé in ann láimhdeachas níos airde a bhaint amach agus cúiteamh a fháil dá bharr sin as na costais maidir leis an dá chineál feola a scaradh le haghaidh próiseála. Ní dócha, dá bhrí sin, go mbeadh an comhaontú leis an seamlas, gan ach ainmhithe a tógadh go hinbhuanaithe a mharú, fíor-riachtanach.

Céim 2: Fíor-riachtanas chineál agus dhéine an tsriain

I gcás íocaíocht an phraghais bhisigh a fhaigheann feirmeoirí chun tuilleadh spáis a thabhairt do mhuca, d'fhéadfadh comhaontú maidir leis an bpraghas iomlán nó maidir le híospiraghas ar na táirgí feola a bheith mar shrian malartach. Mar sin féin, dá ndéanfaí comhaontú maidir leis an bpraghas iomlán chumhdófaí roinnt mhaith de ghnéithe an chostais táirgthe nach mbaineann leis an gcaighdeán inbhuanaitheachta, mar shampla, praghsanna ionchuir, teagmhais aimsire agus galair. Thairis sin, cé go bhféadfaí a áirithiú le híospiraghas, arna shocrú ag leibhéal a bheadh sách ard le go dtabharfaí cuntas ar na costais maidir leis an bhfeabhsú inbhuanaitheachta, go gcúitítear táirgeoirí as a gcuid iarrachtaí, dhéanfadh sé neamhaird don fhéidearthacht go bhféadfadh na heilimintí eile den phraghas ar mhucóil, amhail ionchuir, bonneagar agus séasúracht an táirge, athrú amach anseo agus nach léireodh an t-íospraghas a comhaontaíodh costais feirmeoirí go cruinn a thuilleadh. Is dócha dá bhrí sin go bhfuil íocaíocht an phraghais bhisigh fíor-riachtanach toisc go gcomhfhreagraíonn an íocaíocht do chailteanas brabúis a thabhaíonn feirmeoirí toisc go dtógann siad níos lú muc agus go gcoinnítear an fhéidearthacht go n-athródh na comhpháirteanna praghais eile go neamhspleách faoi réir athruithe sa mhargadh.

Is dócha go bhfuil socrú íocaíocht an phraghais bhisigh ag EUR 1 in aghaidh an chileagram den fheoil a tháirgtear fíor-riachtanach freisin. Bheadh sé sin amhlaidh dá léireofaí leis an íocaíocht an cailteanas brabúis a thabhdh feirmeoirí toisc nach mbeadh an t-achur céanna acu, a bheadh acu dá dtógfáidís a muca ar an ngnáthbhealach chomh maith le corrlach beag, níos lú ná 20 % den chúiteamh as costais a tabhaíodh agus ioncam a ligeadh thar ceal, chun feirmeoirí a spreagadh chun an comhaontú a dhéanamh. In éagmais an chorrlaigh sin, agus i gcás nach ndéanfaí ach feirmeoirí a chúiteamh as na costais bhreise a tabhaíodh agus an t-ioncam a ligeadh thar ceal, d'fhéadfadh sé nach mbeadh spéis acu na hiarrachtaí is gá a dhéanamh chun an caighdeán inbhuanaitheachta a fháil.

Ní gá measúnú a dhéanamh ar cé acu atá an líon feirmeoirí nó próiseálaithe a chuaigh isteach sa tionscnamh fíor-riachtanach, mar a mhínítear i Roinn 5.4.2.3.

Sampla 3: Forbraíonn grúpa de thrí chomharchumann déiríochta marc cáilíochta le haghaidh cáise. Leis an marc cáilíochta, ceanglaítear ar tháirgeoirí a dheimhniú go dtáirgtear an bainne a úsáidtear ina gcáiseanna ag úsáid modhanna orgánacha, agus modhanna orgánacha amháin. Éilítear leis an marc cáilíochta go ndéantar táirgeadh uile an bhainne sa cháis ag úsáid liosta sonracha réamhshainithe de mhodhanna orgánacha chun a dhearbhuí nach meashtar aon bhainne orgánach le cineálacha eile bainne. Tugtar le fios le modh táirgthe den sórt sin go mbeidh costais bhreise i gceist do tháirgeoirí, go laghdaítear an tsaoirse atá acu modhanna malartacha de tháirgeadh cáis orgánaí a roghnú agus a gcumas leanúint ag tairiscint gnáthbhainne le haghaidh táirgí cáise. Seoladh go rathúil cheana féin méideanna comhchosúla táirgí leis na cinn atá beartaithe ag an gcomharchumann déiríochta agus a táirgeadh trí mhodhanna táirgthe comhchosúla. Tá éileamh tomhaltóirí ar cháis orgánach ard agus tá tomhaltóirí ag íoc praghas níos airde as an gcáis sin cheana féin. As sin, leanann éileamh i measc chustaiméirí na gcomharchumann chun cáis orgánach a aimsiú agus is féidir leis na comharchumainn déiríochta na costais a bhaineann leis na ceanglais bhreise a aisghabháil.

Céim 1: An féidir an caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach trí ghníomhú go haonarach?

Cuireann táirgeoirí áirithe caighdeán inbhuanaitheachta atá níos airde ná mar atá sainordaithe le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta i bhfeidhm go haonarach cheana féin agus tá na táirgí a tháirgtear i gcomhréir leis na caighdeán sin ar cháilíocht agus ar mhéideanna atá inchomparáide leis na cinn atá beartaithe leis an gcomhaontú. Tá éileamh ar cháis orgánach freisin i measc tomhaltóirí agus ceannaitheoirí araon. Beidh na comharchumainn in ann dá bhrí sin an caighdeán a chur i bhfeidhm go haonarach agus an t-éileamh méadaithe ó chustaiméirí ar cháis inbhuanaithe a chomhlíonadh trína lipéad féin a chruthú. Ní dhealraítear, dá bhrí sin, go bhfuil an gá le haghaidh comhair fíor-riachtanach.

Sampla 4: Bíonn méid glasraí áirithe a bhíonn ar fáil níos mó ná an t-éileamh ag tráthanna áirithe den bhliain. Mar thoradh air sin, téann idir 7 % agus 15 % de bhuint bhliantúil an spionáiste amú. Tá iarracht déanta ag comharchumainn straitéisí éagsúla a chur chun feidhme go haonarach chun fuilleach an tsoláthair a phleanáil nó a stóráil ach níl éirithe leo a gcuid cailleanas a choinneáil faoi bhun 7 % ar an meán. Tá iarracht déanta acu freisin an spionáiste a thriomú agus é a dhíol ach níl aon éileamh i measc custaiméirí ar tháirge den sórt sin.

Chun cur amú den sórt sin a laghdú, beartaíonn grúpa comharchumann spionáiste faisnéis a mhalartú lena chéile maidir le seachadtaí míosúla spionáiste chuig custaiméirí ionas gur féidir leo an soláthar agus an t-éileamh a phleanáil ar bhealach níos cruinne. Is é an réasúnú a thugann na comharchumainn leis an malartú sin go gcuirfidh siad i bhfeidhm córas uainíochta ina mbeidh a mbabhtáí féin ag na comharchumainn éagsúla gach mí a tháirgeacht a laghdú faoi chéatadán faoi leith chun teacht leis an éileamh measta ar spionáiste don mhí dár gcionn.

Céim 1:

An féidir an caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach trí ghníomhú go haonarach?

Dealraítear go bhfuil an gá le haghaidh comhair fíor-riachtanach toisc go bhfuil teipthe ar ghníomhaíocht aonair i ndáil le cur amú bia a réiteach.

Fíor-riachtanas fhoráil an chomhaontaithe inbhuanaitheachta

Is é is aidhm do na comharchumainn spionáiste an caighdeán a bhaint amach trí mhalartú faisnéise maidir le soláthar agus éileamh. De rogha air sin, d'fhéadfaidís teacht ar chomhaontú maidir le méideanna táirgeachta laghdaithe le haghaidh gach comharchumainn. Ní rachadh sé sin i ngleic leis an tsaincheist, áfach, toisc go mbeadh sé deacair a mhéad táirgeachta ba cheart don chomharchumann a laghdú a thuar go cinnte. Anuas air sin, bheadh tréimhsí ann fós nuair a bheadh an t-éileamh níos airde mar sin ní bheadh na comharchumainn in ann orduithe a gcustaiméirí a chomhlíonadh. Thairis sin, bheadh comhaontú maidir le méideanna táirgeachta níos sriantaí ná comhaontú maidir le malartú faisnéise.

Maidir leis an gcomhaontú chun faisnéis a mhalartú, téitear i ngleic leis an tsaincheist trí fhaisnéis thráthrialta a sholáthar maidir le staid an mhargaidh agus bítear in ann an soláthar a choigeartú go beacht don mhí dár gcionn. Dá bhrí sin, dealraítear go bhfuil gá réasúnach leis chun an caighdeán maidir leis an gcur amú bia a laghdú a bhaint amach.

Céim 2: Fíor-riachtanas chineál agus dhéine an tsriain

Maidir le fíor-riachtanas an tsriain iomaíochta a thagann as an gcomhaontú, is srian suntasach ar iomaíocht é an malartú faisnéise ar pharaiméadar amhail seachadtaí míosúla chuig custaiméirí. Rogha eile réalaióch nach mbeadh chomh sriantach céanna is ea faisnéis chomhiomlán a roinnt gach dara nó gach tríú mí in ionad a bheith á dhéanamh ar bhonn míosúil. Toisc nach ndéantar na sonraí a chomhiomlánú agus a thiomsú chomh minic ní bhíonn díolacháin na gcomharchumann aonair le custaiméirí aonair chomh héasca a shaináithint. An tráth céanna, trí shonraí a roinnt gach dara nó tríú mí bheadh táirgeoirí fós ar an eolas maidir leis an éileamh a bhí ar spionáiste sa mhargadh sa 2-3 mhí roimhe ionas go bhféadfaidís a dtáirgeadh féin a choigeartú sna míonna ina dhiaidh sin.

Dá thoradh sin, ní éireodh leis an gcomhaontú maidir le faisnéis a roinnt ar bhonn míosúil céim 2 den tástáil fíor-riachtanais a chomhlíonadh.

6. Raon feidhme ama Airteagal 210a

6.1. Comhaontuithe inbhuanaitheachta arna dtabhairt i gcrích roimh fhoilsiú na dtreoirlínte

- (134) Tháinig Airteagal 210a i bhfeidhm an 8 Nollaig 2021. Féadfar comhaontuithe inbhuanaitheachta a tugadh i gcrích roimh an dáta sin tairbhiú den eisiaimh a leagtar síos in Airteagal 210a amháin ón 8 Nollaig 2021. Roimh an 8 Nollaig 2021, ní féidir le comhaontuithe inbhuanaitheachta tairbhiú den eisiaimh a leagtar síos in Airteagal 210a agus tá siad faoi réir na rialacha iomaíochta a bhí i bhfeidhm an tráth sin.
- (135) Ba cheart aon chomhaontú inbhuanaitheachta a tugadh i gcrích idir an 8 Nollaig 2021 agus foilsiú na dtreoirlínte seo a ailíniú go pras le hAirteagal 210a agus le hAirteagal 101 CFAE ó dháta fhoilsiú na dtreoirlínte seo.

Sampla: Déanann roinnt táirgeoirí comhaontú sula bhfoilsítear na treoirlínte seo. Geallann siad go stopfaidh siad d'úsáid luibhicíde údaráithe, a bhraitear go minic i soláthairtí uisce óil. Chun an t-aistriú chuig an modh táirgthe níos inbhuanaithe seo a mhaoiniú, aontaíonn siad go socródh siad a bpraghsanna ag EUR 0,50 in aghaidh an chileagraim a tháirgtear ar bhonn sealadach.

Tar éis fhoilsiú na dtreoirlínte seo, is léir do na páirtithe gur leor íocaíocht praghais bhisigh chun an caighdeán a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, ní chomhlíonann an comhaontú céim 2 den tástáil fíor-riachtanais. Dá thoradh sin, ba cheart do na páirtithe a gcomhaontú a thabhairt cothrom le dáta a luaithe is féidir chun Airteagal 210a a chomhlíonadh, trí íocaíocht praghais bhisigh a chur in ionad socrú praghanna.

6.2. Force majeure

- (136) Mura gcomhlíontar roinnt téarmaí den chomhaontú, atá ríthábhachtach i ndáil le hAirteagal 210a a chur i bhfeidhm, go sealadach a thuilleadh de bharr *force majeure*, is féidir leis an gcomhaontú tairbhiú den eisiaimh ar feadh tréimhse áirithe fós, ar choinníoll go ndéantar an méid a leanas: (i) glacann na páirtithe na céimeanna uile is gá gan mhoill chun comhlíontacht leis na téarmaí i gceist a aischur; agus (ii) comhlíontar ceanglais eile an eisiaimh leis an gcomhaontú.

- (137) Níl *force majeure* teoranta don dearbh-neamhfhéidearthacht agus ní mór é a thuiscint sa chiall a bhaineann le himthosca neamhghnácha agus nach féidir a thuair, nach bhfuil smacht ag an táirgeoir ná ag an oibreoir orthu. D'ainneoin gach cúram cuí a bheith á dhéanamh, níorbh fhéidir a iarmhairtí a sheachaint, ach amháin le híobairt iomarcach ⁽³⁹⁾. Áirítear le *force majeure* teagmhais adhaimsire, mar shampla triomach mór nó tuilte as cuimse, tubaistí nádúrtha (mar shampla creathanna talún), cliseadh bonneagair (mar shampla nuair a chliseann ar an gcóras iompair agus nuair a scriostar foirgnimh bheostoic trí thimpiste), míshuaimhneas sibhialta (mar shampla agóidí forleathana agus fadtéarmacha oibreoirí i slabhra an tsoláthair bia), ráig galair (mar shampla ráig de COVID-19, ráig de ghalair eipeasótacha nó de ghalair plandaí) nó imthosca eisceachtúla eile ar leibhéal an oibreora aonair. Ní mór d'imthosca neamhghnácha den sórt sin tionchar díreach agus mór a bheith acu ar tháirgeadh nó ar thrádáil táirgí talmhaíochta.

6.3. Idirthréimhse

- (138) D'fhéadfadh comhaontú inbhuanaitheachta tairbhiú d'eisiamh ar feadh tréimhse faoi leith tar éis é a thabhairt i gcrích agus sula dtosódh an ghníomhaíocht inbhuanaithe. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i gcás ina mbíonn gá le hachar ama faoi leith chun an ghníomhaíocht inbhuanaithe a chur chun feidhme, agus ar choinníoll go mbíonn an srian ar iomaíocht le linn na tréimhse idirthréimhsí fíor-riachtanach. Fágann sé sin nach bhfuil sé chomh dócha céanna go dtarlódh an ghníomhaíocht inbhuanaithe mura gcuirfí an srian ar iomaíocht i bhfeidhm le linn na tréimhse sin.

Sampla: D'aontaigh roinnt táirgeoirí talmhaíochta i mí Eanáir 2023 a modh táirgthe a athrú chun stop a chur le húsáid luibhicídí truailliúcháin údaraithe a aimsítear go minic i soláthairtí uisce óil. Toisc go raibh gá le roinnt ama chun an modh táirgthe a athrú, tá coinne le seoladh an táirge deiridh ar lú an truailliú uaidh i mí Mheán Fómhair 2023. D'aontaigh na táirgeoirí ar íocaíocht praghaís bhisigh ar an táirge ag úsáid na luibhicíde a raibh fadhb léi ó mhí Eanáir 2023 amach, chun an infheistíocht is gá le haghaidh an aistrithe a mhaoiniú.

Féadfar íocaíocht an phraghaís bhisigh a dheonú ó mhí Eanáir 2023 mura bhfuil na táirgeoirí in ann ach amháin a gcostais infheistíochta a chumhdach trí íocaíocht an phraghaís bhisigh a dheonú ó mhí Mheán Fómhair 2023, tar éis an táirge malartach a sheoladh. In éagmais an phraghaís bhisigh a bheadh ag tosú ó mhí Eanáir 2023, ní smaoineoidís ina mhalairt de chás tabhairt faoin tionscnamh inbhuanaitheachta. Mar sin féin, más féidir leis na páirtithe a gcostais infheistíochta a chumhdach trí íocaíocht an phraghaís bhisigh a dheonú ó mhí Mheán Fómhair 2023, ansin níl sé fíor-riachtanach an praghas bisigh a chur i bhfeidhm roimh an dáta sin.

6.4. I gcás nach mbaintear an caighdeán amach

- (139) In éagmais *force majeure*, mura mbaineann na páirtithe an caighdeán inbhuanaitheachta amach, ní fhéadfaidh siad tairbhiú den eisiamh.
- (140) D'fhéadfadh sé nach mbainfí amach an caighdeán inbhuanaitheachta, mar shampla, i gcás nach n-éiríonn leis na páirtithe an caighdeán a bhaint amach laistigh den achar ama a bhí beartaithe. D'fhéadfadh sé tarlú freisin i gcás ina mbeadh cur i bhfeidhm an chaighdeáin ina chostas nach bhfuil ar acmhainn na bpáirtithe, de bharr míríomh tosaigh. D'fhéadfadh sé nach mbeadh sé indéanta ach an oiread an caighdeán a chur chun feidhme sa chleachtas mar gheall ar ní nach ionann é agus *force majeure*, amhail deacrachtaí eacnamaíocha gan choinne ag na páirtithe, nó ganntanas sealadach ionchuir atá thar a bheith riachtanach dá bhfuil roghanna ionaid nó réitigh mhalartacha ar fáil.
- (141) Sna cásanna sin, ní fhéadfaidh na páirtithe sin tairbhiú d'eisiamh agus ba cheart dóibh stop a chur le cur i bhfeidhm an tsriain ar iomaíocht. Scoireann an t-eisiamh de bheith bailí i gcás nach féidir an caighdeán a bhaint amach a thuilleadh. Má bhíonn iarmhairtí móra eacnamaíocha ann do na páirtithe dá dtarraingeoidís siar ón gcomhaontú láithreach, féadfaidh siad leanúint dá chur i bhfeidhm ar feadh tréimhse idirthréimhseach riachtanach, i gcomhréir le Roinn 6.5 maidir leis an athbhreithniú leanúnach ar an gcoinníoll fíor-riachtanais.
- (142) Féadfaidh na páirtithe cinneadh a dhéanamh freisin an leibhéal uailmhéine ar a raibh siad ag díriú leis an gcaighdeán inbhuanaitheachta a laghdú. I gcás den sórt sin, ba cheart dóibh leibhéal an tsriain a choigeartú nó an cineál sriain a leasú, mar a éilítear leis an gcritéar fíor-riachtanais.

⁽³⁹⁾ Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le *force majeure*, féach (de réir analaí) an fógra ón gCoimisiún maidir le '*force majeure*' i ndlí talmhaíochta na hEorpa, C(88) 1696.

Sampla: Tá aontaithe ag dhá tháirgeoir infheistíocht a dhéanamh le chéile i dtaighde agus forbairt modha nua táirgthe lena ngealltar inbhuanaitheacht níos mó. Tuigtear leis sin go gcaithfear praghsanna a shocrú chun infheistíocht nua den sórt sin a mhaoiniú. Toisc gur tosaigh géarchéim eacnamaíoch tar éis dóibh an comhaontú a thabhairt i gcrích, ní féidir leis na páirtithe an taighde a mhaoiniú a thuilleadh agus cinneann siad deireadh a chur leis an infheistíocht taighde.

Ós rud é nár éirigh leis na páirtithe an caighdeán a chur chun feidhme ar chúis nach mbaineann le *force majeure*, ní féidir leo leanúint ar aghaidh ag cur srian ar an iomaíocht, is é sin le rá socrú praghsanna.

6.5. Athbhreithniú leanúnach ar fhíor-riachtanas

6.5.1. Cé na cásanna ar dócha nach gcomhlíonfaí fíor-riachtanas a thuilleadh?

(143) Díreach toisc go n-éiríonn leis an tástáil fíor-riachtanais faoi Airteagal 210a ag céim tosaigh an phróisis ní hé sin le rá go mbeifear rathúil sa tástáil ag céimeanna níos deireanaí, go háirithe nuair a dhéantar athruithe ábhartha ar an gcomhthéacs eacnamaíoch agus dlíthiúil ina bhfeidhmíonn an comhaontú inbhuanaitheachta. Dá bhrí sin, ní mór do na páirtithe athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar cé acu a leanann nó nach leanann cur chun feidhme an chomhaontaithe ag comhlíonadh an choinníll maidir le fíor-riachtanas.

(144) Nuair nach féidir a mheas go bhfuil comhaontú inbhuanaitheachta nó na srianta ar iomaíocht atá ann fíor-riachtanach a thuilleadh, ní bheidh feidhm ag Airteagal 210a a thuilleadh. Aon srian ar iomaíocht a choinneoidh na páirtithe nuair nach srianta fíor-riachtanacha iad níos mó, níl siad cumhdaithe faoi Airteagal 210a a thuilleadh.

(145) Maidir le hathrú ar imthosca ábhartha a fhágann go mbíonn gá le measúnú a dhéanamh an athuair ar fhíor-riachtanas comhaontaithe inbhuanaitheachta nó ar shrian, sampla de sin is ea athrú ar an gcostas a bhaineann le forbairt nó cur chun feidhme an chomhaontaithe inbhuanaitheachta nó an chaighdeán inbhuanaitheachta. D'fhágfadh athruithe ar na costais, go bhféadfaí fíor-riachtanas an chomhaontaithe nó na srianta sonracha ar iomaíocht, a chinn na páirtithe i dtús ama, a cheistiú.

Sampla: Comhaontaíonn táirgeoirí agus miondíoltóirí go bhfásfaidh siad cineál nua grán buí atá níos frithsheasmhaí in aghaidh lotnaidí agus a n-éilítear níos lú lotnaidicídí leo ná cineálacha eile grán buí, dá bhrí sin. Tá na síolta don chineál nua níos daoire áfach agus díoltar iad ag EUR 6 in aghaidh an chileagraim. Comhaontaíonn miondíoltóirí go maoineoidh siad ceannach na síolta níos daoire trí íocaíocht praghais bhisigh a thairiscint ar an ngrán buí a fásadh. I gcéimeanna deireanacha chur chun feidhme an chomhaontaithe inbhuanaitheachta, titeann costas na síolta go EUR 1 in aghaidh an chileagraim de réir mar a éiríonn an tóir ar an mbarr, agus bíonn níos mó síolta le fáil ar an margadh.

Mar gheall ar an athrú ar phraghas na síolta, arb iad an t-ionchur don ghrán buí, ní mór do na páirtithe athbhreithniú a dhéanamh ar an bpraghas bisigh ba cheart a bheith ann agus cé acu atá nó nach bhfuil ar mhiondíoltóirí tacú leis an gcomhaontú le híocaíocht praghais bhisigh a thuilleadh in aon chor.

(146) Athrú eile lena n-éileofaí measúnú a dhéanamh arís ar fhíor-riachtanas sriain iomaíochta is ea idirghabháil rialála lena n-ardaítear an leibhéal uailmhéine a bhainfeadh le caighdeán inbhuanaitheachta atá ann cheana sa réimse ar leith. I gcás den sórt sin, ba cheart measúnú a dhéanamh arís ar fhíor-riachtanas an chomhaontaithe nó na srianta atá ann toisc gur cinneadh iad i dtús ama ar bhonn creat dlíthiúil sainordaitheach difriúil. Nuair a fhorfheidhmeofar caighdeán níos airde leis na rialacha sainordaitheacha, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le hathrú ar an gcomhaontú nó na srianta chun freastal ar an leibhéal uailmhéine seo den chaighdeán tosaigh atá anois níos ísle. D'fhéadfadh sé nach mbeadh an gá atá le comhar fíor-riachtanach a thuilleadh agus d'fhéadfadh sé go mbeadh srian de chineál difriúil nó déine difriúil níos iomchuí. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh páirtithe ar an gcinneadh nach bhfuil srian ar iomaíocht fíor-riachtanach a thuilleadh mar gheall ar an athbhreithniú.

Sampla: Comhaontaíonn táirgeoirí, próiseálaithe agus miondíoltóirí ar íocaíocht praghais bhisigh as ainmhithe a thógáil gan cásanna a úsáid. Éilítear leis an dlí go mbeidh 0.2 m² spáis ar a laghad ag gach ainmhí. Uair éigin ina dhiaidh sin, leasaítear an reachtaíocht shainordaitheach agus forfheidhmítear leis ceanglas nua de 0.5 m².

D'fhéadfadh go mbeadh údar ann, de bharr an chaighdeán inbhuanaitheachta lena bhforfheidhmítear ceanglas go dtógfaí ainmhithe i 'saor-raon', praghas bisigh a chur i bhfeidhm. Toisc go bhfuil an caighdeán sainordaitheach ardaíthe ag an dlí, áfach, ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar leibhéal an phraghais bhisigh, agus d'fhéadfadh praghas níos ísle a bheith mar thoradh air sin i gcásanna áirithe.

- (147) Sampla eile is ea cás inar mian le páirtithe athrú a dhéanamh ar an gcaighdeán inbhuanaitheachta arb é is aidhm don chomhaontú é a chomhlíonadh. D'fhéadfadh sé gur mhian leis na páirtithe caighdeán inbhuanaitheachta atá níos airde ná rialacha sainordaitheacha an Aontais nó rialacha sainordaitheacha náisiúnta a shocrú fós, ach caighdeán nach bhfuil chomh huailmhianach céanna leis an gcéad chaighdeán inbhuanaitheachta a comhaontaíodh. Sa chás sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an comhaontú féin ná na srianta tosaigh fíor-riachtanach a thuilleadh chun an caighdeán nua-shocráithe a chomhlíonadh. D'fhéadfadh sé go mbeadh údar cuí le coigeartú an chomhaontaithe nó na srianta, dá bhrí sin.
- (148) Toisc gur seoladh táirgí de cháilíochtaí agus méideanna comhchosúla leis na cinn a chumhdaítear leis an gcomhaontú ar bhonn aontaobhach nó gan na srianta iomaíochta céanna d'fhéadfadh sé sin athrú ábhartha ar imthosca a thabhairt le fios. D'fhéadfadh an t-éileamh ar tháirge inbhuanaithe méadú mar gheall ar an gcomhaontú inbhuanaitheachta nó mar gheall ar fhachtóirí eile, amhail méadú ar spéis tomhaltóirí táirgí atá ar cháilíocht inbhuanaitheachta comhchosúil a cheannach. Dá thoradh sin, d'fhéadfadh dreasacht láidir a bheith ag móramh mór oibreoirí, nó acu uile, aistriú chuig an modh táirgthe inbhuanaithe nó an táirge sin a thrádáil. Sa chás sin, ba cheart do na páirtithe measúnú a dhéanamh arís ar fhíor-riachtanas an chomhaontaithe nó an tsriain.
- (149) Mar gheall ar nuálaíochtaí i bpróisis táirgthe nó dáilte, d'fhéadfadh gá a bheith freisin le measúnú a dhéanamh arís ar fhíor-riachtanas sriain i gcomhaontú. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i gcás ina raibh gá leis an gcomhaontú chun táirge nó próiseas áirithe a fhorbairt i gcomhpháirt nó chun táirge áirithe a thabhairt isteach go comhpháirteach ar an margadh, ach i gcás, go mbeadh na páirtithe in ann na hearraí a tháirgeadh agus a chur ar an margadh gan an gá le comhar tar éis roinnt ama agus infheistíochta.

Sampla: Le comhaontú idir eagraíocht táirgeoirí agus monaróirí cuirtear ar a gcumas do mhonaróirí infheistiú i dteicneolaíocht inleachta saorga (AI) lenar féidir galair i bplandaí a bhrath go luath, rud as a dtagann táirgeacht níos mó. Comhaontaíonn na monaróirí an teicneolaíocht a cheannach do na táirgeoirí agus costais oibriúcháin na teicneolaíochta a chumhdach trí chomhaontú ar íosphearghas ar na táirgí arna dtáirgeadh ag an eagraíocht táirgeoirí. As sin, éilítear leis an gcomhaontú ar chomhaltaí na heagraíochta táirgeoirí an teicneolaíocht a cheadúnú, chun a áirithiú go bhfuil dóthain ceadúnaithe ann, agus táillí ceadúnais dá réir sin, chun costais na hinfeistíochta a chumhdach.

Nuair a bheidh tástáil déanta ar an teicneolaíocht agus nuair a bheidh táirgeachtaí níos airde ann dá bharr, beidh ar na táirgeoirí measúnú a dhéanamh arís ar fhíor-riachtanas an íosphearghais. Toisc go bhfuil siad ag táirgeadh níos mó anois, d'fhéadfadh sé go mbeidís in ann astu féin costais oibriúcháin na teicneolaíochta a chumhdach.

- (150) Níl aon cheanglas beacht ann maidir le chomh minic ba cheart d'oibreoirí athbhreithniú a dhéanamh ar fhíor-riachtanas. Oibreoirí a bhíonn ag gabháil do chomhaontú inbhuanaitheachta is iad is fearr atá in ann a mheas nuair a tharlaíonn athrú ábhartha ar an gcomhthéacs eacnamaíoch agus dlíthiúil ina bhfeidhmíonn siad. Ba cheart dóibh aird chuí a bheith acu iad féin a choimeád ar an eolas faoi fhorbairtí ábhartha agus beart a dhéanamh de mheon macánta.

6.5.2. Cé na roghanna atá ag na páirtithe i gcás ina meastar nach mbíonn na srianta fíor-riachtanach a thuilleadh?

6.5.2.1. Rogha 1: an comhaontú inbhuanaitheachta a leasú

(151) I gcás nach bhfuil comhaontú inbhuanaitheachta fíor-riachtanach a thuilleadh, is féidir é a leasú. Mar shampla, más í an tsaincheist atá ann nach féidir an caighdeán inbhuanaitheachta a comhaontaíodh a bhaint amach a thuilleadh, d'fhéadfaí teacht ar chomhaontú maidir le caighdeán difriúil atá fós níos airde ná an caighdeán a shainordáítear le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta. Más í an tsaincheist atá ann nach bhfuil an cineál forála fíor-riachtanach chun an caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach, d'fhéadfaí cineál forála atá fíor-riachtanach a ghlacadh. Ar an gcaoi chéanna, más í an tsaincheist atá ann nach bhfuil na srianta sonracha a fhorfheidhmítear leis an gcomhaontú fíor-riachtanach a thuilleadh chun an caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach, d'fhéadfaí na srianta a leasú chun iad a dhéanamh fíor-riachtanach nó d'fhéadfaí díreach na srianta sin go léir a aisghairm.

6.5.2.2. Rogha 2: an comhaontú inbhuanaitheachta a fhoirceannadh

(152) Mura mbíonn na páirtithe in ann, nó mura mian leo, a gcomhaontú inbhuanaitheachta a leasú ionas go gcomhlíonfar ceanglais Airteagal 210a, ba cheart dóibh an comhaontú a fhoirceannadh a luaithe nach mbíonn sé fíor-riachtanach a thuilleadh.

(153) I gcás ina ndearna na páirtithe infheistíochtaí áfach agus iad ag brath ar na srianta reatha ar iomaíocht a bhí fíor-riachtanach chun an caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach tráth a ndearnadh iad, ní chuirtear cosc orthu le hAirteagal 210a na costais uile a thabhaigh siad agus an caighdeán inbhuanaitheachta faoi chaibidil á fhorbairt nó á chur chun feidhme acu a aisghabháil. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go dtairbheodh comhaontú inbhuanaitheachta fós den eisiámh a leagtar síos in Airteagal 210a don tréimhse is gá chun an comhaontú a leachtú agus na hinfeistíochtaí a aisghabháil. Ní bheadh an cás amhlaidh i gcás ina scoireann comhaontú inbhuanaitheachta de bheith fíor-riachtanach de bharr athrú rialála lena mbunaítear caighdeán sainordaitheach ón Aontas nó caighdeán sainordaitheach náisiúnta atá cothrom leis an gcaighdeán a leagtar síos sa chomhaontú, nó níos airde ná é, má bhí glacadh an athraithe rialála intuartha tráth ar tugadh an comhaontú i gcrích.

Sampla: Comhaontaíonn feirmeoirí éanlaithe clóis áitiúla go comhpháirteach go soláthróidh siad níos mó spás maireachtála in aghaidh an ainmhí. Chun a gcostais idirthréimhseacha a laghdú, déanann siad comhaontú lena gceannaitheoirí, faoina gcomhaontóidh na ceannaitheoirí ar phraghas bisigh seasta, chun an costas breise a thagann leis an gcaighdeán inbhuanaitheachta nua a chumhdach. Sínítear an comhaontú i mí an Mhárta 2024, agus tá tréimhse fógra fhoirmiúil de 1 bhliain amháin ann i gcásanna d'fhoirceannadh aontaobhach. Áirithítear leis an tréimhse fógra go mbeidh na ceannaitheoirí in ann pleanáil leordhóthanach a dhéanamh, ionas go mbeidh siad in ann seasamh a ghlacadh ar an margadh mar sholáthróirí éanlaithe clóis inbhuanaithe agus a bhfuil infheistíochtaí déanta acu chun é sin a dhéanamh. Glactar reachtaíocht nua áitiúil i mí an Mheithimh 2024 agus beidh feidhm aige ó mhí na Nollag 2024. Éilítear leis go dtabharfaidh an táirgeadh talmhaíochta uile sa réigiún sin an méid spáis céanna d'ainmhithe, a ndéantar foráil dó sa chomhaontú, a leithdháileadh.

Toisc go mbeidh an ceanglas maidir le spás íosta ina oibleagáid dhlíthiúil i mí na Nollag 2024, níl an srian ar iomaíocht fíor-riachtanach a thuilleadh. Dá bhfoirceannfaí an comhaontú leis na ceannaitheoirí roimh dheireadh na tréimhse fógra foirmiúla, áfach, d'fhéadfadh iarmhairtí tromchúiseacha airgeadais a bheith i gceist do na páirtithe. Bhí na páirtithe ag gníomhú de mheon macánta toisc nach raibh an dlí nua intuartha tráth ar thug siad an comhaontú i gcrích. Is féidir leo, dá bhrí sin, leanúint de bheith ag tairbhiú den eisiámh a leagtar síos in Airteagal 210a go dtí go dtiocfaidh deireadh leis an bhfógra foirmiúil, i.e. go dtí mí an Mheithimh 2025.

7. CÓRAS TUAIRIMÍ DE BHUN AIRTEAGAL 210A(6)

7.1. Iarratasóirí na hiarrata

(154) Ón 8 Nollaig 2023, ceadaítear do tháirgeoirí nó do chomhlachais táirgeoirí, faoi Airteagal 210a(6) tuairim a iarraidh ar an gCoimisiún maidir le comhoiriúnacht a gcomhaontuithe inbhuanaitheachta le hAirteagal 210a. Féadfaidh páirtithe an chomhaontaithe inbhuanaitheachta, nach táirgeoirí iad, a bheith páirteach san iarraidh. Féadfaidh eagraíochtaí idir-chraoibhe iarraidh ar thuairim a chur isteach freisin de bhun Airteagal 210a(6).

- (155) Ní fhéadfar tuairim a iarraidh ach amháin i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 210a(6) den Rialachán maidir le Comheagrú na Margaí. Maidir leis na heisiaimh a leagtar síos in Airteagail 209 agus 210 den Rialachán maidir le Comheagrú na Margaí, ba cheart d'oibreoírí an nós imeachta ábhartha a úsáid chun an tuairim a léirítear sna hairteagail sin a iarraidh. Maidir le haon neamhchinnteacht eile a bhaineann le cásanna ina gcuirtear ceisteanna nua nó ceisteanna nach bhfuil réitithe i láthair maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 101 nó 102 CFAE, iarrtar ar oibreoírí dul i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir le comhoiriúnacht comhaontaithe leis an dlí iomaíochta ar bhonn an fhógra ábhartha ón gCoimisiún ⁽⁴⁰⁾.
- (156) Féadfaidh táirgeoírí nó comhlachais táirgeoírí tuairim a iarraidh aon uair tar éis don chomhaontú inbhuanaitheachta a bheith tugtha i gcrích, lena n-áirítear sula gcuirtear chun feidhme é.
- (157) Ní mór an iarraidh a chur isteach chuig EC-210A-CMO-OPINION-REQUEST@ec.europa.eu. De rogha air sin, féadfar an iarraidh a sheoladh chuig ceann de na seoltaí poist seo a leanas:
- European Commission DG Competition; Antitrust and General Registry; Avenue de Bourget/Bourgetlaan 1; 1140 Bruxelles/Brussel; BELGIQUE/BELGIË;
 - European Commission DG Agriculture and Rural Development; Rue de la Loi/Wetstraat 130; 1049 Bruxelles/Brussel; BELGIQUE/BELGIË.

7.2. **Ábhar na hiarrata**

- (158) Níl aon fhoirm chaighdeánach ann le haghaidh iarraidh ar thuairim faoi Airteagal 210a(6).
- (159) Ionas go ndéanfar breithniú air, áfach, ba cheart an méid a leanas a bheith san iarratas:
- (a) céannachtaí na bpáirtithe uile sa chomhaontú lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, a n-uimhreacha clárúcháin;
 - (b) teagmhálaí amháin, lena n-áirítear ainm agus ríomhphost nó seoladh poist, nó an dá cheann, le haghaidh na cumarsáide ar fad leis an gCoimisiún;
 - (c) cóip d'aon doiciméad ina leagtar amach téarmaí an chomhaontaithe inbhuanaitheachta nó, más comhaontú briathartha atá ann, míniú mionsonraithe i scríbhinn ar an gcomhaontú, lena n-áirítear cumhdach margaidh an chomhaontaithe, más infhaighte, a fhad agus na srianta ar iomaíocht a fhorfheidhmítear leis;
 - (d) tuairisc ar an gcuspóir/na cuspóirí inbhuanaitheachta;
 - (e) míniú ar an gcaighdeán inbhuanaitheachta a leagtar síos leis an gcomhaontú inbhuanaitheachta agus tagairt do chaighdeán éigeantacha reatha, lena n-áirítear mínithe agus fianaise maidir leis an gcúis a bhfuil an caighdeán inbhuanaitheachta sa chomhaontú níos airde ná an caighdeán a shainordaítear le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta;
 - (f) míniú mionsonraithe ar conas a chomhlíontar gach ceann de na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 210a(1), (3) agus (7);
 - (g) faisnéis maidir le haon imeacht reatha atá os comhair cúirt náisiúnta nó údarás iomaíochta náisiúnta maidir leis an mbealach a chomhlíonann an comhaontú inbhuanaitheachta, lena mbaineann an iarraidh, Airteagal 210a nó Airteagal 101, CFAE;
 - (h) aon tagairt nó foinse, lena n-áirítear leathanaigh ghréasáin, ina bhfuil téarmaí an chomhaontaithe inbhuanaitheachta, nó codanna de, curtha ar fáil go poiblí ag an iarratasóir;
 - (i) aon fhaisnéis nó doiciméad eile atá ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar an gcomhaontú inbhuanaitheachta.

7.3. **Measúnú an Choimisiúin agus ábhar na tuairime**

- (160) Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an iarraidh ar bhonn na faisnéise a sholáthraítear. D'fhéadfadh sé go n-iarrfadh sé tuilleadh faisnéise ar an iarratasóir, ar pháirtithe eile sa chomhaontú inbhuanaitheachta nó ar thrú páirtithe, faisnéis is gá chun measúnú a dhéanamh ar an iarraidh.

⁽⁴⁰⁾ Fógra ón gCoimisiún maidir le treoir neamhfhoirmiúil a bhaineann le ceisteanna nua nó gan réiteach i ndáil le hAirteagal 101 agus in Airteagal 102 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a thagann chun cinn i gcásanna aonair (treoilriteacha) (IO C 381, 4.10.2022, lch. 9).

- (161) Féadfaidh an Coimisiún an fhaisnéis a chuirtear faoina bhráid a roinnt le húdaráis iomaíochta náisiúnta agus údaráis nó aireachtaí, de réir mar is iomchuí, ar choinníoll go mbíonn na húdaráis agus aireachtaí seo faoi réir na hoibleagáide an fhaisnéis sin a úsáid chun an chríoch céanna dá bhfuair an Coimisiún é. Féadfaidh an Coimisiún ionchur a iarraidh ar na húdaráis agus aireachtaí sin agus ionchur a fháil uathu. Is féidir le hiarratasóir a iarraidh a tharraingt siar aon uair. Féadfaidh an Coimisiún aon fhaisnéis arna cur faoina bhráid i gcomhthéacs iarraidh ar thuairim de bhun Airteagal 210a(6) a choinneáil agus féadfaidh sé an fhaisnéis sin a úsáid in aon imeacht maidir le forfheidhmiú Airteagal 210a nó Airteagal 101, CFAE.
- (162) Déarf ar sa tuairim arna heisiúint ag an gCoimisiún cé acu atá nó nach bhfuil an comhaontú inbhuanaitheachta comhoiriúnach d'Airteagal 210a agus soláthrófar ann cúiseanna leis an ráiteas sin.
- (163) Tabharfaidh an Coimisiún fógra maidir lena thuairim don teagmhálaí amháin.
- (164) Má deirtear i dtuairim nach bhfuil an comhaontú inbhuanaitheachta comhoiriúnach le hAirteagal 210a, ní dhéantar réamhbhreith leis sin maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an comhaontú inbhuanaitheachta comhoiriúnach le hAirteagal 101(3), CFAE, nó le forálacha eile de dhlí an Aontais.
- (165) I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an Coimisiún a rá nach mbeidh an tuairim bailí ach ar feadh tréimhse áirithe nó go bhfuil an tuairim coinníollach ar an bhfíoras gurb ann d'fhíorais áirithe nó easpa fíoras áirithe.
- (166) Foilseofar an tuairim ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, ag féachaint do leas dlísteach an iarratasóra nó na n-iarratasóirí a gcuid rún gnó a chosaint. Aontófar leagan neamhrúnda leis an gCoimisiún agus an t-iarratasóir nó na hiarratasóirí sula bhfoilseofar an tuairim.

7.4. Teorainn ama chun tuairim a thabhairt

- (167) Soláthróidh an Coimisiún a thuairim don iarratasóir nó do na hiarratasóirí laistigh de 4 mhí ó fhaigheann sé iarraidh chríochnaithe, is é sin le rá tar éis dó an fhaisnéis uile is gá a fháil chun measúnú a dhéanamh ar an iarraidh. Tosóidh an tréimhse sin ar an lá tar éis don Choimisiún iarraidh chríochnaithe a fháil.

7.5. Athrú ar imthosca tar éis ghlacadh na tuairime

- (168) Eiseoidh an Coimisiún an tuairim bunaithe ar an bhfaisnéis arna soláthar ag an iarratasóir.
- (169) Le hAirteagal 210a(6), ceanglaítear ar an gCoimisiún a dhearbhu go mbeidh feidhm ag Airteagal 101(1), CFAE amach anseo maidir leis an gcomhaontú inbhuanaitheachta i gceist, agus fógra a thabhairt don iarratasóir a chuir isteach an iarraidh dá réir sin, má aimsíonn sé, tráth ar bith, tar éis eisiúint na tuairime, nach gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 210a(1), (3) agus (7) a thuilleadh. Is féidir leis an gCoimisiún teacht ar chinneadh den sórt sin ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh ó Bhallstát. Cé nach bhforchuirfidh an Coimisiún aon phionós de bharr cinnidh den sórt sin, d'fhéadfadh iarmhairtí a bheith aige don mheasúnú a dhéanfaidh údaráis iomaíochta náisiúnta nó na cúirteanna náisiúnta ar an gcomhaontú inbhuanaitheachta.
- (170) I gcás ina mbeadh cúis ag an gCoimisiún lena chreidiúint go bhfuil faisnéis mhíchruinn curtha isteach ag iarratasóir, féadfaidh an Coimisiún faisnéis bhreise a iarraidh ar an iarratasóir.
- (171) Tar éis do reachtaíocht an Aontais nó reachtaíocht náisiúnta ina leagtar síos caighdeán inbhuanaitheachta teacht i bhfeidhm, d'fhéadfadh sé go mbeadh cúis ag an gCoimisiún lena chreidiúint nach bhfuil an caighdeán inbhuanaitheachta, arb é is aidhm don chomhaontú inbhuanaitheachta a bhaint amach, níos airde ná an caighdeán a shainordáítear le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta a thuilleadh. Féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar an iarratasóir a léiriú ansin go bhfuil an caighdeán, arb é is aidhm don chomhaontú inbhuanaitheachta a bhaint amach, níos airde go deimhin ná an caighdeán a shainordáítear le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta. Mura n-éiríonn leis an iarratasóir déanamh amhlaidh, féadfaidh an Coimisiún fógra a thabhairt dó nach bhfuil an tuairim bailí a thuilleadh agus a thorthaí a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin.

7.6. Éifeachtaí tuairime

- (172) Faoin gcúigiú mír d'Airteagal 288 CFAE, níl aon fheidhm cheangailteach ag tuairimí. Tá siad ann in ionad sin chun cabhrú le hoibreoírí féinmheasúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht an chomhaontaithe inbhuanaitheachta le hAirteagal 210a. Féadfaidh údarás iomaíochta náisiúnta agus cúirteanna náisiúnta tuairimí arna n-eisiúint ag an gCoimisiún a chur san áireamh de réir mar is cuí leo i gcomhthéacs cáis, áfach.
- (173) Ní féidir leis an gCúirt Bhreithiúnais, cúirteanna náisiúnta ná údarás iomaíochta náisiúnta réamhbhreithiúnas a dhéanamh ar mheasúnú ar an gceist chéanna le tuairim.
- (174) I gcás ina mbíonn bonn fíorasach tuairime múnlaite ag an gcomhaontú inbhuanaitheachta, ní choisctear ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar an gcomhaontú céanna i nós imeachta faoi Rialachán 1/2003 ón gComhairle ina dhiaidh sin ⁽⁴¹⁾. Sa chás sin, cuirfidh an Coimisiún a thuairim roimhe seo san áireamh, faoi réir an mhéid a leanas go háirithe: (i) athruithe ar na fíorais bhunúsacha; (ii) aon ghné nua arna haimsiú ag an gCoimisiún nó arna hardú i ngearán; (iii) forbairtí ar chásdlí na Cúirte Breithiúnais; nó (iv) athruithe níos leithne ar bheartas an Choimisiúin agus ar fhorbairtí sna margai lena mbaineann.

8. Idirghabháil *ex post* ag údarás iomaíochta náisiúnta agus ag an gCoimisiún faoi Airteagal 210a(7)

- (175) Leagtar amach le hAirteagal 210a(7) sásra coimirce lena bhféadfaidh údarás iomaíochta náisiúnta nó an Coimisiún (an t-údarás iomaíochta ábhartha) a chinneadh, tar éis do chomhaontú inbhuanaitheachta a bheith tugtha i gcrích nó curtha chun feidhme, é a mhodhnú, scor den chomhaontú nó cosc a chur ar a chur chun feidhme. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le cinneadh den sórt sin chun cosc a chur ar eisiamh na hiomaíochta sa mhargadh nó i gcás ina gcuirtear cuspóirí CBT, mar a leagtar síos in Airteagal 39, CFAE iad, i mbaol.

8.1. Tá cuspóirí CBT i mbaol

- (176) I gcomhréir le hAirteagal 42, CFAE, níl feidhm ag na rialacha iomaíochta ach amháin maidir le táirgeadh agus trádáil táirgí talmhaíochta, a mhéid a chinneann na comhrechtóirí i gcomhréir le hAirteagal 43(2), CFAE, agus na cúig chuspóir in CBT a leagtar síos in Airteagal 39(1), CFAE, á gcur san áireamh ⁽⁴²⁾.
- (177) Ar an mbonn sin, le hAirteagal 210a(7) tugtar an chumhacht d'údarás iomaíochta idirghabháil a dhéanamh i gcás ina gcuireann comhaontú inbhuanaitheachta, a rinneadh nó a cuireadh chun feidhme, na cúig chuspóir den CBT a leagtar síos in Airteagal 39 CFAE, i mbaol. Agus an méid sin á dhéanamh, ní mór don údarás iomaíochta ábhartha cuimhneamh ar éifeacht an chomhaontaithe inbhuanaitheacht ar na cúig chuspóir uile. I roinnt cásanna, beidh sé leordhóthanach do cheann de na cúig chuspóir a bheith i mbaol chun an ceanglas a leagtar síos in Airteagal 210a(7) a chomhlíonadh. I gcásanna ina bhféadfadh sé go mbeadh tionchar diúltach á imirt ar roinnt cuspóirí agus tionchar dearfach á imirt ar chuspóirí eile, áfach, d'fhéadfadh gá a bheith ann na cúig chuspóir a réiteach ⁽⁴³⁾.

⁽⁴¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta atá leagtha síos in Airteagail 81 agus 82 den Chonradh (IO L 1 4.1.2003, lch. 1).

⁽⁴²⁾ Is iad seo a leanas na cuspóirí:

- táirgiúlacht na talmhaíochta a mhéadú trí ascnamh teicniúil a chur chun cinn agus trína áirithiú go ndéanfar forbairt réasúnach ar tháirgeadh na talmhaíochta agus go n-úsáidfear mar is fearr is féidir na tosca táirgthe, go háirithe na hoibrithe;
- mar sin, caighdeán cóir maireachtála a áirithiú don lucht talmhaíochta, go háirithe trí thuilleamh gach duine a bhíonn ag gabháil don talmhaíocht a mhéadú;
- margaí a chobhsú;
- a chinntiú go mbíonn soláthairtí ar fáil;
- a áirithiú go mbíonn soláthairtí á bhfáil ar phraghsanna réasúnta ag tomhaltóirí.

⁽⁴³⁾ Breithiúnas an 14 Bealtaine 1997, *Florimex agus VGB v An Coimisiún*, cásanna uamtha T-70/92 agus T-71/92, ECLI:EU:T:1997:69, mír 153, arna dheimhniú ar achomharc ag Breithiúnas an 30 Márta 2000, C-265/97 P, ECLI:EU:C:2000:170.

- (178) D'fhéadfaí an cuspóir a leagtar síos in Airteagal 39(1), pointe (a) CFAE, lena méadaítear táirgiúlacht talmhaíochta, a chur i mbaol i gcásanna ina laghdaítear dreasachtaí na bpáirtithe chun dul i mbun nuála leis an gcomhaontú inbhuanaitheachta. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh mar shampla má leagtar síos caighdeán inbhuanaitheachta leis an gcomhaontú inbhuanaitheachta lena laghdaítear dreasacht na bpáirtithe infheistiú i dteicneolaíochtaí nua a d'fhéadfadh cuidiú chun caighdeán inbhuanaitheachta níos airde fiú a bhaint amach, nó i gcás ina gcumhdaíonn an comhaontú inbhuanaitheachta cuid chomh mór sin den mhargadh go laghdaítear leis freisin na dreasachtaí do rannpháirtithe eile an mhargaidh dul i mbun nuála.
- (179) Is é is aidhm don chuspóir a leagtar síos in Airteagal 39(1), pointe (b) CFAE caighdeán cóir maireachtála a áirithiú d'fheirmeoirí. Agus cinneadh á dhéanamh cé acu a bhféadfadh nó nach bhféadfadh an cuspóir sin a bheith i mbaol, ba cheart don údarás iomaíochta ábhartha measúnú a dhéanamh ar an mbealach a ndéanann an comhaontú inbhuanaitheachta difear do chaighdeán maireachtála na bhfeirmeoirí uile, ní hamháin na feirmeoirí siúd atá páirteach sa chomhaontú inbhuanaitheachta.

Sampla: Chun úsáid lotnaidicídí a laghdú faoi mhéid níos mó ná mar a shainordaítear le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta, déanann trí tháirgeoir gráin bhuí, a léiríonn cuid bheag de líon na dtáirgeoirí ar an margadh, comhaontú le tháirgeoir beatha go n-aistroidh siad chuig modhanna orgánacha táirgthe. Toisc go dtiocfaidh méadú ar a gcostais leis an aistriú sin, aontaíonn siad i gcomhpháirt go socróidh na trí tháirgeoir gráin bhuí a gcuid praghsanna ar feadh tréimhse 2 bhliain. Tar éis 1 bhliain amháin de chur chun feidhme an chomhaontaithe inbhuanaitheachta, tugann na trí tháirgeoir gráin bhuí faoi deara go ndearna siad ganmheas ar a mhéid a mhéadóidh an t-aistriú chuig táirgeadh orgánach a gcostais, agus nach gcumhdaíonn an praghas bisigh na costais bhreise sin. Laghdaíonn na trí tháirgeoir gráin bhuí a gcuid ioncain chun na costais sin a chumhdach, dá bhrí sin, ag glacadh leis nach féidir leo an praghas seasta a mhéadú.

Sa sampla seo, laghdaítear an t-ioncam de bharr míríomh arna dhéanamh ag na trí tháirgeoir gráin bhuí. Anuas air sin, ní bhaineann sé sin ach le líon teoranta táirgeoirí. Dá thoradh sin, ní dócha go gcuirfí cuspóirí CBT a leagtar síos in Airteagal 39, CFAE, i mbaol leis sin.

- (180) Baineann na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 39(1), pointí (c), (d) agus (e) CFAE le cobhsaíocht margaí, ar infhaighteacht soláthairtí agus praghsanna réasúnacha a áirithiú do thomhaltóirí. Bíonn baint ag na cuspóirí sin le chéile go minic.

Sampla: Geallann roinnt táirgeoirí síolta gráin, a tháirgeann 80 % den ghrán a tháirgtear sa limistéar geografach ábhartha, go stopfaidh siad de shíolta gráin, a chóireáiltear le cineál áirithe lotnaidicíde ceimicé, a dhíol. Cruthaítear leis sin ganntanas ionchur do phróiseálaithe a úsáideann na gráin toisc go mbíonn na táirgeoirí ag gabháil do sciar mór de tháirgeadh síolta, rud as a leanann méadú substaintiúil ar phraghas aráin. Is dócha go gcuirfeadh sé sin na cuspóirí maidir le hinfaighteacht soláthairtí agus praghsanna réasúnacha do thomhaltóirí i mbaol.

- (181) Ba cheart don tairseach chun a mheas go bhfuil cuspóirí an chomhbheartais talmhaíochta a leagtar síos in Airteagal 39 CFAE i mbaol, ba cheart don tairseach sin a bheith ard. Dá mba rud é go measfaí go bhfuil na cuspóirí sin i mbaol tráth ar bith a mbíonn fiú tionchar beag ag comhaontú inbhuanaitheachta ar cheann díobh, rachadh sé sin in aghaidh spiorad Airteagal 210a agus cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir leis an ngá atá le cúig chuspóir CBT a réiteach.
- (182) Thairis sin, tá an cuspóir maidir le hinfaighteacht soláthairtí difriúil ó neamhthuilleamaíocht⁽⁴⁴⁾. Baineann slándáil soláthairtí le slándáil bia, ní gá go mbainfeadh sé leis an éagsúlacht is mó deighleog margaidh le haghaidh an bhia chéanna. Má laghdaítear an sciar den mhargadh a bhíonn ag deighleoga, nach bhfuil chomh hinbhuanaithe céanna, de na táirgí talmhaíochta céanna, ní fhágtar leis sin i gcónaí go gcuirtear an cuspóir maidir le slándáil an tsoláthair i mbaol. Ar an gcaoi chéanna, níor cheart an tuiscint a bheith ann gurb ionann an cuspóir 'praghsanna réasúnacha' agus an praghas is ísle is féidir a ghearradh⁽⁴⁵⁾.

⁽⁴⁴⁾ Breithiúnas an 14 Iúil 1994, *An Ghréig v An Chomhairle*, C-353/92, ECLI:EU:C:1994:295.

⁽⁴⁵⁾ Breithiúnas an 15 Iúil 1963, *an Ghearmáin v an Coimisiún*, Cás 34/62, ECLI:EU:C:1963:18.

- (183) Tá cur i mbaol na gcuspóirí in CBT a leagtar síos in Airteagal 39(1) CFAE difriúil ó eisiámh na hiomaíochta freisin. D'fhéadfadh eisiámh na hiomaíochta tarlú i roinnt cásanna gan na cuspóirí sin a chur i mbaol. Thairis sin, d'fhéadfadh sé go gcuirfí na cuspóirí sin i mbaol mura n-eiseofaí an iomaíocht fiú.

8.2. Eisiámh iomaíochta

- (184) Le hAirteagal 210a(7), ligtear d'údarás iomaíochta náisiúnta agus don Choimisiún idirghabháil a dhéanamh freisin a luaithe agus a bheidh comhaontú inbhuanaitheachta déanta nó curtha chun feidhme, más gá an idirghabháil chun eisiámh na hiomaíochta a sheachaint.
- (185) Tá an measúnú a dhéanann an t-údarás iomaíochta ábhartha maidir le cé acu a eisiatar nó nach n-eisiatar an iomaíocht le comhaontú inbhuanaitheachta difriúil ón measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil comhaontú inbhuanaitheachta fíor-riachtanach maidir le baint amach an chaighdeáin inbhuanaitheachta. Fágann sé sin go bhféadfadh srian ar iomaíocht i gcomhaontú inbhuanaitheachta a bheith fíor-riachtanach maidir le baint amach caighdeáin inbhuanaitheachta, ach go bhféadfadh sé an iomaíocht a eisiámh fós. Ní eisiatar le gach srian ar iomaíocht an iomaíocht, toisc go bhfágfaí leis sin go mbeadh an t-eisiámh in Airteagal 210a(1) neamhéifeachtach. Tuigtear, dá bhrí sin, nach mór don eisiámh iomaíochta a bheith tromchúiseach go leor chun an fíoras go gcomhlíonann an comhaontú inbhuanaitheachta tástáil fíor-riachtanais Airteagal 210a(1) a shárú.
- (186) Tá an coincheap maidir le heisiámh na hiomaíochta difriúil freisin ón gcoincheap maidir leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 39(1) CFAE a chur i mbaol, go háirithe iad sin a bhaineann le praghsanna réasúnacha agus infhaighteacht soláthairtí. Ba cheart an tairseach maidir le heisiámh iomaíochta a bheith ard, dá bhrí sin, chun forluí idir an dá fhoras shainiúla le haghaidh idirghabháil *ex post* a sheachaint.
- (187) D'fhéadfadh eisiámh iomaíochta a bheith ann de réir bhrí Airteagal 210a(7) dá n-eiseofaí táirgí iomaíochta, a d'fhéadfadh cuid shubstaintiúil den éileamh ó thomhaltóirí a chomhlíonadh, de bharr comhaontú inbhuanaitheachta. Áirítear leis sin táirgí lena mbaintear caighdeán inbhuanaitheachta níos airde amach ná an caighdeán a leagtar amach sa chomhaontú, nó táirgí nach mbaintear caighdeán inbhuanaitheachta chomh hard céanna amach leo, gan beann ar cé acu a dhéanann nó nach ndéanann an srian difear do na hearraí a sholáthraíonn na páirtithe sa chomhaontú inbhuanaitheachta nó a sholáthraíonn tríú páirtithe.
- (188) D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh, mar shampla, i gcás ina gcoiscfí le comhaontú inbhuanaitheachta táirgí malartacha a thabhairt isteach lena gcomhlíontar caighdeán inbhuanaithe atá níos airde ná an ceann a leagtar amach sa chomhaontú inbhuanaitheachta agus dá bhfuil éileamh substaintiúil ó thomhaltóirí.
- (189) Is féidir eisiámh iomaíochta a bheith ann de réir bhrí Airteagal 210a(7) freisin má eisiatar le comhaontú inbhuanaitheachta táirgí bia, ag a bhfuil caighdeán níos ísle ná táirgí bia an chomhaontaithe inbhuanaitheachta, ach cinn a chomhlíonann caighdeáin sainordaitheacha bia agus dá bhfuil éileamh tomhaltóirí substaintiúil ann.
- (190) Maidir leis an bhfíoras go dtarraingítear roinnt táirgí, a chomhlíonann caighdeáin inbhuanaitheachta atá níos ísle, siar ón margadh, ní thugtar le fios leis sin, áfach, gur ann d'eisiámh iomaíochta de réir bhrí Airteagal 210a(7) i gcás inar tarraingíodh na táirgí sin siar toisc go bhfuil éileamh na dtomhaltóirí ar tháirgí atá níos inbhuanaithe. Is gá, dá bhrí sin, measúnú a dhéanamh ar an gcúis a bhaineann leis an eisiámh iomaíochta; go mbaineann sé le roghanna na dtomhaltóirí i dtaobh táirgí inbhuanaithe nó gurb é an comhaontú inbhuanaitheachta is cúis le tarraingt siar táirge dá bhfuil éileamh substaintiúil neamhchomhlíonta tomhaltóirí ann.
- (191) Go teoiriciúil, baineann an riosca maidir le heisiámh iomaíochta leis an leibhéal dlúis i margadh. Maidir le cé acu a eisiatar nó nach n-eisiatar an iomaíocht, braitheann sé freisin ar mhéid na hiomaíochta roimh an gcomhaontú inbhuanaitheachta. I gcás ina raibh an iomaíocht lag cheana féin, mar shampla mar gheall ar líon iomaitheoirí a bhí beag go leor nó mar gheall go bhfuil bacainní maidir le dul isteach sa mhargadh, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí an iomaíocht a eisiámh le fiú laghdú beag ar iomaíocht de bharr an chomhaontaithe inbhuanaitheachta.
- (192) Is dócha go mbeadh cumhdach margaidh an chomhaontaithe inbhuanaitheachta ina fhachtóir agus cinneadh á dhéanamh cé acu ba cheart nó nár cheart idirghabháil a dhéanamh faoi Airteagal 210a(7). Ba cheart an measúnú ar cé acu a eisiatar nó nach n-eisiatar iomaíocht le comhaontú inbhuanaitheachta a dhéanamh ar bhonn cás ar chás, ag brath ar a mhéid nach gcomhlíontar éileamh tomhaltóirí. Ní eisiafar an iomaíocht toisc go gcumhdaítear le comhaontú inbhuanaitheachta an margadh ina iomláine mar gheall ar an bhfíoras sin amháin.

Sampla 1: Aontaíonn táirgeoirí éanlaithe clóis, a bhfuil thart ar 50 % den mhargadh acu, comhaontú ceannaigh a dhéanamh chun beatha de cháilíocht níos airde a cheannach i gcomhpháirt don éanlaith chlóis. De bharr choigilteas costais an cheannaigh chomhpháirtigh, éiríonn leis na táirgeoirí praghas beatha atá cothrom leis an bpraghas beatha don éanlaith chlóis nach gcumhdaítear leis an gcomhaontú inbhuanaitheachta, a bheag nó a mhór, a choinneáil. Aontaíonn siad freisin go maoinoidh siad feachtas fógraíochta i gcomhpháirt chun feachtas a ardú maidir leis an mbealach a bhfuil éanlaith chlóis, a dtugtar beatha níos fearr dóibh, níos fearr do shláinte an duine agus do leas ainmhithe. De thoradh an fheachtais, déanann formhór na dtomhaltóirí an cinneadh aistriú chuig feoil éanlaithe clóis, a dtugtar beatha níos fearr dóibh, a cheannach. Mar gheall ar an méadú sin ar éileamh, cruthaítear dreasacht do tháirgeoirí eile dul leis an gcomhaontú agus a modhanna táirgthe a athrú. Leis an gceannach comhpháirteach, mealltar táirgeoirí beaga go háirithe chuig an gcaighdeán níos airde toisc nach mbeadh sé d'acmhainn acu an beatha de cháilíocht níos airde a cheannach murach sin. Mar thoradh air sin, aistríonn táirgeoirí, lena léirítear breis agus 90 % den soláthar iomlán, chuig an gcaighdeán níos inbhuanaithe.

Cé go mbaintear, leis an gcomhaontú, as an margadh, nach mór gach éanlaith chlóis nach dtáirgtear ar bhealach chomh hinbhuanaithe, ní dócha go gcuimseofar eisiamh ar iomaíocht leis faoi Airteagal 210a(7). Tá sé sin amhlaidh toisc nach é is aidhm do Airteagal 210a cosc a chur ar chomhaontuithe atá chomh héifeachtach sin ag seachadadh táirgí inbhuanaithe gur mian le tomhaltóirí iad a cheannach agus gur mian le hoibreoirí eile an caighdeán céanna a ghlacadh.

Sampla 2: Cinneann póraitheoirí turcaithe ag a bhfuil 60 % den mhargadh dálaí maireachtála a gcuid turcaithe a fheabhsú trí chaighdeán nua leasa ainmhithe a leagan síos a ghabhann níos faide ná mar a fhorordaítear leis an dlí sainordaitheach. Leis sin méadaítear spás maireachtála na dturcaithe agus déantar córais athnuachana aeir agus cóireála uisce a shuiteáil. Éilítear freisin leis an gcaighdeán nua inbhuanaitheachta na turcaithe a bheathú le táirgí cáilíochta bisigh amháin. Aontaíonn na táirgeoirí le ceannaitheoirí go bhfaighidh siad uathu praghas bisigh chun costais an turcaí inbhuanaithe a chumhdach.

De thoradh fócaíocht an phraghais bhisigh bíonn an praghas ar fheoil turcaí a táirgeadh go hinbhuanaithe 150 % níos airde ná an praghas ar an bhfeoil turcaí nach dtáirgtear go hinbhuanaithe. Tá gá leis an méadú sin mar gheall ar an ngá atá lena áirithiú go ndéanfar costais mhóra breise an chaighdeáin nua a aisghabháil. Laistigh de chúpla mí, téann na póraitheoirí turcaithe eile uile sa mhargadh i gceist leis an gcomhaontú nua inbhuanaitheachta. Fágann na bacainní maidir le hallmhairiú na feola turcaí go dteorannaítear go mór an líon feoil turcaí allmhairithe nach dtáirgtear go hinbhuanaithe ar an margadh. Dá thoradh sin, níl aon fheoil turcaí nach dtáirgtear go hinbhuanaithe ar fáil a thuilleadh. Ina theannta sin, méadaítear tuilleadh le 200 % praghas na feola turcaí a tháirgtear go hinbhuanaithe i gcomparáid leis an bpraghas tosaigh a bhí ar an bhfeoil turcaí nach dtáirgtear go hinbhuanaithe.

Léirítear i bhfianaise nach bhfuil idir 45 % go 50 % de thomhaltóirí turcaithe in acmhainn aon turcaí a cheannach níos mó mar gheall ar an gcomhaontú.

Mar thoradh air sin, tomhaltóirí nach raibh sásta ach íoc as an rogha mhalartach níos saoire - agus nach bhfuil chomh inbhuanaithe, ní bheidh siad in ann aon turcaí a cheannach, toisc nach bhfuil siad in acmhainn íoc as an méadú 200 % ar an bpraghas. Is dócha go mbeidh eisiamh ar iomaíocht i gceist le cás den sórt sin faoi Airteagal 210a(7).

8.3. Gnéithe nós imeachta

- (193) I gcás nach gcumhdaíonn comhaontú inbhuanaitheachta ach Ballstát amháin, féadfaidh údarás iomaíochta náisiúnta an Bhallstáit sin cinneadh a dhéanamh de bhun Airteagal 210a(7). I gcás ina gcumhdaíonn comhaontú inbhuanaitheachta níos mó ná aon Bhallstát amháin, ní fhéadfaidh ach an Coimisiún cinneadh a dhéanamh de bhun Airteagal 210a(7).
- (194) Agus cinneadh á dhéanamh aige cé acu a chuirfear nó nach gcuirfear Airteagal 210a(7) i bhfeidhm, beidh an Coimisiún ag brath ar a fhaireachán féin ar an margadh agus ar aighneachtaí a dhéanfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach. Aon duine nádúrtha nó dlítheanach a shealbhaíonn faisnéis faoi chomhaontú inbhuanaitheachta, féadfaidh sé an Coimisiún nó an t-údarás iomaíochta náisiúnta lena mbaineann a chur ar an eolas, trí bhíthin an nós imeachta náisiúnta iomchuí. Ba cheart faisnéis a bheith sna haighneachtaí maidir le hábhar an chomhaontaithe inbhuanaitheachta, na páirtithe ann, agus na forais a thugann bunús leis na líomhaintí. Féadfaidh an Coimisiún faisnéis bhreise riachtanach a iarraidh ar na páirtithe sa chomhaontú inbhuanaitheachta laistigh de 2 mhí i ndiaidh oscailt an imscrúdaithe fhoirmiúil, agus rúndacht na faisnéise gnó á cur san áireamh. Féadfaidh an Coimisiún faisnéis bhreise a iarraidh ar thríú páirtithe freisin, ar faisnéis í is gá chun measúnú a dhéanamh ar an gcomhaontú inbhuanaitheachta i gceist.


- (195) Tar éis don Choimisiún tús a chur le himscrúdú, soláthróidh sé a chinneadh de ghnáth laistigh de 6 mhí ón dáta ar chuir sé tús leis an imscrúdú nó laistigh de 6 mhí ón dáta ar a bhfuair sé an fhaisnéis riachtanach. Tá saoirse ag na páirtithe leanúint do chur chun feidhme an chomhaontaithe inbhuanaitheachta idir tús a chur leis an imscrúdú go dtí go soláthraítear cinneadh.
- (196) Má chinneann an Coimisiún go bhfuil iomaíocht á heisiamh nó go bhfuil na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 39(1) CFAE á gcur i mbaol, féadfaidh sé na bearta seo a leanas a dhéanamh:
- (a) **Más rud é go ndearnadh an comhaontú inbhuanaitheachta ach nach bhfuil sé curtha chun feidhme go fóill**, agus nach féidir é a mhodhnú ar bhealach lena gcomhlíonfar na coinníollacha maidir le heisiamh faoi Airteagal 210a a chomhlíonadh, féadfaidh an Coimisiún cinneadh a ghlacadh lena n-ordaítear nach gcuirfear an comhaontú chun feidhme.
- (b) **Má cuireadh an comhaontú inbhuanaitheachta chun feidhme cheana féin**, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh gur cheart do na páirtithe an méid seo a leanas a dhéanamh:
- (i) an comhaontú inbhuanaitheachta a mhodhnú, i gcás inar leordhóthanach é sin a dhéanamh chun eisiamh iomaíochta nó cur i mbaol na gcuspóirí a leagtar síos in Airteagal 39(1) CFAE a leigheas;
- (ii) scor den chomhaontú inbhuanaitheachta nó deireadh a chur leis, mura leor é a mhodhnú chun eisiamh iomaíochta nó cur i mbaol na gcuspóirí a leagtar síos in Airteagal 39(1) CFAE a leigheas.
- (197) I ndiaidh don Choimisiún cinneadh a dhéanamh gur cheart deireadh a chur leis an gcomhaontú inbhuanaitheachta, ní dhéanfar an comhaontú inbhuanaitheachta a eisiamh a thuilleadh ó chur i bhfeidhm Airteagal 101(1) CFAE. Má leanann na páirtithe sa chomhaontú inbhuanaitheachta den chomhaontú inbhuanaitheachta a chur chun feidhme i ndiaidh dháta an chinnidh ón gCoimisiún, féadfar imeachtaí faoi Airteagal 101 CFAE a sheoladh maidir le cur chun feidhme an chomhaontaithe inbhuanaitheachta i ndiaidh an dáta sin. D'fhéadfadh forchur fíneála leanúint as imeachtaí den sórt sin.

9. An dualgas cruthúnais maidir le coinníollacha airteagal 210a a chomhlíonadh

- (198) I gcomhthéacs idirghabháil *ex post*, beidh an dualgas ar an gCoimisiún agus ar na húdaráis iomaíochta náisiúnta a chruthú go bhfuil gá le cinneadh bunaithe ar Airteagal 210a(7) chun eisiamh na hiomaíochta nó cur i mbaol na gcuspóirí a leagtar síos in Airteagal 39(1) CFAE a chosc.
- (199) I gcomhthéacs imscrúdaithe os comhair údaráis iomaíochta nó caingne os comhair cúirte, daoine aonair nó eintitis nach páirtithe sa chomhaontú lena mbaineann iad (mar shampla tomhaltóirí nó cumainn tomhaltóirí, eagraíochtaí neamhrialtasacha, oibreoirí eile sa slabhra, etc.), féadfaidh siad a mhaíomh nach gcomhlíonann comhaontú inbhuanaitheachta coinníollacha Airteagal 210a. Sna cásanna sin, is ar na daoine aonair nó ar na heintitis sin a bheidh an dualgas a chruthú nach gcomhlíonann an comhaontú inbhuanaitheachta coinníollacha Airteagal 210a. Má mhaíonn na páirtithe tar éis comhaontú inbhuanaitheachta a dhéanamh agus tairbhiú den eisiamh faoi Airteagal 210a go gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 210a(1), (2) agus (3), ní mór dóibh argóintí cuí-réasúnaithe a chur chun tosaigh mar thaca lena maíomh.

LARSCRÍBHINN A –

SREABHCHAIRT DEN MHEASÚNÚ FAOI AIRTEAGAL 210A



IARSCRÍBHINN I –

GLUAIS

Téarma	Sainmhíniú
Comhaontú	Aon chineál comhaontaithe, cinnidh nó cleachtais chomhbheartaithe idir gnóthais. Comhaontuithe a thagann faoi Airteagal 210a is comhaontuithe iad sin a mbíonn táirgeoir amháin ar a laghad ag gabháil dóibh agus a bhaineann le táirgeacht nó trádáil táirgí talmhaíochta, gan beann ar an bhfoirm comhair. Chun críocha Airteagal 210a, is féidir le hoibreoírí eile ar leibhéal éagsúla den slabhra soláthair agraibhia, lena n-áirítear táirgeadh, próiseáil agus trádáil, a bheith mar chuid den chomhaontú freisin.
An Comhbheartas Talmhaíochta (CBT)	Is é an Comhbheartas Talmhaíochta beartas talmhaíochta an Aontais Eorpaigh.
An Rialachán maidir le CEM	Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ .
An Chúirt Bhreithiúnais	Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear an Chúirt Ghinearálta.
Force majeure	Níl sé teoranta don dearbh-neamhfhéidearthacht agus ní mór é a thuiscint sa chiall a bhaineann le himthosca neamhghnácha nach bhfuil smacht ag an táirgeoir ná ag an oibreoír orthu, nárbh fhéidir a n-iarmaidí a sheachaint, d'ainneoin gach cúram cuí a bheith déanta, ach amháin le hÍobairt iomarcach.
Comhaontú cothrománach	Comhaontú idir oibreoírí eacnamaíocha ar an leibhéal céanna den slabhra soláthair, mar shampla comhaontú idir táirgeoírí talmhaíochta.
Caighdeán sainordaitheach	Caighdeán lena mbunaítear na leibhéil, substaintí, táirgí nó teicnící atá le baint amach nó le seachaint ag táirgeoírí aonair nó ag oibreoírí eile, seachas caighdeán nó spriocanna nach bhfuil ceangailteach ó thaobh dlí de ar tháirgeoírí aonair nó ar oibreoírí aonair.
Caighdeán náisiúnta	Leagtar síos caighdeán sainordaitheach ar leibhéal náisiúnta Ballstáit, gan caighdeán ná spriocanna atá ceangailteach ó thaobh dlí de amháin ar an mBallstát nó ar chríoch ar leith nó ar réigiún de a áireamh, ach nach bhfuil ceangailteach ó thaobh dlí de ar tháirgeoírí nó ar oibreoírí aonair a oibríonn sa Bhallstát.
Oibreoír	Táirgeoírí táirgí talmhaíochta, lena n-áirítear táirgeoírí táirgí talmhaíochta amha agus táirgeoírí táirgí talmhaíochta próiseáilte áirithe a liostaítear in Iarscríbhinn I; oibreoírí ar an 'leibhéal táirgthe', amhail soláthróirí ionchur le táirgeadh talmhaíochta agus pacáistiú; oibreoírí ar an 'leibhéal próiseála', amhail próiseálaithe/monaróirí a phróiseálann táirgí talmhaíochta; agus oibreoírí ar an 'leibhéal trádála', lena n-áirítear dáileadh, amhail trádálaithe, mórdhíoltóirí, miondhíoltóirí agus soláthróirí seirbhíse bia, agus cuideachtaí iompair agus lóistíochta, a mhéid arb é is aidhm do na hoibreoírí sin uile cuidiú chun an caighdeán inbhuanaitheachta a bhaint amach, dá dtagraítear sa Roinn 3.2, tríd an gcomhaontú inbhuanaitheachta a chur chun feidhme.
Táirgeoir	Táirgeoir táirgí talmhaíochta mar a liostaítear in Iarscríbhinn I CFAE.
Comhaontú inbhuanaitheachta	Comhaontú arb é is aidhm dó caighdeán inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm atá mairs i dtáirgí talmhaíochta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

CFAE	An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh
Gnóthas	Aon eintiteas atá ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch, ainneoin a stádas dlíthiúil agus an bealach a mhaoineáir é. Féadfaidh níos mó ná eintiteas dlíthiúil amháin a bheith i ngnóthas.
Caighdeán an Aontais	Caighdeán sainordaitheach arna shocrú ar leibhéal an Aontais, seachas caighdeán nó spriocanna atá ceangailteach ar na Ballstáit ach nach bhfuil ceangailteach ó thaobh dlí de ar ghnóthais aonair.
Comhaontú ingearach	Comhaontú idir oibreoirí ar leibhéal éagsúla den slabhra soláthair, mar shampla comhaontú ar páirtí ann táirgeoirí agus oibreoirí eile sa slabhra soláthair agraibhia araon.

IARSCRÍBHINN D

– AIRTEAGAL 210A DE RIALACHÁN (AE) UIMH. 1308/2013 – TIONSCNAIMH INGEARACHA AGUS CHOTHROMÁNACHA I DTAOBH NA HINBHUANAITHEACHTA

1. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 101(1) CFAE maidir le comhaontuithe, cinntí agus cleachtais chomhbheartaithe táirgeoirí táirgí talmhaíochta a bhaineann le táirgeadh nó trádáil táirgí talmhaíochta agus a bhfuil sé d'aidhm acu caighdeán inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm atá níos airde ná mar a shainordaítear le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta, ar choinníoll nach bhforchuireann na comhaontuithe, na cinntí agus na cleachtais chomhbheartaithe sin ach srianta iomaíochta atá fíor-riachtanach chun an caighdeán sin a bhaint amach.
2. Tá feidhm ag mír 1 maidir le comhaontuithe, cinntí agus cleachtais chomhbheartaithe táirgeoirí táirgí talmhaíochta a bhfuil roinnt táirgeoirí ina bpáirtithe iontu nó ar páirtí iontu táirgeoirí amháin nó níos mó agus oibreoirí amháin nó níos mó ar leibhéal éagsúla táirgthe, próiseála, agus trádála sa slabhra soláthair bia, lena n-áirítear dáileadh.
3. Chun críocha mhír 1, ciallaíonn “caighdeán inbhuanaitheachta” caighdeán arb é is aidhm dó rannchuidiú le ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí seo a leanas:
 - (a) cuspóirí comhshaoil, lena n-áirítear maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin, úsáid agus cosaint inbhuanaithe tírdhreach, uisce agus ithreacha, an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach, lena n-áirítear cur amú bia a laghdú, cosc agus rialú ar thruailliú, agus bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athchóiriú;
 - (b) táirgeadh na dtáirgí talmhaíochta ar bhealaí a laghdaíonn úsáid lotnaidicídí agus a bhainistíonn rioscaí a eascraíonn uathu, nó a laghdaíonn an chontúirt a bhaineann le frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhriothmhicróbacha i dtáirgeadh talmhaíochta; agus
 - (c) sláinte ainmhithe agus leas ainmhithe.
4. Comhaontuithe, cinntí agus cleachtais chomhbheartaithe lena gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear san Airteagal seo, ní dhéanfar iad a thoirmeasc agus ní éileofar réamhchinneadh chuige sin.
5. Eiseoidh an Coimisiún treoirlínte d'oibreoirí maidir leis na coinníollacha chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm faoin 8 Nollaig 2023.
6. Ón 8 Nollaig 2023, féadfaidh táirgeoirí dá dtagraítear i mír 1 tuairim a iarraidh ón gCoimisiún maidir le comhoiriúnacht comhaontuithe, cinntí agus cleachtais chomhbheartaithe dá dtagraítear i mír 1 leis an Airteagal seo. Seolfaidh an Coimisiún a thuairim chuig an iarratasóir laistigh de 4 mhí ó iarraidh foriomlán a fháil.

Má fhaigheann an Coimisiún tráth ar bith i ndiaidh tuairim a eisiúint nach bhfuil na coinníollacha dá dtagraítear i míreanna 1, 3, agus 7 den Airteagal seo á gcomhlíonadh a thuilleadh, dearbhóidh sé go mbeidh feidhm ag Airteagal 101(1) CFAE amach anseo maidir leis an gcomhaontú, an socrú nó an cleachtas chomhbheartaithe atá i gceist agus cuirfidh sé na táirgeoirí ar an eolas dá réir sin.

Féadfaidh an Coimisiún ábhar tuairime a athrú, ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh ó Bhallstát, go háirithe más rud é gur sholáthair an t-iarratasóir faisnéis neamhbheacht nó má bhain sé mí-úsáid as an tuairim.

7. Féadfaidh an t-údarás iomaíochta náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 cinneadh a dhéanamh i gcásanna aonair go ndéanfar, amach anseo, ceann amháin nó níos mó de na comhaontuithe, cinntí agus cleachtais chomhbheartaithe dá dtagraítear i mír 1 a mhodhnú, deireadh a chur leo nó nach ndéanfar iad ar chor ar bith, má mheasann sé go bhfuil cinneadh den sórt sin riachtanach chun cosc a chur ar eisiáin iomaíochta nó má mheasann sé go bhfuil na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 39 CFAE i mbaol.

I gcás comhaontuithe, cinntí agus cleachtais chomhbheartaithe a chumhdaíonn níos mó ná Ballstát amháin, is é an Coimisiún a dhéanfaidh an cinneadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo gan na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) agus (3) a chur i bhfeidhm.

Agus é ag gníomhú faoin gcéad fhomhír den mhír seo, cuirfidh an t-údarás iomaíochta náisiúnta an Coimisiún ar an eolas i scríbhinn tar éis dó an chéad bheart foirmiúil den imscrúdú a thionscnamh agus tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoi aon chinneadh a thagann astu gan mhoill tar éis a nglactha.

Ní bheidh feidhm ag na cinntí dá dtagraítear sa mhír seo roimh an dáta a bhfógraítear iad do na gnóthais lena mbaineann.'

IARSCRÍBHINN E

– SAMPLAÍ DE SHRIANTA AR IOMAÍOCHT

- (1) Leagtar amach san iarscríbhinn seo samplaí de chomhaontuithe ar dócha nó nach dócha go dtiocfaidh siad laistigh den chosc in aghaidh srianta ar iomaíocht atá in Airteagal 101(1) CFAE. Tá siad beartaithe chun cuidiú leis an léitheoir na cineálacha cásanna a thuiscint inar cheart dóibh a mheas cé acu atá nó nach bhfuil feidhm leis an eisiamh a leagtar síos in Airteagal 210a, toisc nach bhfuil Airteagal 210a ábhartha ach amháin dá sáródh an comhaontú beartaithe Airteagal 101(1) CFAE ina mhalairt de chás. I bhfocail eile, is é is aidhm do na samplaí cuidiú leis an léitheoir tuiscint a fháil ar cibé uair nach bhfuil Airteagal 210a infheidhme toisc gur léir nach gcuireann an comhaontú beartaithe srian ar iomaíocht.
- (2) Rud atá tábhachtach, na samplaí a leagtar amach san Iarscríbhinn seo, ní thuigtear iad mar shamplaí de chomhaontuithe a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na critéir maidir le heisiamh faoi Airteagal 210a, agus níor cheart iad a thuiscint ar an gcaoi sin.

1. **Srianta a bhaineann le praghas**

- (3) Comhaontuithe inbhuanaitheachta lena gcuirtear srian go díreach nó go hindíreach ar shaoirse páirtí idirbheartaíocht a dhéanamh maidir leis an bpraghas ar a gceannaíonn nó ar a ndíolann sé táirge is dócha go gcuirfidh siad srian ar an iomaíocht.

Sampla 1: Úsáideann teicníc saothraithe ríse áirithe níos lú uisce ná teicnící traidisiúnta saothraithe ríse, ní úsáideann sé leasacháin shaorga, agus tá sé saor ó lotnaidicídí. Cuireann úsáid na teicníce seo le húsáid inbhuanaithe agus cosaint tírdhreach, uisce agus ithreach, agus le húsáid lotnaidicídí a laghdú. Aontaíonn mórdhíoltóir gráin le comharchumann táirgthe ríse go n-íocfaidh an chéad cheann íocaíocht praghais bhisigh in aghaidh an tonna in áit praghas tagartha do rís Arborio a shaothraítear trí úsáid a bhaint as an teicníc seo. Ríomhtar an biseach bunaithe ar innéacs praghsanna um tráchtarraí ilchodacha. Tá an comharchumann ríse saor chun rís a tháirgeadh trí úsáid a bhaint as modhanna traidisiúnta agus tá sé saor an méid ríse is mian leis a dhíol le custaiméirí eile.

Ní dócha go gcuirfidh an íocaíocht bhisigh srian ar iomaíocht. Níl ann ach foirmle a comhaontaíodh idir ceannaitheoir agus díoltóir chun an praghas ar a gceannaíonn an ceannaitheoir an táirge ón díoltóir a shocrú.

Sampla 2: Forbraíonn eagraíocht neamhrialtasach atá ag cur na teicníce saothraithe ríse dá dtagraítear i Sampla 1 chun cinn marc cáilíochta a úsáidfead i margaíocht ríse Arborio a tháirgtear trí theicníc an tsaothraithe. Ceadúnaíonn sé an marc cáilíochta do mhórdhíoltóirí agus táirgeoirí. I measc na gcoinníollacha maidir le húsáid an mhairc cáilíochta ní mór do mhórdhíoltóir gráin biseach in aghaidh an tonna a íoc os cionn an phraghais tagartha dá dtagraítear i Sampla 1.

Is dócha go gcuirfidh an praghas bisigh sin srian ar an iomaíocht. Cé go mbeadh an mórdhíoltóir gráin sa sampla seo ag íoc an phraghais chéanna mar a bheadh sé i Sampla 1, níl sé a thuilleadh mar thoradh ar idirbheartaíocht dhíreach idir ceannaitheoir agus díoltóir, ach mar thoradh ar chomhaontú maidir leis na téarmaí ar a bhfuil cead ag aon eintiteas amháin dul i mbun caibidlíochta le tríú páirtí neamhspleách.

Sampla 3: Déanann grúpa comharchumann ríse, seachas ENR, an marc cáilíochta agus an praghas bisigh a fhorbairt chun glacadh teicníce saothraithe ríse a chur chun cinn.

Is dócha go gcuirfidh an praghas bisigh sin srian ar an iomaíocht. Cé gurb iad ceannaitheoirí agus díoltóirí na páirtithe sa chás seo, tá gach díoltóir ag aontú ar an bpraghas ar a ndíolfaidh díoltóirí eile a gcuid táirgí freisin.

Sampla 4: D'fhonn glacadh na dtomhaltóirí le rís a tháirgtear trí theicníc an tsaothraithe dá dtagraítear i Samplaí 1, 2 agus 3 a chur chun cinn, comhaontaíonn comharchumann agus miondíoltóir nach mbeidh an praghas athdhíola do rís Arborio ar a bhfuil an marc cáilíochta níos mó ná céatadán áirithe os cionn an mheánphraghais a ghearrann an miondíoltóir ar rís Arborio.

Is dócha go gcuirfidh an comhaontú sin srian ar iomaíocht toisc go gcuireann sé srian ar shaoirse an mhiondíoltóra an praghas a n-athdhíolann sé an rís dá chustaiméirí a shocrú. Thairis sin, toisc go gcinntear an t-uasphraghas athdhíola trí thagairt a dhéanamh do phraghas cineálacha eile rís Arborio, cuireann sé srian freisin ar shaoirse an mhiondíoltóra maidir le praghas na gcineálacha eile rís Arborio sin. In ionad teorainn a chur le praghas na ríse leis an marc cáilíochta, d'fhéadfadh an miondíoltóir an caidhp phraghais a chomhlíonadh trí mheánphraghas athdhíola na gcineálacha eile rís Arborio sin a mhéadú.

2. Srian a bhaineann le haschur

- (4) Tá comhaontuithe inbhuanaitheachta a chuireann srian ar aschur coibhéiseach le comhaontuithe inbhuanaitheachta a chuireann srian ar chumas páirtí praghsanna a shocrú. Má laghdaítear an chainníocht a chuirtear ar an margadh agus má fhanann an t-éileamh mar an gcéanna, is dócha gurb é an éifeacht a bheidh ann ná go dtiocfaidh méadú ar praghsanna.

Sampla 1: Ós mian le ENR rannchuidiú le maolú an athraithe aeráide agus le hathchóiriú na bithéagsúlachta, comhaontaíonn an eagraíocht neamhrialtasach le feirmeoirí aonair 20 % dá dtalamh feirme arúil a fháil ar cíós. Fágfaidh an ENR an talamh bán chun an bhithéagsúlacht áitiúil a mhéadú. Is é an éifeacht a bheadh ag na comhaontuithe sin an méid talún a úsáideann feirmeoirí aonair ag am ar bith a laghdú, agus ar an gcaoi sin a dtáirgeacht barr a laghdú, cé go bhféadfadh sé cur le hoibríochtaí eile, amhail táirgeadh meala.

Ní dócha go gcuirfidh na comhaontuithe sin srian ar iomaíocht toisc nach bhfuil iontu go bunúsach ach idirbheart eastáit réadaigh. Tá saoirse ag na feirmeoirí i gcónaí a gcuid talún coinnte a úsáid ar cibé bealach is cuí leo.

Sampla 2: Sa sampla seo, in ionad talamh a bheith ar cíós ag ENR, aontaíonn grúpa feirmeoirí a fhasann barra comhchosúla sa réigiún céanna 20 % ar a laghad dá dtalamh arúil a chur in áirithe lena n-úsáid mar limistéir ina ndírítear ar an éiceolaíocht. Tá sé d'éifeacht ag comhaontú den sórt sin an méid talún a úsáideann feirmeoirí ag aon tráth ar leith a laghdú, agus laghdaítear dá bhrí sin a dtáirgeacht barr, cé go bhféadfadh sé cur le hoibríochtaí eile, amhail táirgeadh meala.

Is dócha go gcuirfidh an comhaontú sin srian leis an iomaíocht, toisc go bhfuil na feirmeoirí ag aontú teorainn a chur leis an méid talún a úsáideann gach duine acu le haghaidh táirgthe.

Sampla 3: Mar chuid de thionscnamh réigiúnach maidir le folláine ainmhithe a bhfuil sé d'aidhm aige dálaí maireachtála muc a fheabhsú, ceanglaítear ar fheirmeoirí rannpháirteacha an méid spáis in aghaidh na muice ar a bhfeirmeacha a mhéadú go suntasach os cionn an íosmhéid dhlíthiúil. Mar gheall ar an dlí náisiúnta, tá sé deacair d'fhormhór na bhfeirmeoirí an méid spáis atá tiomnaithe do mhuca a thógáil a mhéadú. Mar thoradh air sin, laghdóidh feirmeoirí rannpháirteacha líon na muc a thógtar in aon bhliain ar leith. Dá bhrí sin, d'áiritheofaí leis an tionscnamh go bhfaigheadh feirmeoirí íocaíocht chun iad a chúiteamh as a gcuid infheistíochtaí agus as a n-aschur laghdaithe.

Is dócha go gcuirfidh an íocaíocht sin srian ar iomaíocht, toisc go bhfuil na feirmeoirí rannpháirteacha ag aontú go hintuigthe níos lú muc a thógáil.

3. Srian a bhaineann le hionchuir

- (5) D'fhéadfadh comhaontuithe inbhuanaitheachta a chuireann srian ar rogha maidir le hionchuir difear a dhéanamh do chostas an táirgthe, rud a dhéanann difear dá réir sin don phraghas ag ar féidir an táirge a dhíol go brabúsach nó teorainn a chur leis an gcineál táirgí is féidir a tháirgeadh toisc go bhféadfadh siad srian a chur ar chumas an táirgeora éileamh an tomhaltóra a chomhlíonadh.

Sampla 1: Forbraíonn grúpa comharchumainn déiríochta marc cáilíochta le haghaidh cáiseanna a éilíonn ar tháirgeoirí a dheimhniú go dtáirgtear an bainne a úsáidtear ina gcáis go heisiach trí úsáid a bhaint as modhanna sonracha 'bithdhinimiciúla' a sháraíonn na cáilíochtaí don talmhaíocht orgánach faoi dhlí an Aontais. Tá táirgeoirí cáiseanna rannpháirteacha saor cáiseanna eile a tháirgeadh le bainne nach dtáirgtear trí úsáid a bhaint as na modhanna bithdhinimiciúla sin.

Ní dócha go gcuirfidh an ceanglas sin maidir le deimhniúchán srian ar iomaíocht. Cé go sonraítear sa chomhaontú úsáid ionchur áirithe, tá saoirse fós ag táirgeoirí cáise rannpháirteacha cáiseanna a tháirgeadh trí úsáid a bhaint as foinsé eile bainne.

Sampla 2: Forbraíonn grúpa comharchumann déiríochta marc cáilíochta le haghaidh cáiseanna a éilíonn ar tháirgeoirí a dheimhniú go dtáirgtear an bainne a úsáidtear ina gcás go heisiach trí úsáid a bhaint as na modhanna bithdhinimiciúla dá dtagraítear sa chéad sampla. Mar sin féin, murab ionann agus an cás i Sampla 1, éilíonn an marc cáilíochta go dtáirgfí an bainne go léir a úsáidtear sa déiríocht trí mhodhanna bithdhinimiciúla a úsáid, chun a ráthú nach mbeidh aon mheascadh bithdhinimiciúil agus cineálacha eile bainne ann.

Is dócha go gcuirfidh an ceanglas sin maidir le deimhniúchán srian ar iomaíocht, toisc murab ionann leis an gcás i Sampla 1, i gcás ina raibh an tsaoirse ag feirmeoirí an oiread cáise agus ba mhian leo a tháirgeadh gan bainne bithdhinimiciúil a úsáid, anseo baintear leis an gcomhaontú an tsaoirse atá ag na déiríochtaí rannpháirteacha cineálacha eile bainne a úsáid chun cáiseanna a tháirgeadh nach bhfuil an marc cáilíochta orthu, rud a chuirfidh iallach orthu dá réir sin bainne bithdhinimiciúil a úsáid.

4. Srian a bhaineann le custaiméirí, soláthróirí nó críocha

- (6) Comhaontuithe inbhuanaitheachta lena n-éilítear ar ghnóthas gan díol le custaiméirí áirithe nó le grúpaí custaiméirí, nó gan iad a dhíol lasmuigh de chríoch áirithe nó i gcríocha áirithe, is dócha go gcuirfidh siad srian ar an iomaíocht. Comhaontuithe inbhuanaitheachta lena n-éilítear ar ghnóthas gan ceannach ó sholáthróirí eile nó ó chríocha eile, is dócha go gcuirfidh siad srian ar iomaíocht. Is amhlaidh atá i gcás comhaontuithe inbhuanaitheachta lena gcuirtear srian ar chumas athdhíoltóirí iomaíocha díol le custaiméirí nó le críocha áirithe nó ceannach a dhéanamh ó sholáthróirí nó ó chríocha áirithe.
- (7) I gcás den sórt sin ina dtugtar comhaontuithe inbhuanaitheachta i gcrích idir soláthróir agus athdhíoltóir, braitheann an dóchúlacht go ndéanfaidh an comhaontú inbhuanaitheachta iomaíocht a shrianadh ar sheasamh an tsoláthóra agus an díoltóra ar a margáí faoi seach. Mar shampla, más ionann soláthróir agus sciar mór den soláthar d'athdhíoltóirí sa mhargadh ábhartha, d'fhéadfadh comhaontú inbhuanaitheachta idir miondíoltóir agus soláthróir a chuireann srian ar shaoirse an tsoláthóra a bheith ag díol le hathdhíoltóirí eile iomaíocht a shrianadh más rud é nach mbeadh athdhíoltóirí eile in ann na soláthairtí is gá a fháil mar thoradh ar an gcomhaontú inbhuanaitheachta. Ar an gcaoi chéanna, más ionann athdhíoltóir agus sciar mór de cheannacháin táirge, d'fhéadfadh comhaontú inbhuanaitheachta a chuireann srian ar a chumas foinsiú ó sholáthróirí eile teorainn a chur le cumas na soláthróirí sin a gcuid táirgí a dhíol. Thairis sin, cé go bhféadfadh sé nach mbeadh comhaontú inbhuanaitheachta aonair idir miondíoltóir agus soláthróir sriantach ann féin, más rud é go bhfuil comhaontuithe inbhuanaitheachta comhchosúla déanta ag athdhíoltóirí agus soláthróirí eile atá cothrom le sciar mór nó soláthar mór nó ceannacháin mhóra sa mhargadh, d'fhéadfadh sé gurb é tionchar foriomlán na gcomhaontuithe inbhuanaitheachta sin ná srian a churar iomaíocht.

Sampla 1: Forbraíonn comhlachas forbartha réigiúnaí tionscnamh agrathurasóireachta chun bithéagsúlacht a chosaint agus a athbhunú agus, ag an am céanna, éileamh na dtomhaltóirí ar thurasóireacht inbhuanaithe a chomhlíonadh. Comhaontaíonn feirmeacha rannpháirteacha céatadán áirithe dá gcuid talún a chur le plandaí bláthanna a thacaíonn leis an daonra feithidí agus ag an tráth céanna an tírdhreach a dhéanamh níos tarraingtí. Ina chomaoin sin, faigheann siad luach saothair nó fóirdheontais ó chiste atá á mhaoiniú ag miondíoltóirí, próiseálaithe bia agus bialanna rannpháirteacha. Faigheann na gnólachtaí sin an ceart lógó speisialta bláthanna a úsáid agus tá siad liostaithe in ábhair turasóireachta áitiúla a chuireann i dtábhacht gnólachtaí inbhuanaithe sa cheantar. Tá rannpháirtíocht dheonach ann agus tá sí oscailte do gach feirm agus gnólacht sa réigiún.

Ní dócha go gcuirfidh an comhaontú sin srian ar iomaíocht. Ní bhaineann an comhaontú inbhuanaitheachta go díreach le haon pharaiméadar iomaíochta. Cé go bhféadfadh an lógó bláthanna agus an scéim margáíochta tionchar a imirt ar bhrabúsacht feirmeacha nó ar chumas gnólachtaí áitiúla custaiméirí a mhealladh, tá an scéim deonach agus oscailte do chách.

Sampla 2: Sa sampla seo, tugtar isteach an scéim agrathurasóireachta chéanna i réigiún a shíneann thar teorainn dhá Bhallstát. Is gnách go soláthraíonn feirmeacha custaiméirí ar dhá thaobh den teorainn, agus is iondúil go dtugann turasóirí a thugann cuairt ar an réigiún cuairt ar chinn scríbe ar an dá thaobh den teorainn. Níl an scéim ar fáil ach d'fheirmeacha agus do ghnólachtaí i gceann den dá Bhallstát.

Is dócha go gcuirfidh an scéim sin srian ar iomaíocht. Murab ionann leis an gcás i Sampla 1, i gcás ina raibh rannpháirtíocht ar fáil do chách, sa chás seo ní cheadaítear ach d'fheirmeacha agus gnólachtaí ar thaobh amháin den teorainn páirt a ghlacadh ann. Ós rud é go bhféadfadh an scéim difear a dhéanamh do bhrabúsacht feirmeacha rannpháirteacha agus do chumas na ngnólachtaí rannpháirteacha custaiméirí a mhealladh, is dócha go gcuirfidh sé srian ar iomaíocht *vis-à-vis* feirmeacha agus gnólachtaí iomaíocha ar an taobh eile den teorainn.

Sampla 3. Chun cur amú bia a laghdú, forbraíonn grúpa comharchumann cód dea-iompair a shonraíonn na céimeanna ba cheart do tháirgeoirí talmhaíochta, próiseálaithe agus miondíoltóirí a dhéanamh chun cur amú bia a laghdú. Forbraíodh an cód le rannpháirtíocht lucht acadúil agus eagraíochtaí neamhrialtasacha, agus níl sé i bhfabhar aon táirgeoir talmhaíochta, próiseálaí ná miondíoltóir ar leith. Is rannpháirtíocht dheonach í an rannpháirtíocht.

Ní dócha go gcuirfidh an cód sin srian ar iomaíocht. Is rannpháirtíocht dheonach í, agus ní dhéanann an cód idirdhealú idir rannpháirtithe.

Sampla 4: Sa sampla seo, mar chuid den chód a thuairiscítear i Sampla 3, aontaíonn comhaltaí an chomharchumainn gan a gcuid táirgí a dhíol ach le miondíoltóirí a shíniú an cód.

Is dócha go gcuirfidh an cód sin srian ar iomaíocht, toisc nach mbeadh miondíoltóirí neamh-rannpháirteacha in ann táirgí talmhaíochta a cheannach a thuilleadh ó raon leathan soláthróirí agus a bhí siad in ann roimh an gcomhaontú inbhuanaitheachta.

5. **Srianta a bhaineann le malartuithe faisnéise**

- (8) D'fhéadfadh malartuithe faisnéise neamh-phoiblí idir iomaitheoirí a bheith i gceist le comhaontuithe inbhuanaitheachta. Is dócha go gcuirfidh malartú faisnéise neamhphoiblí srian ar iomaíocht má bhíonn tionchar ag an bhfaisnéis ar an gcaoi a dtéann an faighteoir san iomaíocht sa mhargadh. Tugtar 'faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de' go minic ar an bhfaisnéis sin.
- (9) Tá sé ina phrionsabal bunúsach san iomaíocht go bhfuil gach gnóthas ceaptha a bheartas tráchtála a chinneadh go neamhspleách. Trí fhaisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a mhalmartú laistigh de chreat comhaontaithe inbhuanaitheachta, is féidir le gnóthais iomaíocha deireadh a chur le héiginnteacht faoin gcaoi a bhfreagróidh siad ar an margadh. Leis sin d'fhéadfadh sé a bheith níos éasca teacht ar chomhthuiscint maidir le conas iad féin a iompar ar an margadh, agus ar an gcaoi sin an iomaíocht idir na gnóthais a laghdú nó deireadh a chur léi.
- (10) Beidh an fhaisnéis a mhalmartáitear laistigh de chreat comhaontaithe inbhuanaitheachta íogair ó thaobh na tráchtála de, ag brath ar chineál na faisnéise agus ar an gcomhthéacs ina nochtar í. Tá roinnt faisnéise íogair ó thaobh na hiomaíochta de, de réir a gcineáil. Mar shampla, bíonn faisnéis a bhaineann le rúin phraghsála nó pleananna straitéiseacha oibreora íogair ó thaobh na tráchtála de, de ghnáth, toisc gur féidir le hiomaitheoirí a thagann ar an bhfaisnéis a n-iompraíocht iomaíoch a oiriúnú dá réir.
- (11) D'fhéadfadh faisnéis eile a bheith íogair ó thaobh na tráchtála de ag brath ar cé chomh mionsonraithe is atá sí. Dá shonraí an fhaisnéis, is é is dóichí gur féidir le hiomaitheoirí an fhaisnéis a úsáid chun a bhfuil ar intinn a chéile a réamh-mheas.
- (12) Ar an gcaoi chéanna, féadfaidh aois na faisnéise a chinneadh an bhfuil sí íogair ó thaobh na tráchtála de. Dá shine an fhaisnéis, is lú seans go nochtfaidh sé iompar beartaithe na n-iomaitheoirí nó cuidiú le teacht ar chomhthuiscint maidir le conas dul san iomaíocht sa mhargadh.
- (13) I gcásanna eile, d'fhéadfadh faisnéis áirithe a bheith fíor-riachtanach chun iomaíocht a chumasú. Sna cásanna sin, is féidir le comhaontuithe inbhuanaitheachta a chuireann srian ar chumas roinnt gnóthas rochtain a bheith acu ar an bhfaisnéis sin é a dhéanamh deacair do ghnóthais eisiata dul san iomaíocht nó is féidir leo bacainní a chruthú ar iontráil nua nó ar leathnú ag gnóthais iomaíocha.

Sampla 1: Gach samhradh, tá tréimhsí ann inar mó líon na nglasraí áirithe ná an t-éileamh, agus mar thoradh air sin lobbhann cuid áirithe den bhuaint i bpáirceanna nó i stóráil. Chun an dramhaíl sin a laghdú, bailíonn grúpa comharchumann faisnéis faoi na limistéir a cuireadh agus an táirgeacht in aghaidh an ghlasra le bliain anuas chomh maith leis an méid dramhaíl buainte ar fud na bhfeirmeacha is comhaltaí. Déantar an fhaisnéis sin a chomhiomlánú ar an leibhéal réigiúnach agus foilsítear í ar shuíomh gréasáin atá inrochtana don phobal. Ullmhaíonn na comharchumainn moladh comhpháirteach dá gcomhaltaí maidir le conas déileáil leis an dramhaíl buainte bunaithe ar dhea-chleachtais a gcomhaltaí.

Ní dócha go gcuirfidh an cleachtas sin srian ar iomaíocht. Tá an fhaisnéis sa chás seo stairiúil agus comhiomlánaithe, rud a fhágann nach dócha go mbeidh aon fheirm ar leith in ann a bheith ag súil go mionsonra leis an méid a dhéanfaidh a cuid iomaitheoirí ar an margadh.

Sampla 2: Sa chás seo, aontaíonn an grúpa comharchumann go ndéanfaidh gach comhalta comharchumainn, roimh gach séasúr curadóireachta, a phlean curadóireachta a thuairisciú dá chomharchumann. Foilseoidh na comharchumainn na pleananna curadóireachta go pras ar shuíomh gréasáin atá inrochtana don phobal, ionas go mbeidh gach feirm in ann a pleananna curadóireachta a choigeartú chun rótháirgeadh a sheachaint a mbeadh cur amú bia mar thoradh air.

Is dócha go gcuirfidh an comhaontú seo srian ar iomaíocht. Tá an fhaisnéis a mhalartaítear íogair, toisc go mbaineann sí le pleananna amach anseo atá mionsonraithe agus neamh-chomhiomlánaithe, ag ligean do gach comharchumainn fios a bheith acu cad atá á bheirtú ag a gcuid iomaitheoirí a tháirgeadh an chéad séasúr eile agus a aschur a laghdú dá réir sin.

Sampla 3: Sa sampla seo, seachas pleananna curadóireachta a mhalartú, chun cur amú bia a laghdú trína áiritiú go bhfuil an soláthar agus an t-éileamh níos cothroime, malartaíonn na comharchumainn faisnéis maidir lena seachadtaí seachtainiúla chuig custaiméirí sonracha.

Is dócha go gcuirfidh an malartú sin srian ar iomaíocht freisin. Is íogair an fhaisnéis lena mbaineann, lena n-áirítear méideanna díolachán agus céannachtaí custaiméara, agus tá na sonraí reatha. Dá ndéanfaí na sonraí sin a mhalartú, b'fhusa do na comharchumainn teacht ar thuiscint intuigthe nár cheart dóibh dul san iomaíocht go láidir do chustaiméirí áirithe.

- (14) Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin anailís ar chomhaontuithe inbhuanaitheachta faoi Airteagal 101 CFAE, lena n-áirítear comhaontuithe nach dtagann faoi raon feidhme Airteagal 210a, féach Roinn 9 de na Treoirínte Cothrománacha ⁽¹⁾.

6. Srian a bhaineann leis an mbealach a leagtar síos caighdeáin inbhuanaitheachta

- (15) I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé gur dócha go gcuirfeadh an bealach a mbunaítear an caighdeán inbhuanaitheachta srian ar an iomaíocht. Go háirithe, d'fhéadfadh ábhair inní teacht chun cinn i gcás ina dtugann rannpháirtíocht i gcaighdeán inbhuanaitheachta buntáiste iomaíoch do rannpháirtithe níos mó ná neamh-rannpháirtithe, nó i gcás inar féidir leis an mbealach ina socraítear an caighdeán buntáistí a thabhairt do rannpháirtithe áirithe i gcomparáid le rannpháirtithe eile. Ach caighdeán inbhuanaitheachta a ghlacadh cuirtear cosc mar is gá ar ghnóthais caighdeáin inbhuanaitheachta eile a ghlacadh, ar féidir leo a bheith ina n-údar le hábhar inní freisin.

Sampla 1: Chun frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach a chomhrac, déanann cuideachtaí síl agus comhlachas a dhéanann ionadaíocht ar tháirgeoirí scuaise caighdeán a fhorbairt go comhpháirteach chun dul i ngleic le coinleach phúdrach a laghdaíonn an gá le táirgí frithmhiocróbacha a úsáid le linn saothraithe. Tá sé de cheart ag feirmeoirí a úsáideann an caighdeán marc cáilíochta áirithe a úsáid, agus déanann an comhlachas a dhéanann ionadaíocht ar tháirgeoirí scuaise infheistíocht chun feacht a mhúscailt i measc tomhaltóirí maidir le frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach. Cuimsíonn an caighdeán cleachtais talmhaíochta éagsúla agus éilíonn sé úsáid a bhaint as cineálacha scuaise a bhfuil sé léirithe ina leith go ndéanann siad leibhéal áirithe frithsheasmhachta in aghaidh coinleach phúdrach a chomhlíonadh. Tá gach táirgeoir scuaise agus cuideachta síl in ann a bheith ina gcomhaltaí den chomhlachas chomh maith le taighdeoirí sa réimse. Tá cead ag gach comhalta páirt a ghlacadh i bhforbairt an chaighdeáin. Déantar cruinnithe de choiste caighdeán an chomhlachais a bheoshruthú, agus foilsítear gach doiciméad ullmhúcháin ábhartha ar shuíomh gréasáin an chomhlachais. Caitheann comhaltaí uile an chomhlachais vóta ar ghlacadh an chaighdeáin, le vóta amháin ag gach comhalta. Is ar bhonn deonach a ghlactar páirt sa chaighdeán agus sa scéim marcála cáilíochta.

⁽¹⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún – Treoirínte maidir le hinfeidhmeacht Airteagal 101 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le comhaontuithe cothrománacha comhair IO C 259, 21.7.2023, lch. 1–125.

Ní dócha go gcuirfidh an caighdeán sin srian ar iomaíocht. Is féidir le gach comhalta den chomhlachas a bheith rannpháirteach i socrú an chaighdeáin, agus glactar le caighdeáin ar bhealach oscailte trédhearcach. Tá sé de shaoirse ag comhaltaí an chomhlachais a roghnú cé acu a ghlacfar nó nach nglacfar leis an gcaighdeán.

Sampla 2: Sa chás seo, tá na fíorais mar an gcéanna leis na fíorais sin i Sampla 1, ach amháin go n-éilíonn an caighdeán cineálacha hibrideacha dílseánaigh áirithe a úsáid, cé go dtugann cineálacha eile frithsheasmhacht den chineál céanna in aghaidh coinleach phúdrach.

Is dócha go gcuirfidh an ceanglas sonrath sin srian ar iomaíocht. Cé gur ar bhonn deonach atá rannpháirtíocht sa chaighdeán, tá an feachtas múscailte feasachta ann chun táirgeoirí scuaise a bhoghadh i dtreo comhréireacht leis an gcaighdeán. Is dócha go ndéanfaidh sé sin difear d'iomaíocht idir táirgeoirí scuaise agus cuideachtaí síl freisin ós rud é go bhfuil an caighdeán i bhfabhar cineálacha áirithe scuaise thar chineálacha eile. Thairis sin, trí shaoirse táirgeoirí scuaise a shrianadh maidir le cineálacha eile a roghnú, d'fhéadfadh an caighdeán cosc a chur ar tháirgeoirí scuaise cineálacha ní b'éifeachtaí a úsáid a laghdóidh an gá le cóireálacha frithmhhiocróbacha de mhéid níos mó fós.

Sampla 3: Sa chás sin, tá rialacha agus nósanna imeachta éagsúla ag an gcomhlachas i Sampla 1. Anseo, ní hamháin gur féidir le gach táirgeoir scuaise a bheith ina gcomhaltaí ach is féidir le forbróirí síolta a bheith páirteach freisin. Cinntear táillí bliantúla ar bhonn láimhdeachas bliantúil gach comhalta agus déantar cearta vótála a chinneadh i gcomhréir le táillí bliantúla an chomhalta. Mar thoradh air sin, rialaíonn líon beag cuideachtaí móra síl vótaí leordhóthanacha chun an caighdeán a ghlacadh neamhspleách ar vótaí na dtáirgeoirí scuaise.

Is dócha go gcuirfear srian ar iomaíocht le cinneadh cearta vótála. Thabharfadh an próiseas socraithe caighdeáin dreasacht do na cuideachtaí móra síl tús áite a thabhairt dá gcineálacha féin i gcomparáid le cineálacha táirgeoirí síl eile.

Sampla 4: Sa chás sin, is ionann na fíorais agus atá i Sampla 1, ach amháin go nglacann an comhlachas a dhéanann ionadaíocht ar tháirgeoirí scuaise cinneadh lena gceanglaítear ar gach comhalta an caighdeán a ghlacadh. Tá táirgeoirí scuaise nach mian leo an caighdeán a ghlacadh saor chun an comhlachas a fhágáil, ach dá ndéanfaí amhlaidh chaillí rochtain ar mhargaíocht luachmhar agus ar thacaíocht theicniúil.

Is dócha go gcuirfear srian ar iomaíocht leis an gcinneadh sin. Cé gur féidir le táirgeoirí scuaise cinneadh a dhéanamh gan an caighdeán a ghlacadh, más rud é go gcaithfidh siad an comhlachas a fhágáil chun é sin a dhéanamh, is dócha go nglacfaidh roinnt mhaith táirgeoirí scuaise leis an gcaighdeán agus go gcuirfear srian leis an iomaíocht ar cháilíocht agus ar phraghas mar iarmhairt air sin.